# Bus Átha Cliath
# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2023








*Iompar Inbhuanaithe do Chách*


TFI
TRANSPORT
FOR
IRELAND
TFI
TRANSPORT
FOR
IRELAND
TFI
PA 228

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| An Cuspóir atá Againn | 2 |
| Ráiteas ón gCathaoirleach | 4 |
| Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach | 7 |
| Cultúr Sábháilteachta | 9 |
| Cúrsaí Comhshaoil | 11 |
| Seirbhísí Bus ar Ardchaighdeán a Sholáthar do Mhuintir Bhaile Átha Cliath | 14 |
| An Conradh Dírdhámhachtana | 16 |
| Ár bPobal Féin | 17 |
| Ár Bhfeidhmíocht | 18 |
| Ár nDaoine | 20 |
| Beathaisnéisí na Foirne Ardcheannaireachta | 23 |
| Beathaisnéisí na Stiúrthóirí | 27 |
| Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile | 30 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 31 |
| Ráiteas um Rialú Inmheánach | 45 |
| Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 48 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleách | 49 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 52 |
| Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach Iomlán | 53 |
| Clár Comhardaithe | 54 |
| Ráiteas um Athruithe ar an gCothromas | 55 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 56 |
| Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 57 |

# An Cuspóir atá Againn

## Cad a Dhéanaimid

Is é Bus Átha Cliath an soláthraí seirbhísí iompair phoiblí is mó in Éirinn. Le cúig bliana anuas tá os cionn 549 milliún aistear curtha ar fáil againn do chustaiméirí ar fud ghréasán busanna Bhaile Átha Cliath. Tá flít againn ina bhfuil níos mó ná 1,000 bus a ritheann ar 116 bealach, lena n-áirítear deich mbealach a ritheann de lá agus d'oíche, agus 13 sheirbhís Nitelink. Bhí 3,940 duine fostaithe againn ar an meán in 2023, agus ba thiománaithe bus iad 2,920 duine díobh sin. Tagann ár bhfostaithe as 85 tír éagsúil. Is muidne an soláthraí seirbhísí iompair phoiblí is mó in Éirinn, agus is é an aidhm atá againn seirbhísí iompair phoiblí ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun freastal ar na riachtanais a bhíonn ag custaiméirí, tacú le fás geilleagrach na cathrach agus freastal ar ár gcuid mianta sóisialta agus comhshaoil, mianta a oireann do phríomhchathair Eorpach a bhfuil borradh fúithi.

## Ár bhForbairt féin don Lá Amárach

In 2023, seoladh ár straitéis nua 'Evolving for Tomorrow' [Ár bhForbairt féin don Lá Amárach]. Le straitéis na tréimhse 2024-2027, tá sé beartaithe dlús a chur leis an aistear athraithe a bhfuilimid air. Leagtar amach inti ár gcuspóir agus ár n-uaillmhian don todhchaí chomh maith leis na príomhthosaíochtaí don tréimhse 2023-2026, ionas go leanfaimid orainn ag freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus ag sárú a n-ionchas, anois agus amach anseo. Forbraíodh í lena chinntiú go bhfuil treo soiléir leagtha amach dúinn agus go bhfágfaidh ár ngníomhartha agus ár gcinntí go mbeidh ar ár gcumas ár n-uaillmhian a bhaint amach agus ár gcuspóir a chomhlíonadh.

## An Treo Straitéiseach atá againn

Is é an cuspóir atá againn seirbhís bus ar ardchaighdeán a sholáthar, a nascann daoine agus áiteanna, a fhágann gur áit níos fearr í ár gcathair le bheith ag obair agus ag cónaí inti, agus le sult a bhaint aisti. Gach lá, cuireann Bus Átha Cliath seirbhís iompair atá sábháilte, glan, iontaofa ar fáil, agus muinín ár gcustaiméirí seasta á cothú againn.

Is é an bus rogha na ndaoine ó thaobh córa iompair de, a chuidíonn le baint amach spriocanna aeráide na cathrach agus a thacaíonn léi i ndáil le fás sóisialta agus fás geilleagrach. Is eagraíocht éifeachtach, costas-éifeachtach é Bus Átha Cliath, agus cuireann sé seirbhís inbhuanaithe, bhisiúil ar fáil. Bíonn an gnólacht seasta á fhorbairt agus tá ag éirí go geal leis. Meallann ár gcultúr daoine a bhfuil fonn orthu dul i bhfeidhm ar an saol, agus tacaíonn sé leo.

## Ár gCuid Luachanna


Cabhraíonn ár luachanna le bonn eolais a chur faoinár ngníomhaíochtaí agus faoinár gcinntí. Is iad bunchloch ár ngnó iad agus stiúrann siad sa treo ceart muid.

Táimid díograiseach; tugaimid faoin obair gach lá, agus muid ag cur brú orainn féin a bheith níos fearr agus obair níos fearr a dhéanamh. Táimid uaillmhianach; glacaimid cur chuige nuálach chun fanacht chun tosaigh agus seirbhís inbhuanaithe den scoth a chur ar fáil, chun cuidiú lenár ndaoine agus ár gcathair dul chun cinn a dhéanamh.

Táimid dúthrachtach; tugaimid aire dá chéile agus do na custaiméirí a bhíonn ag brath orainne chun a gceann scríbe a bhaint amach in am ar gach aistear. Táimid diongbháilte faoi sheirbhís chuimsitheach iontaofa a sholáthar agus ionadaíocht a dhéanamh do na daoine agus na pobail ar a bhfreastalaímid.

Táimid freagrach; tugaimid tús áite do shábháilteacht agus folláine gach duine, laistigh agus lasmuigh dár n-eagraíocht. Glacaimid freagracht phearsanta agus is mór againn aiseolas – bímid seasta ag feabhsú trí éisteacht leis na daoine thart timpeall orainn agus foghlaim uathu.

Bímid ag obair as lámha a chéile; i mBus Átha Cliath, is mór againn gach iarracht agus an méid a dhéanann gach duine. Tá muinín againn as a chéile agus bímid ag obair le chéile ar bhealach ionraic, measúil chun an sprioc a bhaint amach. Tacaíonn ár gcultúr le daoine ionas gur féidir leo a ndícheall a dhéanamh agus barr a gcumais a bhaint amach.



# Ráiteas ón gCathaoirleach

**Agus muid ag breathnú chun cinn, aithnímid an méid a rinneadh i mbliana ach aithnímid freisin gur gá cur lenár n-iarrachtaí má táimid chun fás marthanach a bhaint amach sna blianta amach romhainn...**

## A bheith dílis dúinn féin agus muid ár gcur féin in oiriúint don saol atá romhainn

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Bhus Átha Cliath don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 a chur i láthair agus tuairisc a thabhairt ar bhliain inar leanamar leis an dul chun cinn. I ról an Chathaoirligh, táim bródúil as bheith i gceannas ar bhord an tsoláthraí iompair phoiblí is mó in Éirinn.

Ba bhliain í 2023 inar tháinig feabhas leanúnach ar Bhus Átha Cliath. Rinneadh breis agus 146 milliún aistear custaiméara, arb ionann é agus méadú 20% i gcomparáid leis na figiúirí i leith 2022. Mar gheall air sin, mar aon leis an laghdú 20% ar tháillí iompair phoiblí, tháinig méadú ar an éileamh ar ár seirbhísí.

Léiríonn an borradh atá ar éileamh ó chustaiméirí an ról ríthábhachtach atá againn in éascú an iompair phoiblí. In ainneoin go raibh dúshláin oibriúcháin romhainn – brú tráchta, srianta acmhainneachta agus feidhmíocht seirbhíse – bhíomar fós meáite ar aistir shábháilte, iontaofa, éifeachtúla a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fud na cathrach agus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Dúshlán mór oibríochtúil a bhí sa phlódú tráchta fós in 2023, agus bhí drochthionchar aige ar iontaofacht ár seirbhísí. Is é Baile Átha Cliath an dara cathair is plódaithe ar domhan, agus ní mór dúinn brú ar aghaidh go práinneach lenár n-iarrachtaí féachaint chuige nach mbeidh na carranna chomh mór i réim sa chathair. Thug an phaindéim léargas dúinn ar na deiseanna atá le tapú sa chathair. Tráth a raibh níos lú carranna ar an mbóthar, bhí na seirbhísí bus níos éifeachtúla, níos poncúla, níos minice agus níos iontaofa. Ní mór dúinn a shamhlú go cúramach an chathair atá uainn amach anseo: cathair ina bhfuil tranglam tráchta a chuireann isteach ar ghluaiseacht na ndaoine nó cathair ina dtugtar tús áite do sheirbhísí inbhuanaithe iompair phoiblí, rud a chuireann le cáilíocht an aeir agus a laghdaíonn an truailliú torainn dár saoránaigh.

I mbliana, thugamar cúnamh don Údarás Náisiúnta Iompair le feidhmiú a céime is déanaí de chlár BusConnects chun an Gréasán a Athdhearadh, Céim 5, faoinar cuireadh trí bhealach breise lenár gcuid seirbhísí. Tacaíonn Bus Átha Cliath go láidir le cur i bhfeidhm iomlán na hinfheistíochta €3 billiún sin sa chóras iompair phoiblí agus leis an ngealltanas go mbeidh bonneagar ardchaighdeáin ann chun tacú lenár seirbhísí bus.

## Ár gCustaiméirí

Léiríodh arís eile i rith na bliana seo atá imithe tharainn gur gnólacht atá i riocht maith agus a bhfuil teacht aniar ann is ea Bus Átha Cliath, agus go bhfuil fís shoiléir agus cuspóir soiléir aige. Tá ár gcustaiméirí i gcroílár an chuspóra sin agus i gcroílár gach a ndéanaimid, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh go léir as an rogha a dhéanamh taisteal linne le bliain anuas. In 2023, rinneamar an líon is mó aistear custaiméara le blianta beaga anuas. Agus mise i mo Chathaoirleach, is mór an t-ábhar misnigh agam é go bhfuil méadú ag teacht ar líon na gcustaiméirí nua a úsáideann ár seirbhísí.

Is iontach an rud é a cheapadh, in ainneoin na ndeacrachtaí a bhí ann le blianta beaga anuas – an Ghéarchéim Airgeadais Dhomhanda, COVID-19 agus an cogadh san Úcráin – gur mó an méid daoine a bhíonn ag taisteal le Bus Átha



Cliath anois ná mar a bhí amhlaidh riamh cheana. Ní as féin a tharla sé sin. Is eol dom an obair mhór atá déanta ag gach duine san eagraíocht ionas go mbeadh Bus Átha Cliath ina chéad rogha ó thaobh iompar poiblí de ag ár gcustaiméirí agus ár gcomhpháirtithe.

## Léiríonn ár bhflít feithiclí leictreacha an t-athrú atá ag teacht ar Bhus Átha Cliath

Is é an t-athrú aeráide fadhb ollmhór ár linne. Ní hé go bhfuil an bord soineanta: tá a fhios againn nach féidir le cuideachtaí cosúil le Bus Átha Cliath stop a chur leis an athrú aeráide leo féin. Ach is í an earnáil iompair an dara foinse is mó astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn, mar sin níl sé de cheart againn gan gníomh a dhéanamh. Má éiríonn linn aghaidh a thabhairt caol díreach ar an dúshlán sin – agus creidim go n-éireoidh – beidh cur chuige nua ag teastáil, bealaí nua chun rudaí a dhéanamh agus fonn athraithe.

Ag croílár an athraithe sin tá an t-aistriú chuig feithiclí atá saor ó astaíochtaí. I mí na Samhna tháinig an chéad cheann de na busanna leictreacha sin chuig sráideanna Bhaile Átha Cliath agus faoi dheireadh 2023 bhí 22 bus leictreach ar an mbóthar againn. Is dócha go bhfuil leictriú fhlít Bhus Átha Cliath ar cheann de na cláir is suntasaí ar thug an chuideachta fúthu riamh. Is tionscadal casta é, agus baineann deacrachtaí leis, ach is é an rud ceart é le déanamh ar son na cuideachta agus na cathrach. Ní bheidh na glúnta atá le teacht ag breathnú siar agus ag fiafraí cén fáth a rabhamar chomh gasta lenár ngníomhaíochtaí. A mhalairt atá fíor: fiafróidh siad dínn cén fáth, i bhfianaise a bhfuil ar eolas againn, nach ndearnamar níos mó, níos túisce.

## Míle buíochas lenár bpríomhpháirtithe agus lenár bpáirtithe leasmhara

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an bhoird as a dtacaíocht agus a saineolas le bliain anuas. Tá an Bord agus mé féin ag tabhairt faoinár gcuid oibre go dúthrachtach chun barr cumais an ghnólachta a bhaint amach agus teacht ar thuiscint ar an ról mór atá againn sa mhórstraitéis spreagúil i leith an iompair phoiblí.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt do Ghrúpa CIÉ, agus buíochas ar leith a ghabháil leis an gCathaoirleach, Fiona Ross, le comhaltaí an bhoird, le comhaltaí na foirne ceannaireachta agus leis na fostaithe as a dtacaíocht leanúnach in 2023.

Thar ceann an bhoird, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don chomhpháirtíocht dhearfach eadrainn féin agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair, agus muid ag obair ar mhaithe leis na cuspóirí atá againn araon i dtaobh cur le húsáid na seirbhísí iompair phoiblí agus iad a fheabhsú. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, Eamon Ryan, TD, agus le hoifigigh a Roinne as ucht na tacaíochta a thug siad dúinn le linn 2023.

## Is iad ár ndaoine an tsócmhainn is mó atá againn

Ba mhaith leis an mbord agus liomsa an deis seo a thapú chun ár mbuíochas ó chroí a ghabháil lenár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Billy Hann. Ba mhór an pléisiúr é a bheith ag obair in éineacht leat i rith na bliana seo caite agus táimid buíoch as do ghairmiúlacht agus an obair gan staonadh a rinne tú maidir le seirbhís den scoth a sholáthar dár gcustaiméirí. Táim ag tnúth le bheith ag obair leat agus le leanúint lenár n-iarrachtaí chun Bus Átha Cliath a bheith ina sholáthraí iompair phoiblí níos fearr agus níos inbhuanaithe.

Le linn mo chéad bhliana mar Chathaoirleach, bhí áthas orm an deis a bheith agam bualadh le comhghleacaithe ar fud na láithreacha go léir. Is iad tréitheachas agus seasmhacht na bhfostaithe an rud is mó a chuidíonn le cuideachtaí poiblí cosúil le Bus Átha Cliath. Ba mhaith leis an mbord agus liomsa ár mbuíochas a ghabháil leo as an tacaíocht a thug siad dúinn, agus as an dúthracht agus an díograis a léirigh siad. Is iad bhur gcuid oibre agus bhur ndíograis a spreagann ár bhfeidhmíocht, agus aithnímid bhur ndiongbháilteacht agus bhur ndúthracht, an saineolas atá agaibh agus an teacht aniar atá ionaibh. Go raibh maith agaibh go léir.

Is soláthraí iompair phoiblí leathstáit faoi stiúir daoine é Bus Átha Cliath, atá tiomanta do sheirbhísí bus ardchaighdeáin a sholáthar do mhuintir Bhaile Átha Cliath. Agus muid ag breathnú siar ar 2023 agus ag machnamh ar an obair mhór a rinneadh, is cinnte gur fíor fós é gurb iad ár ndaoine an tsócmhainn is luachmhaire atá againn. Is é cur chuige na cuideachta é infheistíocht a dhéanamh i ndaoine tréitheacha agus fáilte a chur roimh dhaoine nua chuig foireann Bhus Átha Cliath; léiríodh inár dTuarascáil ar an mBearna Phá idir Fir agus Mná 2023 go raibh bearna phá 4.1% ann i bhfabhar na mban, rud a léirigh an dul chun cinn mór a rinneadh i dtionscadal ina mbíodh fir i réim. Tá méadú 93% tagtha ar líon na mban atá ina dtiománaithe bus linn ó 2019 agus táimid meáite ar an bhfigiúr sin a fheabhsú arís in 2024. Ina leith sin, Bronnadh an Gradam Airgid d'Infheisteoirí san Éagsúlacht orainn in 2023, céim shuntasach san iarracht cur arís eile le tábhacht an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe i mBus Átha Cliath.

Baineadh garsprioc mhór amach i mbliana a bhuí le ceann de na feachtais earcaíochta is fairsinge agus is éifeachtaí a bhí againn riamh, nuair a d'fhostaíomar an 3,000 tiománaí bus dár gcuid. Ba é sin an feachtas earcaíochta ba mhó riamh de chuid na heagraíochta, agus ba chéim riachtanach é chun aghaidh a thabhairt ar an méadú ar éileamh na gcustaiméirí ar sheirbhísí bus.

Is mór agam féin agus ag an mBord an obair a rinneadh i mbliana ach aithnímid go gcaithfimid dlús a chur lenár n-iarrachtaí agus bliain úr romhainn. Cé go bhfuil ár spriocanna reatha beagnach bainte amach againn, beidh orainn tuilleadh tiománaithe bus agus ceardaithe a earcú i gcomhair céimeanna amach anseo de chlár BusConnects chun an Gréasán a Athdhearadh. I mbliana, díríodh ár n-iarrachtaí earcaíochta go háirithe ar an nganntanas mór meicneoirí agus ceardaithe. Is dúshlán é sin ar fud an tionscail, agus tá sé ag dul i bhfeidhm ar na hoibreoirí iompair go léir. Déanfaimid gach iarracht dul i ngleic leis an bhfadhb sin, toisc go bhféadfadh sí an-tionchar a imirt ar ár n-eagraíocht agus ar sholáthar éifeachtach seirbhísí bus dár gcustaiméirí.

## Spléachadh chun cinn

Agus muid ag breathnú chun cinn, aithnímid an méid a rinneadh i mbliana ach aithnímid freisin gur gá cur lenár n-iarrachtaí má táimid chun fás marthanach a bhaint amach sna blianta amach romhainn. Aithníonn bord Bhus Átha Cliath an dul chun cinn mór atá déanta maidir lenár seirbhísí a fheabhsú agus a leathnú le linn 2023 agus muid ar an mbóthar chun an córas iompair phoiblí a athrú ó bhonn agus an bealach a réiteach i gcomhair saol níos glaise agus níos glaine do na glúnta atá le teacht.

Leanfaidh Bus Átha Cliath lenár n-iarrachtaí leanúnacha ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, lena n-áirítear cur leis an bhflít busanna leictreacha, céimeanna breise de chlár BusConnects a chur i bhfeidhm agus feabhas a chur ar fheidhmíocht na seirbhíse – is ar sármhaitheas oibríochta fós a bhunófar gach cinneadh agus gníomh a dhéanaimid – ar mhaithe lenár gcustaiméirí. Agus é á spreagadh ag an éiteas 'A bheith dílis dúinn féin agus muid ár gcur féin in oiriúint don saol atá romhainn', aithníonn Bus Átha Cliath an gá atá ann é féin a fhorbairt, ag féachaint i gcónaí do riachtanais na gcustaiméirí i ngach rud a dhéanaimid.



**Gary Owens**
*Cathaoirleach*

# Athbhreithniú Ón bPríomhfheidhmeannach



**Le breis agus 37 bliain, agus iad ag freastal ar mhuintir agus ar phobail Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, rud is cúis bhróid acu, is iad ár ndaoine i mBus Átha Cliath an tsócmhainn is mó atá againn...**

## Le bliain anuas, ba chathair ag gluaiseacht í Baile Átha Cliath

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2023 a chur i láthair. Bhí fuadar faoi Bhaile Átha Cliath anuraidh, agus bhí ról ríthábhachtach ag Bus Átha Cliath ina leith sin. Agus mé ag machnamh ar mo chéad bhliain iomlán féilire mar Phríomhfheidhmeannach, tá áthas orm an deis a bheith agam labhairt libh faoin dul chun cinn atá déanta againn agus faoin bhfís atá againn go fóill don bhóthar amach romhainn.

Is eagraíocht muid atá dírithe ar an gcustaiméir agus creidimid go bhfuil tábhacht le gach aistear, agus muid ag cloí leis na caighdeáin is airde. Táimid fós meáite ar sheirbhísí bus atá sábháilte, iontaofa agus éifeachtach a sholáthar, agus is cúis bhróid againn é freastal ar riachtanais an phobail, riachtanais atá ag teacht chun cinn.

Tá fís bunaithe againn lenár straitéis chorparáideach 'Evolving for Tomorrow', agus gach lá bímid faoi threoir ag ár gcuspóir seirbhís ardchaighdeáin bus a sholáthar, a nascann daoine agus áiteanna, ionas gur fearr an áit chónaithe agus oibre a bheidh inár gcathair agus gur mó an sult a bhainfidh daoine aisti.

## 2023 – Líon níos mó Paisinéirí ná Riamh

I mbliain ina raibh borradh leanúnach faoin éileamh ar sheirbhísí iompar poiblí, rinne Bus Átha Cliath breis is 146 milliún aistear custaiméara, an líon is airde le breis is deich mbliana anuas. Léiríonn an t-éacht iontach sin an seasamh atá againn mar an soláthraí iompair phoiblí is mó in Éirinn.

Is eol dúinn go mbíonn muinín ag ár gcustaiméirí ionainn ar gach aistear, agus iad ag brath ar ár seirbhísí chun dul chuig a gceann scríbe in am, i gcónaí, agus is mór againn an meon sin. De réir mar a tháinig an droch-cháil ar Bhaile Átha Cliath gurb é an dara cathair is plódaithe ar domhan é, bhí dúshláin romhainn uaireanta maidir le seirbhís iontaofa, phoncúil a sholáthar. Bhí an brú tráchta agus an chaoi nach bhféadfaí brath ar thrácht ina gconstaicí nach bhfacthas a leithéid riamh cheana. Mar sin féin, d'fhreagair muid le raon beart agus d'éilíomar pleananna uaillmhianacha chun líon na gcarranna príobháideacha i mBaile Átha Cliath a laghdú agus níos mó áite a bheith ar na bóithre do na seirbhísí iompair phoiblí.

Tá uaillmhian de dhíth i leith Bhaile Átha Cliath – aistriú ó chathair na soilse coscáin go dtí cathair na mbusanna, na rothar agus na gcabhsaí. Agus ceannairí sa chathair ag leanúint ar aghaidh ag pleanáil i gcomhair tírdhreach uirbeach atá níos inbhuanaithe, níos nasctha agus níos dírithe ar dhaoine, táimid réidh lenár bpáirt a ghlacadh, agus muid á chinntiú go gcuidíonn gach aistear le Bus Átha Cliath chun an chathair a bheith ina háit chónaithe ó oireann níos fearr dúinn go léir.

## Inbhuanaitheacht

In 2023, thug Bus Átha Cliath faoi aistear spreagúil nua trí shaoráid luchtaithe feithiclí leictreacha a choimisiúnú inár nIosta i gCnoc an tSamhraidh agus trí na chéad 22 bus leictreach a chur ar an mbóthar ar bhealaí ar fud na cathrach. Ní hé amháin gur athrú ar an bhflít atá i gceist leis an ngarsprioc sin, ach athrú ar an gcaoi a mbíonn Baile Átha Cliath ag gluaiseacht. Aithnímid go bhfuil bearta ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, agus ag teacht lenár straitéis inbhuanaitheachta,

Highlights
Chairperson's Statement
**Review**
Financial Statements

is cúis bhróid ag Bus Átha Cliath é a bheith ag cur athrú faoi deara san ardchathair, agus é amuigh chun tosaigh le tionscadail nuálacha cosúil leis an leictriú. Is iad na luchtairí agus na busanna leictreacha sin an chéad chéim i dtionscadal uaillmhianach, úrnua chun ár n-iostaí agus flít busanna na cathrach a leictriú.

Aithnímid an fhreagracht atá orainn gníomhú. Agus ár ndícheall á dhéanamh againn dul i dtreo na sprice uaillmhianaí fadtéarmaí maidir le bheith saor ó astaíochtaí ón sceithphíopa, tá roinnt tionscnaimh bhithéagsúlachta á gcur i bhfeidhm againn freisin, lena n-áirítear coirceoga agus córais bailithe uisce báistí ag roinnt dár n-iostaí. Creidimid inár bpobail a dhéanamh níos inbhuanaithe agus é a chur ar a gcumas dár gcustaiméirí a gcion féin a dhéanamh ar son an chomhshaoil. Le gach aistear a dhéantar ar Bhus Átha Cliath, táimid ag cur le saol níos glaine, níos glaise agus níos ciúine do Bhaile Átha Cliath.

## Sábháilteacht

Ní mór tús áite a bheith i gcónaí ag sábháilteacht mhuintir na cathrach agus na gcuairteoirí uirthi, ach ba ríléir an gá atá le gníomhaíocht chomhchoiteann ina leith sin i mí na Samhna nuair a tharla 'círéibe' i mBaile Átha Cliath. B'éigean dúinn ár gcuid seirbhísí a chur ar ceal de bharr na corraíola sibhialta sin, cinneadh nár glacadh go fánach riamh. Is í an tosaíocht is mó atá againn i gcónaí, áfach, ná ár bhfostaithe agus ár gcustaiméirí a choinneáil slán sábháilte.

Agus tuilleadh custaiméirí á mealladh ag Bus Átha Cliath, táimid ag díriú ar a chinntiú go mothaíonn siad go léir go bhfuil siad sábháilte agus go bhfuil fáilte rompu agus iad ag taisteal linn. I bhfianaise an mhéid a tharla le déanaí, threisíomar ár n-iarrachtaí chun bearta sábháilteachta a fheabhsú agus comhpháirtíochtaí a neartú leis an nGarda Síochána agus na páirtithe leasmhara go léir, agus thacaíomar le roinnt tionscnamh chun dul i ngleic le hiompar frithshóisialta agus chun an cuspóir sin a bhaint amach.

Táimid meáite ar thimpeallacht shábháilte fháilteach a bheith ann dár bhfostaithe go léir agus dóibh siúd a thaistealaíonn linn, agus táimid ag tacú le gach iarracht cathair a chothú inar féidir le gach duine a bheith slán sábháilte ag obair agus ag cónaí, agus sult a bhaint as an saol.

## Ár nDaoine

Le breis agus 37 bliain, agus iad ag freastal ar mhuintir agus ar phobail Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, rud is cúis bhróid acu, is iad ár ndaoine i mBus Átha Cliath an tsócmhainn is mó atá againn. Tá ról ríthábhachtach ag ár bhfoireann, ina bhfuil 3,940 duine as 85 tír anois, i dtaobh ár gcathair a choinneáil ag gluaiseacht.

De réir mar a cuireadh lenár ngréasán le céimeanna nua den chlár BusConnects, mhéadaigh an fhoireann leis. In 2023, rinneamar garsprioc mhór a cheiliúradh nuair a chuireamar fáilte roimh ár 3,000 tiománaí. Ní hé amháin gur léiriú é sin ar an bhfás atá tagtha orainn ach is teist é ar an gcultúr den scoth atá i réim san eagraíocht.

De réir mar a leanaimid ar aghaidh ag cur lenár bhfórsa saothair éagsúil, cuimsitheach, táimid bródúil as an mbearna phá dhiúltach atá againn i bhfabhar na mban, ach is eol dúinn go bhfuil easpa ban fós inár ngráid oibríochtúla agus theicniúla. Táimid tiomanta do dhíriú ar ionadaíocht níos mó ban ar fud na heagraíochta in 2024.

Cúis mhór bhróid againn is ea go bhfuil ár bhfórsa saothair faoi bhláth, agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine dár bhfoireann. Is de bharr na dianoibre a dhéanann siad agus a ndíograis a gcoinnítear ár gcuid seirbhísí ar an mbóthar 24 uair sa lá, 364 lá den bhliain, agus muid ar an aistear chuig saol maith romhainn. Ag obair as lámha a chéile dúinn, a bhuí leis an méid a dhéanann gach duine agaibh, táimid ag dul i bhfeidhm ar aistear na cathrach.

## Spléachadh Chun Cinn

De réir mar a tháinig fás agus athrú ar Bhaile Átha Cliath, sheas Bus Átha Cliath amach chun tosaigh, ag déanamh a bhealaigh go stuama i gcúinsí athraitheacha. Táimid ag forbairt don lá amárach, á stiúradh ag cuspóir soiléir, agus táim lánchinnte de go bhfuil gealladh faoin aistear. D'fhéadfadh dúshláin a bheith romhainn, ach tá muinín agam as cumas ár bhfoirne na dúshláin sin a shárú agus na deiseanna a thapú mar a rinneamar i gcónaí, ag tógáil ar an rath atá faoi Bhus Átha Cliath le fada an lá.

Ag féachaint chun cinn dom, samhlaím todhchaí ina mbeidh níos mó i gceist le Bus Átha Cliath ná an chóir iompair is fearr le daoine. Tá súil agam gur féidir linn a bheith inár gcatalaíoch don dul chun cinn ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, ag freastal ar éilimh na cathrach agus í ag forbairt go tapa agus muid ag cloí lenár dtiomantas do sheirbhísí bus ardchaighdeáin a sholáthar do na daoine agus na pobail ar cúis bhróid againn é a bheith ag freastal orthu sna blianta atá romhainn.



**Billy Hann**
*bPríomhfheidhmeannach*




# Cultúr Sábháilteachta

Tá Bus Átha Cliath lántiomanta do sheirbhís iompair atá sábháilte, glan, iontaofa, nasctha a sholáthar agus muid ag cothú muiníne i measc ár gcustaiméirí. Chuige sin, ní mór dúinn forálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, a chomhlíonadh, chomh maith le gach rialachán náisiúnta eile agus gach rialachán de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá Córas Bainistíochta Sábháilteachta Bhus Átha Cliath deimhnithe i leith an chaighdeáin is déanaí – ISO 45001 – de chuid Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán agus is ar an gcaighdeán sin atá an bhainistíocht sábháilteachta bunaithe sa chuideachta.

Mar chuid de chlár bainistíochta comhlíonta na cuideachta, déantar iniúchtaí déine orainn ionas go gcinntíonn ár gcóras an tsábháilteacht is fearr d'fhostaithe agus do chustaiméirí araon. Rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) iniúchadh práinn i mí Aibreáin 2023 lena chinntiú go raibh na ceanglais go léir a leagtar amach sa chóras bainistíochta sábháilteachta i bhfeidhm agus go raibh siad ag obair go héifeachtach. Le hathoscailt na mórshochaí tar éis COVID-19, díríodh aird ar bhainistíocht sábháilteachta de bharr brú tráchta méadaithe agus de bharr éileamh níos mó ó na custaiméirí. Tá béim mhór fós á leagan ar an tsábháilteacht i ngach cleachtas oibre de chuid Bhus Átha Cliath. Leanadh le hoiliúint a chur ar thiománaithe nua in ionad oiliúna na cuideachta, atá deimhnithe ag Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus díríodh go háirithe in 2023 ar oiliúint fostaithe maidir le hoibriú agus cothabháil na bhfeithiclí nua leictreacha.

## Cultúr Sláinte agus Sábháilteachta i mBus Átha Cliath

Tá an tsábháilteacht ina croíluach ag Bus Átha Cliath le fada an lá, agus tá sé sin curtha i luí ar na fostaithe ar gach leibhéal agus i ngach rannóg ar fud na cuideachta. Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoin méid a rinneadh in 2023 chun an cultúr sábháilteachta a fheabhsú, féach ar an gcuid sa tuarascáil seo dar teideal 'Ár nDaoine' agus go háirithe an píosa faoi Fholláine na bhFostaithe.

## Cinnteoireacht ar bhonn sonraí i bpróisis sábháilteachta Bhus Átha Cliath

Bunaíodh tionscnamh sábháilteachta maidir le Cinnteoireacht ar bhonn Sonraí in 2022, agus is éard atá i gceist leis an bpróiseas trína mbaintear leas as sonraí chun bonn eolais a chur faoi phróisis chinnteoireachta agus chun beart a bhailíochtú sula gcuirtear i bhfeidhm é. Tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh chun leas níos fearr a bhaint as sonraí atá ann cheana féin agus foinsí nua sonraí a fhiosrú chun cabhrú lenár bpróiseas cinnteoireachta. Leanadh ar aghaidh leis na hiarrachtaí sin in 2023 chun cuidiú le bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht agus faoin bpleanáil maidir le bearta sábháilteachta agus slándála chun aghaidh a thabhairt ar aon treochtaí díobhálacha nó ar aon fhadhbanna a thagann chun cinn.

## Teicneolaíocht nua – feithiclí, bonneagar, agus eispéireas an chustaiméara

Agus muid ag aistriú i dtreo flít busanna lánleictreacha, rinne Bus Átha Cliath athbhreithniú ar athruithe maidir le sábháilteacht a tharla de bharr an aistrithe sin, ó thaobh na bhfeithiclí agus an bhonneagair araon.

Ina measc siúd, bhí siad seo a leanas:

- Cleachtais shábháilte innealtóireachta agus chothabhála chun na feithiclí leictreacha a chothabháil;
- Idirghníomhú sábháilte le bonneagar nua a theastaíonn i gcomhair na bhfeithiclí;
- Oibriú sábháilte agus oiliúint a chur ar thiománaithe i dtaobh; agus
- Feasacht ar theicneolaíochtaí nua do chustaiméirí ionas go rachaidh an t-aistriú chun tairbhe dóibh.

## Feidhmiú straitéis sláinte agus folláine Bhus Átha Cliath


In 2023, chuireamar fostaithe i gceartlár ár straitéise sláinte agus folláine. Le feidhmiú na straitéise sin, tá treoir shoiléir againn i leith beartais agus tionscnaimh san ionad oibre, lena mbunófar timpeallacht shábháilte, fholláin san ionad oibre faoi na colúin seo a leanas:

- Tús áite don tsábháilteacht
- Riachtanais shíceasóisialta
- Folláine choirp, folláine shóisialta agus folláine mhothúchánach
- Forás pearsanta
- Ceannaireacht

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, fostaíodh foireann sheachtrach altraí cáilithe chun scagthástáil sláinte a dhéanamh ag gach láthair de chuid Bhus Átha Cliath, agus iad ag féachaint ar innéacs corpmhaise (BMI), ar cholaistéaról agus ar bhrú fola. Roinneadh an fhaisnéis charnach a bailíodh uaidh sin leis na fostaithe agus cuireadh i bhfeidhm clár eile, Your Health Matters. Leis sin, bhí an deis againn cúig phríomhthopaic folláine a mheabhrú d'fhostaithe nó a chur ina láthair:


- Codladh
- Cothú
- Aclaíocht
- Bainistíocht ama
- Meabhairshláinte

Tá tionscnaimh bhreise á bhforbairt ar a mbonn sin le tabhairt ar aghaidh go dtí 2024.




# Cúrsaí Comhshaoil

## Ár Lorg





**An Flít Iomlán**
**L/100KM**

| | |
|---|---|
| 2019 | 45.41 |
| 2020 | 45.05 |
| 2021 | 41.32 |
| 2022 | 41.60 |
| 2023 | 42.81 |





**Astaíochtaí ón bhFlít amháin**
**Astaíochtaí $CO_2$ (Tona)**

| | |
|---|---|
| 2019 | 67,077 |
| 2020 | 60,138 |
| 2021 | 59,446 |
| 2022 | 64,727 |
| 2023 | 67,876 |




**Saoráidí Amháin**
**Leictreachas (KWh)**

| | |
|---|---|
| 2019 | 4,571,434 |
| 2020 | 4,420,875 |
| 2021 | 4,400,513 |
| 2022 | 4,324,228 |
| 2023 | 4,402,177 |




**Saoráidí Amháin**
**Gás (KWh)**

| | |
|---|---|
| 2019 | 10,785,221 |
| 2020 | 10,019,336 |
| 2021 | 9,162,729 |
| 2022 | 9,036,314 |
| 2023 | 7,848,184 |

Cuireann Bus Átha Cliath go mór leis an aistear i dtreo Éire níos inbhuanaithe trí aistriú córa iompair a éascú dár gcustaiméirí agus trína chinntiú go bhfuil gnéithe inbhuanaitheacht fite fuaite i ngach ceann dár n-oibríochtaí.

Tá ár Straitéis Inbhuanaitheachta agus ár gcórais bainistíochta fuinnimh agus comhshaoil, atá deimhnithe ag ISO, ina mbonn agus ina dtaca ag ár dtiomantas don inbhuanaitheacht a fheabhsú ar fud ár ngréasáin, ár n-iostaí agus ár n-oifigí tacaíochta. Cinntítear leo freisin go ndéanaimid an dul chun cinn a thomhas agus a thuairisciú ar bhealach trédhearcach, fiúntach. Chun ár lorg foriomlán a laghdú tuilleadh, tá cláir oibre ar leith á bhforbairt ag Bus Átha Cliath faoi láthair atá ag teacht le straitéis nua na cuideachta 'Evolving for Tomorrow'.

Ina theannta sin, tá Bus Átha Cliath ag obair faoi láthair i dtreo ár spriocanna gníomhaithe aeráide, feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh sna foirgnimh faoi 2030 agus neodracht ó thaobh fuinnimh de a bhaint amach faoi 2050. Tá staidéir curtha i gcrích ar ár bhfoirgnimh maidir le hiarfheistiú domhain a dhéanamh orthu agus pleanáil don todhchaí.


I measc cuid de na bearta tá insliú breise, gloiniú feabhsaithe agus uasghrádú ar chórais téimh le Córas Bainistíochta Foirgnimh agus córais téimh ceantair, nuair is féidir é. Beidh fuinneamh in-athnuaite ar an láthair agus spleáchas laghdaithe ar bhreoslaí iontaise ina gcumasóir bunriachtanach i leith an aistrithe sin freisin.

Díríodh go mór freisin le linn 2023 ar ghnéithe níos leithne a tugadh ar aird sa straitéis inbhuanaitheachta, amhail gnéithe bithéagsúlachta. Tá ról lárnach ag an mbithéagsúlacht sna próisis a thacaíonn leis an mbeatha ar domhan, agus na daoine san áireamh. Tá an iliomad bealaí ann a mbímid ag brath ar an mbithéagsúlacht, agus tá sé ríthábhachtach a bheith ag obair le chéile chun í a chaomhnú. Tá fonn orainne i mBus Átha Cliath cabhrú leis an mbithéagsúlacht agus tá roinnt tionscadail ghradamacha curtha i bhfeidhm againn chun cuidiú ár n-éiceachórais áitiúla a chosaint.

Áirítear leis an dul chun cinn a rinneadh in 2023 an méid seo a leanas:

- 182,000 carr bainte den bhóthar gach lá;
- Suiteáil bonneagair in dhá iosta chun tacú leis an bhflít nua feithiclí ceallra-leictreacha;
- Staidéir féidearthachta tugtha chun críche chun measúnú a dhéanamh ar na foirgnimh ionas gur féidir feabhas 50% a bhaint amach i dtaobh éifeachtacht fuinnimh faoi 2030, arna chistiú ag ciste inbhuanaitheachta CIÉ;
- Rinneadh suirbhéanna LED ar na foirgnimh féachaint an bhféadfaí iarfheistiú iomlán a dhéanamh agus soilse níos éifeachtaí a chur in ionad na seansoilse, le hairgead ó chiste inbhuanaitheachta CIÉ;
- Bronnadh gradam ar Bhus Átha Cliath don Ghaisce Fuinnimh is Fearr san Iompar ag na Gradaim Náisiúnta Gaisce Fuinnimh don Lucht Gnó;
- Bhíothas ag obair le cuideachtaí oibriúcháin eile CIÉ agus le Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ, ag ullmhú i gcomhair an tuairiscithe faoin Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach;
- Baineadh amach ráta athchúrsála 74% i gcás dramhaíl neamhghuaiseach;
- Leanadh le cur i bhfeidhm na limistéar bithéagsúlachta agus folláine in iostaí, le tacaíocht ó Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ;
- Cuireadh oiliúint inbhuanaitheachta ar fáil d'fhoirne innealtóireachta agus oibríochtaí chun iad a chur ar an eolas faoin tionchar a bhíonn ag oibríochtaí laethúla na cuideachta ar an inbhuanaitheacht; agus
- Bhuamar Gradam Bithéagsúlachta ag na Gradaim Ghnó agus Airgeadais 2023 de chuid Business and Finance.

D'ídíomar 269,609 MWh fuinnimh in 2023, mar seo a leanas:




I gcomhréir leis na spriocanna nua a leagtar amach faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, tá sé geallta ag Bus Átha Cliath ár n-astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a laghdú 50% faoi 2030 agus tá sé geallta aige freisin go mbeimid saor ó astaíochtaí ar an nglanleibhéal faoi 2050. Sa Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Feithiclí Glana, leagtar amach spriocanna do fhlíteanna feithiclí tromshaothair san earnáil phoiblí agus, faoin treoir sin, táimid ag obair chun astaíochtaí ísle a bheith ag 45% de na feithiclí sa fhlít nó iad a bheith saor ó astaíochtaí faoi 2026, agus é sin a bheith amhlaidh i gcás 65% de na feithiclí faoi 2030. Tá sé ina chuspóir ag an Údarás Náisiúnta Iompair an flít iomlán busanna uirbeacha a leictriú faoi 2035 chun cabhrú linn na spriocanna sin a bhaint amach.




Chun na spriocanna sin a bhaint amach agus tógáil ar an dul chun cinn atá déanta againn, áirítear ar ár bpleananna i gcomhair 2024:

- Leanúint ar aghaidh ag fáil feithiclí ceallra-leictreacha in 2024 chun an flít busanna a leictriú tuilleadh;
- Leanúint ar aghaidh ag déanamh ailíniú ar thosaíochtaí agus tionscadail chun leas a bhaint as Ciste Inbhuanaitheachta CIÉ;
- Bonneagar luchtaithe a shuiteáil do bhusanna lánleictreacha ag láithreacha eile;
- An córas bailithe uisce báistí a chur i bhfeidhm in iostaí eile;
- Leanúint ar aghaidh le feachtais maidir le feasacht ó thaobh fuinnimh agus comhshaoil de;
- Naoi gcinn lárnacha de Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun feidhme;
- Leanúint ar aghaidh leis an oiliúint inbhuanaitheachta d'fhostaithe chun feasacht a spreagadh ar phríomhréimsí inbhuanaitheachta;
- Limistéir bhithéagsúlachta/folláine a leathnú chuig láithreacha eile;
- Leanúint den rannpháirtíocht le fostaithe agus conraitheoirí trí oiliúint agus tionscnaimh chun dramhaíl a laghdú agus rátaí athchúrsála ar an láthair a mhéadú;
- Ciste geilleagair chiorclaigh a thabhairt isteach a chuideoidh linn cleachtais níos inbhuanaithe a chur i bhfeidhm i ndáil le bainistíocht dramhaíl;
- Iarfheistiú a dhéanamh ar sheansoilse;
- Iosta a roghnú mar threoirthionscadail le haghaidh iarfheistiú foirgnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh feabhsaithe chun spriocanna 2030 a bhaint amach;
- Straitéis maidir le Rialachas Sóisialta Comhshaoil a chur chun feidhme ar fud na cuideachta; agus
- An beartas soláthair inbhuanaithe a thabhairt cothrom le dáta ionas go mbeidh sé ag teacht leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus leis na treoirlínte maidir le Soláthar Poiblí Glas.




# Seirbhísí Bus ar Ardchaighdeán a Sholáthar do Mhuintir Bhaile Átha Cliath

Rinneamar éachtaí in 2023 agus bhí dúshláin mhóra oibríochtúla le sárú againn freisin. Tháinig an-fhás ar Bhus Átha Cliath agus mhéadaigh líon na n-aistear custaiméara go breis agus 146 milliún, sin méadú 20% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Baineadh amach an fheidhmíocht láidir oibríochta sin a bhuí le soiléire chuspóir Bus Átha Cliath agus díograis agus cumas na bhfostaithe.

Tá Bus Átha Cliath ag feidhmiú i dtimpeallacht oibriúcháin dhinimiciúil a bhíonn ag síorathrú, ina bhfuil deiseanna le tapú agus dúshláin le sárú a mbíonn tionchar díreach acu ar fheidhmíocht na cuideachta. Is iad na príomhphrionsabail is bonn le feidhmíocht na cuideachta:

- Feabhas seasta inbhuanaithe a chur ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil dár gcustaiméirí
- Bainistíocht stuama airgeadais ar an infheistíocht ón gcáiníocóir

Agus breis is 146 milliún aistear custaiméara curtha ar fáil aige in 2023, is é Bus Átha Cliath an soláthraí is mó seirbhísí iompair phoiblí anois agus is mar sin a bheidh feasta freisin. Cuireann an méadú sin ar líon na n-aistear custaiméirí béim ar an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht leanúnach sa bhonneagar, sa fhlít agus i seirbhísí chun freastal ar an mborradh atá faoi éileamh. Beidh sé ríthábhachtach dul i ngleic le srianta acmhainneachta, iontaofacht na seirbhíse a fheabhsú, agus inrochtaineacht a fheabhsú chun an treocht dhearfach i dtaobh líon na gcustaiméirí a choinneáil ag imeacht agus chun a chinntiú go mbainfidh na custaiméirí sásamh as a n-aistir linn i mbliana.

Bhí forbairtí agus dúshláin mhóra i gceist do Bhus Átha Cliath anuraidh, go háirithe maidir le brú tráchta agus leathnú seirbhíse. Tá an brú tráchta fós ina chonstaic mhór ar gach oibreoir bus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Cothaíonn sé dúshláin oibriúcháin agus cuireann sé isteach ar iontaofacht na seirbhísí. Is fadhb ar fud na cathrach é an plódú. Níl na bóithre i lár na cathrach deartha le haghaidh líon mór feithiclí. Tá go leor úsáideoirí san iomaíocht don spás teoranta bóthair atá ar fáil, idir fheithiclí príobháideacha, sheirbhísí iompair phoiblí, rothaithe, thacsaithe, feithiclí seachadta agus

choisithe. De réir mar a leanann an fás geilleagrach, tiocfaidh méadú breise ar an leibhéal plódaithe mura gcuirtear bearta suntasacha maolaithe i bhfeidhm – mar a leagtar amach sa Phlean Iompair atá ullmhaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus an Údarás Náisiúnta Iompair.

Ag tús 2023, bhí ganntanas 155 tiománaí ar Bhus Átha Cliath, rud a d'fhág go raibh gá le straitéis earcaíochta athbhreithnithe. I rith na bliana 2023, d'fhreagair Bus Átha Cliath le feachtas earcaíochta láidir, leanúnach, agus tugadh aghaidh ar an bhfadhb trí 453 tiománaí a fhostú agus oiliúint a chur orthu.

Ar an Domhnach, an 8 Deireadh Fómhair 2023, tugadh isteach Bealach 99, lenar baineadh amach garsprioc mhór maidir le feabhas a chur ar an rochtain ar Pháirc an Fhionnuisce agus na nithe is díol spéise inti, trí sheirbhís iompair phoiblí. Feidhmíonn Bealach 99 gach 30 nóiméad, seacht lá na seachtaine, agus is leathnú é ar ghréasán iompair phoiblí Bhaile Átha Cliath. Cuidíonn sé le daoine taisteal go héasca idir Sráid Gheata na Páirce agus Ionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce, agus tá stadanna ag Zú Bhaile Átha Cliath agus ag Áras an Uachtaráin.

Tugadh isteach Céim 5 den tionscadal BusConnects chun an Gréasán a Athdhearadh i Ráithe 4 de 2023, faoinar cuireadh roinnt bealaí nua i mbun seirbhíse: an Cuarbhealach Theas, Bealaí Gathacha agus Bealaí Áitiúla, agus S2, 74, agus L25 ina measc.


Tá Bus Átha Cliath ag feidhmiú bhealach S2 (An Poll Beag go Stáisiún Heuston trí Raghnallach agus Crois Araild), bealach nua ar a bhfuil deiseanna ceangal a dhéanamh leis an dá líne Luas, an DART agus le seirbhís príomhlíne iarnróid, agus a fhreastalaíonn ar áiteanna a mbíonn an-tóir ag daoine orthu amhail Staid Aviva, an RDS, agus Ospidéal San Séamas. Áirítear sa chéim sin freisin bealaí 74 agus L25 (ag freastal araon ar Dhún Droma).

Go dtí seo, is é Bus Átha Cliath is mó a bhain tairbhe as an mborradh mór faoin mbusiompar faoi chlár BusConnects chun an Gréasán a Athdhearadh. Clúdaíonn 500 tiománaí bus breise 4.5 milliún ciliméadar breise in aghaidh na bliana anois i bhflít a bhfuil 150 bus curtha leis. Beidh cur i bhfeidhm BusConnects ríthábhachtach do Bhus Átha Cliath sna blianta atá romhainn agus beidh sé ríthábhachtach freisin chun sprioc na cuideachta a bhaint amach i dtaobh a bheidh ina rogha comhpháirtí soláthair ag an Stát. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfear BusConnects i bhfeidhm go hiomlán sna blianta atá le teacht.

I mí na Samhna bhain Bus Átha Cliath garsprioc mhór amach trí bhonneagar luchtaithe ceannródaíoch a shuiteáil in Iosta Chnoc an tSamhraidh chun freastal ar na chéad bhusanna lánleictreacha i mBaile Átha Cliath.

Tá na luchtairí nua-aimseartha sin, lenar féidir 56 bus ceallra-leictreach a luchtú, faoi lánseol anois. Ina theannta sin, le críochnú an bhonneagair luchtaithe ag Iosta Bhaile Phib, atá beartaithe do 2024, leagtar béim ar ár dtiomantas d'fheithiclí leictreacha a chur leis an bhflít agus ár gcion féin a dhéanamh chun astaíochtaí carbóin a laghdú. Freastalóidh an bonneagar sin ar 136 bus leictreach ar a laghad, rud a chuirfidh le timpeallacht uirbeach níos glaine, níos ciúine agus níos inbhuanaithe. Tá an t-athrú sin i dtreo busanna leictreacha ag teacht le tiomantas an rialtais astaíochtaí a laghdú agus le baint amach na spriocanna aeráide atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 agus i bPlean Gníomhaíochta an Bheartais Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe 2022-2025.

## Líon na n-aistear custaiméara ó 2019 go 2023 – milliún



# An Conradh Dírdhámhachtana

Feidhmíonn Bus Átha Cliath Conradh Dírdhámhachtana arna dhámhachtain ag an Údarás Náisiúnta Iompair, agus is é príomhfhoinse ioncaim na cuideachta é. Clúdaíonn an conradh bealaí ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ar feadh cúig bliana go dtí an 30 Samhain 2024.


Faoin gconradh go dtí seo, d'éirigh le Bus Átha Cliath cúig chéim de chlár BusConnects an Údaráis Náisiúnta Iompair a chur i bhfeidhm, in ainneoin na ndúshlán a bhí romhainn de bharr COVID-19 nuair a cuireadh i bhfeidhm ar dtús é. Le tabhairt isteach BusConnects tá nascacht níos fearr curtha ar fáil trí shocruithe nua ticéadaithe, trí bhreis aistear a chur le tréimhsí seachbhuaice, agus trí sheirbhísí 24 uair an chloig a rith sa chathair.

Ina theannta sin, thug Bus Átha Cliath busanna lánleictreacha isteach le linn 2023, agus tá clár mór oibreacha bonneagair ar siúl chun tacú leis sin in dhá cheann dár n-iostaí, chomh maith le clár leanúnach oibreacha ar fud seacht gcinn dár n-iostaí, chun tacú leis an gclár iomlán leictriúcháin i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

Faoin gconradh, déantar feidhmíocht a thomhas i roinnt príomhréimsí agus tá ag éirí go han-maith le Bus Átha Cliath. Mar a bhí amhlaidh i gcás go leor oibreoirí iompair phoiblí eile, bhí fadhbanna ag Bus Átha Cliath maidir le poncúlacht agus iontaofacht a bheith faoi bhun na spriocanna conartha ar roinnt bealaí. Cuid den chúis a bhí leis sin is ea deacrachtaí a bhí againn maidir le tiománaithe a earcú amach in 2022 agus go luath in 2023, brú tráchta níos measa agus trácht nach bhféadfaí brath air, rud a d'fhág go raibh sé thar a bheith deacair aistir a phleanáil agus a sceidealú. Le mórfheachtais earcaíochta Bhus Átha Cliath, d'éirigh linn ár ndóthain tiománaithe a fhostú le linn 2023 agus leanfar ar aghaidh ag díriú go tréan ar thiománaithe a earcú agus a choinneáil.

Ábhar tosaíochta is ea pionóis agus bainistíocht feidhmíochta do Bhus Átha Cliath go fóill agus muid ag tabhairt faoi bhliain deiridh an chonartha in 2024.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'fhógair an tÚdarás Náisiúnta Iompair go raibh sé i gceist aige Conradh Dírdhámhachtana eile a dhámhachtain ar Bhus Átha Cliath don tréimhse 2024-2029, a chlúdóidh gréasán den mhéid chéanna agus a bhí i bhfeidhm i lár na bliana 2023. Dheimhnigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair é sin i mí na Nollag tar éis comhairliúcháin phoiblí. Fáiltítear roimh chinneadh an Údaráis Náisiúnta Iompair dul i mbun Conradh Dírdhámhachtana nua agus fágann sé go bhfuil Bus Átha Cliath i ndea-riocht chun bheith ina phríomhsholáthraí iompair phoiblí ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath go ceann cúig bliana.



# Ár bPobal Féin

## Tionscnaimh Phobail

Is é Bus Átha Cliath an soláthraí iompair phoiblí inbhuanaithe is mó sa tír, agus tá ról lárnach aige sna pobail a bhfreastalaímid orthu. Ó bunaíodh an chuideachta in 1987, táimid tiomanta do dhea-thionchar a imirt ar na pobail ina mbímid ag obair trí na cláir éagsúla a bhíonn ar bun faoi Thionscnamh an Mheoin Pobail. Tá athruithe á ndéanamh ar an tionscnamh sin faoi láthair agus muid ag ullmhú don lá amárach. Táimid i mbun straitéis nua Gnóthaí Sóisialacha a fhorbairt óna n-eascróidh fís shoiléir a léiríonn na luachanna agus an fhís atá againn don todhchaí, rud a chuirfidh ar ár gcumas dúinn tionscnaimh a fhorbairt a mbraithfear a ndea-thionchar ar phobail agus a sheasfaidh an aimsir.

## Together we are in a different league – Comhpháirtíocht le Bohemian FC

Chuireamar tús le comhpháirtíocht trí bliana le Bohemian FC in 2023 faoinarb é Bus Átha Cliath comhpháirtí eisiach Éagsúlachta agus Cuimsithe an chlub. Is muidne an príomh-chomhpháirtí ag foireann Phríomhroinn na mBan de chuid Bohemian FC agus d'fhoirne na gcailíní faoi 19 agus faoi 17 ó thaobh éide, agus don fhoireann imreoirí teascacha chomh maith. Tá sé sin ag tógáil ar chomhpháirtíocht fhadtéarmach ar cuireadh tús léi in 2020 chun tacú leis an gclub agus é ag iarraidh cur lena dhea-thionchar ar chathair Bhaile Átha Cliath.

Le chéile, d'eisigh Bus Átha Cliath agus Bohemian FC an forógra 'Together We Are In A Different League', lena ngeallaimid an éagsúlacht agus an chuimsitheacht a neartú i saol an tsacair in Éirinn. Tá sé ina aidhm leis an gcomhpháirtíocht fáil réidh leis na bacainní i saol an tsacair trí aird a dhíriú ar chluiche na mban agus féachaint chuige go dtabharfar an tacaíocht agus an phoiblíocht atá ag gabháil dóibh don fhoireann imreoirí teascacha, don ghrúpa lucht tacaíochta LADTA+, don Chumann Lucht Tacaíochta Míchumais agus do chomhpháirtíochtaí pobail.

## Bród

Mar chuid dár dtacaíocht leanúnach don phobal agus dár bhfostaithe LADTA+, agus lena cheiliúradh go bhfuil sé 40 bliain ó cuireadh tús le Paráid Bhróid Bhaile Átha Cliath, chuaigh Bus Átha Cliath i gcomhpháirtíocht le hIonad LADTA+ Outhouse chun an feachtas 'Searching for Pride' a chur ar bun i gcomhair Fhéile Bhróid 2023.

Ba é cuspóir an fheachtais a thabhairt chun suntais nach bhfuil aon cheist mícheart agus go bhfuil freagra gach ceiste le fáil sa phobal agus trí Outhouse.

Tá Outhouse dírithe ar thacú leis na daoine, na spásanna agus na saincheisteanna a mbaineann tábhacht leo do na pobail LADTA+. Is ionad pobail é Outhouse agus beidh sé i gcónaí ina spás sábháilte do gach cineál ceiste, ina mbíonn fáil ar ghrúpaí tacaíochta, imeachtaí, aimsiú treo, leabharlann, caifé agus go leor eile. Is cúis bhróid aige a bheith ina mhol don phobal LADTA+, ní hé amháin le linn na Féile Bróid, ach ó cheann ceann na bliana.

Bhí an feachtas 'Searching for Pride' de chuid Bhus Átha Cliath agus Outhouse le feiceáil ar na meáin shóisialta agus ar bhusanna ar fud na cathrach le haghaidh shéasúr na Féile Bróid.

## Inrochtaineacht

Bíonn Bus Átha Cliath ag obair chun cineál iompair atá slán sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar lena nasctar daoine agus pobail ar fud Bhaile Átha Cliath, ag cur ar a gcumas do dhaoine saol fónta a chaitheamh. Tá Bus Átha Cliath meáite ar fheabhas a chur ar eispéireas an aistir dár gcustaiméirí atá faoi mhíchumas agus a bhfuil lagú gluaisteachta orthu. Tá an flít feithiclí atá againn lán-inrochtana agus tá spás amháin do chathaoir rothaí ar gach bus agus spás do chathaoir rothaí agus do bhugaí ar 88% de na busanna. Tá faisnéis chlosamhairc faoi na stadanna ar fáil ar gach bus.

Bhí an Scéim Cúnaimh Taistil faoi lánseol in 2023 agus tá tábhacht ar leith leis an scéim sin mar chuid den tionscadal BusConnects chun an Gréasán a Athdhearadh, chun cabhrú le custaiméirí bealaí nua a fhoghlaim agus athruithe ar bhealaí atá ann cheana a thuiscint.

Cuireadh 2,142 babhta cúnaimh ar fáil faoin scéim in 2023: 821 babhta do dhaoine a bhfuil fadhbanna céadfacha acu, 956 do dhaoine a bhfuil deacrachtaí foghlama acu agus 365 do dhaoine a bhfuil fadhbanna luaineachta acu. Ina theannta sin, rinneamar 43 cur i láthair faoi thaisteal sábháilte d'eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas agus grúpaí daoine scothaosta agus thugamar bus amach chuig aonaid mhíchumais agus scoileanna ionas go bhféadfadh a gcliaint foghlaim conas an bus a úsáid agus a bheith ar a gcompord á dhéanamh sin i dtimpeallacht a raibh cleachtadh acu uirthi.

# Ár bhFeidhmíocht


Rinne an chuideachta barrachas €2.1 milliún tar éis míreanna eisceachtúla. Áirítear leis sin brabús €1.1m ar sheirbhísí Dírdhámhachtana na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) agus ar sheirbhísí eile OSP. Ina theannta sin, rinne na seirbhísí tráchtála brabús €1.0 milliún i leith na bliana.

Baineadh amach TRÚDA (Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh) dearfach €1.9 milliún i gcomparáid le TRÚCDA diúltach €0.2 milliún in 2022.

Tá méadú tagtha ar an gcostas oibriúcháin iomlán ó €310.3 milliún in 2022 go €333.0 milliún in 2023, sin glanmhéadú €22.7 milliún. Baineann an chuid is mó de na costais bhreise sin leis an méadú ar sheirbhísí do chustaiméirí de bharr an tionscadail BusConnects chun an Gréasán a Athdhearadh. Tá Bus Átha Cliath fós ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun feabhas eile fós a chur ar an ngréasán seirbhísí faoi chreat BusConnects, agus ar chaighdeán na seirbhísí a thairgimid do na custaiméirí.

Is maith an rud iad na seirbhísí breise ach cuireann siad leis an gcaiteachas, go háirithe i ndáil le tiománaithe, breosla agus cothabháil. Léiríonn an figiúr caiteachais freisin laghduithe a baineadh amach de bharr leasuithe eile ar sheirbhísí. Mhaolaigh Bus Átha Cliath an méadú iomlán ar chaiteachas, áfach, trí shraith beart éifeachtúlachta costais a chuir an chuideachta i gcrích i roinnt réimsí éagsúla in 2023. Tá an chuideachta meáite go fóill ar chur leis an luach ar airgead a chuirimid ar fáil agus ar bhearta éifeachtúlachta costais a chur i bhfeidhm ar fud na gcatagóirí caiteachais go léir.

### Ioncam Iomlán – € milliún




## Toradh Oibriúcháin agus Staid Airgeadais OSP

Lean Bus Átha Cliath ar aghaidh ag cur seirbhísí OSP ar fáil i gcomhréir leis an gConradh Dírdhámhachtana le linn 2023. Feidhmíonn an chuideachta faoi chonradh ollchostais agus rinneadh lánchistiú uirthi faoin gconradh OSP.

Thuill an chuideachta brabús réasúnta ar sheirbhísí OSP ach laghdaíodh é de bharr na n-asbhaintí i leith na feidhmíochta faoin gconradh dírdhámhachtana. Is léiriú iad na pionóis feidhmíochta a gearradh faoin gconradh ar na dúshláin a bhí le sárú ag an gcuideachta i dtaobh fheidhmíocht agus iontaofacht na seirbhísí i rith na bliana.

Léiríonn na hasbhaintí feidhmíochta éagsúlacht na ndálaí tráchta le linn 2023, rud a théann i bhfeidhm ar chumas na cuideachta a spriocanna feidhmíochta foriomlána a bhaint amach. Is príomhréimse fócais don chuideachta i gcónaí é an fheidhmíocht oibriúcháin a fheabhsú in 2024.

Imríodh tionchar ar bhrabúsacht na seirbhísí OSP in 2023 freisin toisc gurbh éigean soláthar a dhéanamh do chostas na bhfeithiclí a ndearnadh damáiste dóibh le linn na corraíola sibhialta i mí na Samhna 2023. Tá an chuideachta fós i mbun plé le príomhpháirtithe leasmhara maidir leis an gceist sin.

Tháinig méadú mór ar líon na n-aistear custaiméara i rith na bliana agus faoi dheireadh 2023 ba mhó an líon aistear ná na leibhéil a bhíodh ann roimh COVID-19. Mhéadaigh líon iomlán na n-aistear go 146.6 milliún in 2023, de bharr gur cuireadh leis an ngréasán seirbhísí a cuireadh faoin gconradh BusConnects chun an Gréasán a Athdhearadh.

Aithníonn na páirtithe leasmhara go léir an tábhacht a bhaineann le barrachas réasúnta ar an gconradh OSP ionas go mbeidh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh ag díriú ar chobhsaíocht airgeadais. Leis sin, beidh ar chumas na cuideachta íoc as infheistíocht riachtanach agus seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar ar bhonn níos cinnte.


Tá an bord fós aireach ar an ngá atá ann a chinntiú go mbeidh an chuideachta fós i riocht airgeadais cobhsaí ionas go mbeidh ar a cumas freastal ar riachtanais iompair phoiblí na cathrach.



Tháinig ardú ar chostas oibriúcháin na seirbhísí OSP ó €303.9 milliún in 2022 go €323.3 milliún in 2023, sin méadú €19.4 milliún. Léiríonn na costais sin leathnú na seirbhísí faoin gclár BusConnects chun an Gréasán a Athdhearadh, agus méadú ar chostas an bhreosla.


Choinnigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair air ag plé leis an gcuideachta lena chinntiú go mbeidh cistiú caipitil ar fáil chun leanúint leis an infheistíocht sa fhlít feithiclí OSP agus i mbearta feabhsúcháin do chustaiméirí mar chuid den tiomantas comhpháirteach atá ag an Údarás agus Bus Átha Cliath maidir le seirbhísí OSP a fheabhsú.

### 2023 Costais




- Pá agus Tuarastail
- Costais eile a bhaineann le Sochar Scoir
- Ábhair
- Costais Leasa Shóisialaigh
- Breosla agus Bealaidh
- Costais Eile

### 2022 Costais




- Pá agus Tuarastail
- Costais eile a bhaineann le Sochar Scoir
- Ábhair
- Costais Leasa Shóisialaigh
- Breosla agus Bealaidh
- Costais Eile

## Toradh oibriúcháin agus staid airgeadais i leith seirbhísí tráchtála

Tugadh ar ais na turais DoDublin tar éis COVID-19 agus rinneadh forbairt ar na bealaí díolacháin digiteacha ina leith sin in 2021, agus tá an chuideachta sásta a thuairisciú anois gur éirigh go geal le DoDublin ag deireadh na bliana 2023. Nuair a filleadh ar bhuaicsheirbhísí an tsamhraidh, tháinig méadú ar líon na bpaisinéirí agus ar an ioncam sa chaoi is go raibh siad ag teacht leis na figiúirí réamh-mheasta. Lean an chuideachta ar aghaidh ag bainistiú an chaiteachais sa mhargadh iomaíoch sin agus rinne sí barrachas réasúnta i leith an ghnó tráchtála i gcomhthéacs an phaindéim COVID-19 a bheith thart.

Tá roinnt roghanna beartaithe do 2024 chun gnó tráchtála a neartú tuilleadh. Áirítear orthu sin leathnú leanúnach a dhéanamh ar chainéal díolacháin dhigitigh ‘DubTours’ chomh maith le deiseanna tráchtála eile a fhiosrú i réimsí na turasóireachta, na fóillíochta agus na soghluaisteachta.

Highlights
Chairperson's Statement
**Review**
Financial Statements

# Ár nDaoine

## Dea-fhostóir

Is é ár gcuspóir é a bheith inár rogha fostóra trí thacú le sláinte agus folláine ár bhfostaithe – dream éagsúil, tréitheach – ionas gur féidir leo lán a gcumas a bhaint amach i dtimpeallacht neamh-idirdhealaitheach ina bhfuil fáilte roimh gach duine, ina léirítear meas orthu agus ina gcaitear leo le dínit. Táimid dírithe ar bheith seasta ag cothú agus ag feabhsú shaol an ionaid oibre. Tugadh aitheantas dár gcuid oibre sa réimse sin in 2023 nuair a d'fhógair an Sunday Independent agus Statista go bhfuilimid ar cheann de na fostóirí is fearr in Éirinn.

Ag breathnú chun cinn dúinn, leagfaidh Bus Átha Cliath béim mhór go fóill ar an gcumarsáid inmheánach agus ar rannpháirtíocht dhíreach leis na fostaithe. I mí na Bealtaine 2023 d'óstáil Bus Átha Cliath a chéad fhóram fíorúil ar a líonra fostaí Yammer áit a ndearna ár bPríomhfheidhmeannach, Billy Hann, cur síos ar a phleananna don chuideachta agus ar phléigh sé an fáth a bhfuil tábhacht le gach aistear. D'éirigh chomh maith sin leis an imeacht gur cuireadh an dara ceann ar bun, san fhíorshaol an babhta seo, i mí na Nollag, agus bhí sé sin le feiceáil beo ar an gcóras a thóg áit Yammer, Viva Engage. D'fhreagair an Príomhfheidhmeannach agus baill d'fhoireann ardcheannaireachta Bhus Átha Cliath ceisteanna ón lucht féachana, ó dhaoine a bhí ag breathnú ar an imeacht ar Viva Engage agus uathu siúd a chuir ceisteanna isteach roimh ré. Tá sé i gceist againn imeachtaí eile dá leithéid a chur ar bun in 2024, ós rud é go n-aithníonn Bus Átha Cliath go bhfuil an chumarsáid inmheánach tábhachtach, tairbheach i ngach gné den obair chun rannpháirtíocht ar fud na cuideachta a chinntiú agus chun cultúr agus luachanna na heagraíochta a chur chun cinn, an gnó féin a chur chun cinn, tionscnaimh dhearfacha a fhorbairt don chuideachta agus na hoibríochtaí foriomlána a threorú.

Tá réimse acmhainní againn mar chuid dár bpleananna chun fostaithe a fhorbairt. Soláthraímid clár meantóireachta agus Scéim Tacaíochta Oideachais d'fhostaithe. Cuirtear oiliúint ardchaighdeáin ar ár dtiománaithe bus, san ionad oiliúna den scoth atá againn i mBaile Phib. In 2023, chuir 26 printíseach nua tús lena n-oiliúint chéad bhliana agus bainfidh 19 acu a gcáilíocht amach in Aibreán 2024. Faoin scéim 'Earn as you Learn' atá againn, spreagtar daoine óga chun iarratas a dhéanamh ar bheith ina Meicneoirí Tromfheithiclí leis an gcuideachta. Is féidir le duine ar bith atá 16 bliana d'aois nó os a chionn iarratas a chur isteach ach critéir áirithe oideachais a chomhlíonadh.

Tá Bus Átha Cliath ar cheann de phríomhfhostóirí na tíre, agus bhí 3,940 duine ar an meán fostaithe againn in 2023. Déanaimid ionadaíocht ar Bhaile Átha Cliath agus ar an tsochaí chomhaimseartha le fórsa saothair éagsúil ina gcuirtear fáilte roimh dhaoine a bhfuil eitneachas, reiligiúin, aoiseanna agus cumais éagsúla acu. Léiríonn ár mBeartas Éagsúlachta agus Cuimsithe tiomantas leanúnach Bhus Átha Cliath do chomhionannas, éagsúlacht agus neamh-idirdhealú i gcás na bhfostaithe, na gcustaiméirí agus an phobail i gcoitinne.

Tá daoine as 85 tír sa lucht saothair againn, rud atá ag teacht le héagsúlacht na bpobal a ndéanaimid freastal orthu. Déanaimid ár ndícheall beartais chuimsithe a fhorbairt, amhail an Beartas um Aistriú Inscne, a bhfuil gradam bronnta orainn ina leith, agus oiliúint faoi éagsúlacht agus cuimsiú a sholáthar do na fostaithe.

Sa Tuarascáil ar an mBearna Phá idir Fir agus Mná 2023, léiríodh go raibh bearna phá 4.1% ann i bhfabhar na mban, i gcomparáid leis an mbearna 2.4% i bhfabhar na mban in 2022. Tá méadú 93% tagtha ar líon na mban atá ina dtiománaithe bus linn ó bhí 2019 ann agus táimid meáite ar an bhfigiúr sin a fheabhsú arís in 2024. Tháinig méadú 22% ar an gcéatadán ban i measc ár bhfeidhmeannach in 2023. Leanfaimid orainn freisin ag díriú ar chur le líon na mban a dhéanann obair innealtóireachta dúinn agus béim ar leith á leagan ar an gcothromaíocht inscne a fheabhsú inár gclár do Mheicneoirí a bhíonn ag plé le Feithiclí Troma. Is gné ollmhór de mheon Bhus Átha Cliath é an comhionannas inscne, agus táimid fós tiomanta do chur le líon na mban sa chuideachta, go háirithe sna réimsí ina bhfuil tearc-ionadaíocht orthu, is é sin tiomáint busanna agus innealtóireacht. Leanfaimid orainn ag obair chun mná a mhealladh chuig na réimsí sin, chomh maith leis na mná atá i measc na bhfostaithe cheana a spreagadh chun cur isteach ar ardú céime. Díreofar air sin arís eile inár bplean gníomhaíochta i gcomhair 2024.

In 2023, bhaineamar amach an Gradam Airgid d'Infheisteoirí san Éagsúlacht, tar éis dúinn an Gradam Cré-umha a thabhairt linn in 2021.

## Folláine na bhFostaithe

Tuigeann Bus Átha Cliath, anois níos mó ná riamh, an tábhacht a bhaineann le tacú le sláinte agus folláine ár bhfostaithe. Tuigimid gur chóir sláinte agus folláine a chuimsiú i ngach gné den ghnó, idir bheartas, eagrú, phleanáil agus cur i bhfeidhm, mheastóireacht agus ghníomhaíocht chun feabhais. Aithníonn Bus Átha Cliath an tábhacht a bhaineann le meas a bheith againn ar gach duine dár bhfostaithe. Cuimsítear leis sin a meabhairshláinte, a sláinte choirp, cúrsaí cothaithe, a sábháilteacht agus a bhfolláine fhoriomlán san ionad oibre agus sa bhaile.

Tá suíomh gréasáin idirghníomhach folláine ag Bus Átha Cliath, DBWellbeing, ar a bhfuil tacaíocht, oideachas agus faisnéis dár bhfostaithe ar ábhair éagsúla chun tacú lena sláinte agus lena bhfolláine fhoriomlán. Tá foireann sheachtrach de ghairmithe cáilithe a bhfuil taithí acu sa réimse sin ag cuidiú linn le DBWellbeing, dream ón earnáil sláinte agus folláine, lena n-áirítear daoine a bhíonn ag plé le meabhairshláinte, sláinte choirp agus cothú. I Mí Dhomhanda na Meabhairshláinte i mí Dheireadh Fómhair, thug Bus Folláine cuairt ar gach iosta. Cuireadh scagthástálacha sláinte ar bun gus bhí an deis ag Tacadóirí Folláine Bhus Átha Cliath labhairt le daoine agus iad féin a chur in aithne do chomhghleacaithe nua.

In 2023, seoladh ár Straitéis Sláinte agus Folláine, ina dtugtar treoir do bheartais agus do thionscnaimh san ionad oibre agus a chuireann ar a gcumas do na fostaithe a sláinte a rialú agus a fheabhsú agus a gcuid oibre a dhéanamh i dtimpeallacht shábháilte, shláintiúil. Tá roinnt gníomhaíochtaí agus deiseanna sainaitheanta sa straitéis a thacóidh le sláinte agus folláine a neadú i gcultúr Bhus Átha Cliath. Cuirfear i bhfeidhm an straitéis sin thar thréimhse 3 bliana ó 2023 go 2025.

Áirítear ar na pleananna do 2024 clár folláine airgeadais a thabhairt isteach d'fhostaithe agus a dteaghlaigh, chomh maith le clár cothaithe agus folláine. Rachfaidh muid i gcomhar le chéile agus seolfaimid leagan nua den Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe. Faoin gclár sin, soláthraítear seirbhís neamhspleách comhairleoireachta chun cabhrú le fostaithe fadhbanna pearsanta agus fadhbanna a bhaineann leis an obair a réiteach, ar cinn iad a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a bhfolláine agus ar a bhfeidhmíocht ag an obair.




Highlights
Chairperson's Statement
Review
Financial Statements



# Beathaisnéisí na Foirne Ardcheannaireachta



## Billy Hann

Ceapadh Billy Hann mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Bhus Átha Cliath i mí na Nollag 2022. I mBaile Átha Cliath a rugadh agus a tógadh é, thosaigh sé a ghairm ag Údarás Eitlíochta na hÉireann i 1994, agus bhí roinnt ról bainistíochta aige, lena n-áirítear Stiúrthóir Oibríochtaí agus Straitéise ATM. Bhí Billy freagrach as foireann an-ghairmiúil ildisciplíneach a threorú chun seirbhís rialaithe aerthráchta atá sábháilte, slán, inbhuanaithe ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain a sholáthar in aerspás náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ceannaire a bhfuil neart taithí san earnáil iompair ar feadh breis agus tríocha bliain é, a bhfuil bunchéim aige san Innealtóireacht Leictreonach, MSc i mBainistíocht Oibríochtaí ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus MSc i gCeannaireacht Feidhmiúcháin ó Ollscoil Uladh. D'éirigh le Billy Clár um Fhorbairt Ceannaireachta a chur i gcrích i Scoil Ghnó Harvard chomh maith.



## Andrea Keane

Is í Andrea Keane Príomhoifigeach Airgeadais agus Rúnaí Cuideachta Bhus Átha Cliath. Thosaigh sí ag obair leis an gcuideachta i mí Mheán Fómhair 2016. Roimhe sin bhí Andrea ina Príomhoifigeach Airgeadais agus ina Rúnaí Cuideachta le Bus Éireann.

Sa ról atá aici faoi láthair, is í Andrea atá freagrach as cúrsaí airgeadais sa chuideachta, agus ina cáil mar Rúnaí Cuideachta is ise atá freagrach as comhairle a chur ar an mbord, tríd an gCathaoirleach, ar cheisteanna rialachais. Is ball í Andrea d'Institiúid Cairte na gCuntasóirí Bainistíochta agus bhí sí ar an liosta den 100 Príomhoifigeach Airgeadais is fearr a bhí ag feidhmiú i margadh na hÉireann in 2021. Roimhe seo, bhíodh sí ag obair mar Bhainisteoir na gCuntas Bainistíochta in Iarnród Éireann, agus tá tréimhsí caite aici freisin ag obair i réimse na Cuntasaíochta Airgeadais agus réimse na Bainistíochta san earnáil phríobháideach.



## Phil Donohue

Ceapadh Phil Donohue ina Cheann Acmhainní Daonna agus Forbartha in 2010. Roimhe sin bhí sé ina Bhainisteoir um Chaidreamh le Fostaithe. Sa phost ina bhfuil sé faoi láthair tá sé freagrach as an bhfeidhm Acmhainní Daonna a threorú agus a bhainistiú agus as cruthú, cur chun feidhme agus cothú na straitéise foriomláine acmhainní daonna a mbaineann an-tábhacht léi i dtaobh a chinntiú go gcoinneofar sna blianta atá romhainn leis an rath atá ar Bhus Átha Cliath.

Thosaigh Phil ag obair le Bus Átha Cliath in 1984 agus bhí poist oibríochtúla éagsúla aige, lena n-áirítear post an Bhainisteora Rannáin i limistéar an iarthair, limistéar an iarthuaiscirt agus limistéar an deiscirt.



## Sorin Costica

Ceapadh Sorin Costica ina Cheann Oibríochtaí i mí Lúnasa 2020. Tá sé freagrach as an bhfeidhm Oibríochtaí a threorú, a bhainistiú agus a fhorbairt agus as straitéis fhoriomlán a cheapadh agus a chur i bhfeidhm maidir le hoibríochtaí paisinéirí bóthair. Thosaigh sé le Bus Átha Cliath in 2001 agus bhí sé ag obair i róil éagsúla oibríochta lena n-áirítear Riarthóir Iosta in Iosta na Rinne agus Bainisteoir Oibríochtaí Ceantair sa Lárionad Rialaithe sa Chloch Leathan.

Tá Dioplóma sa Bhainistíocht Iompair ag Sorin ó Instituid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Dioplóma sa Teicneolaíocht Faisnéise ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



## Ray Cooke

Tháinig Ray Cooke chuig Bus Átha Cliath mar Phríomh-Innealtóir Gníomhach i mí Mheán Fómhair 2022 agus ceapadh ina Phríomh-Innealtóir é i mí na Nollag 2022. Tá sé freagrach as an bhfeidhm Innealtóireachta a threorú, a bhainistiú agus a fhorbairt agus as an straitéis iomlán innealtóireachta a cheapadh, a chur chun feidhme agus a bhainistiú.

Is gairmí sinsearach i réimse na n-oibríochtaí é Ray, a bhfuil taithí aige ar réimsí éagsúla tionscail. Sular thosaigh sé ag obair le Bus Átha Cliath, bhí Ray ina Stiúrthóir ar Aistrithe sa Slabhra Soláthair agus a Lorg leis an gcuideachta teicneolaíochta feithiclí Aptiv, áit a raibh sé i gceannas ar athrú ó bhonn a dhéanamh ar bhainistíocht an tslabhra soláthair. Bhí Ray ina Stiúrthóir Slabhra Soláthair le haghaidh Honeywell agus ina Bhainisteoir Cláir le Shell freisin.

Tá Máistreacht sa Riarachán Gnó (MBA) ag Ray ó Ollscoil Mhanchain, chomh maith le Máistreacht san Innealtóireacht Mheicniúil (M.Eng.Sc) agus céim Bhaitsiléara san Innealtóireacht (BE) ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (UCD).



## Ciarán Rogan

Thosaigh Ciarán Rogan ag obair le Bus Átha Cliath in 2017 mar Cheann um Fhorbairt na Tráchtála agus an Ghnó. Sa ról atá aige faoi láthair mar Phríomhoifigeach na gCustaiméirí, sé freagrach as cáilíocht agus as eispéireas na gcustaiméirí; feidhmíocht tráchtála agus forbairt gnó; margaíocht, cumarsáid agus gnóthaí poiblí; gnóthaí rialála; faisnéis do chustaiméirí agus gníomhaíocht dhigiteach.

Tá an-taithí ag Ciarán ar an iompar poiblí óna chuid oibre le Translink i dTuaisceart Éireann agus tríd an gCumann Idirnáisiúnta Iompair Phoiblí. Bhíodh sé ag obair freisin in earnálacha an ardoideachais, na turasóireachta, an agraibhia agus an chomhairliúcháin.

Tá céim bainte amach ag Ciarán ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus tá cáilíochtaí iarchéime aige ón Université Catholique de Louvain agus ó Ollscoil Uladh.



## Clíodhna Ní Fhátharta

Ceapadh Clíodhna Ní Fhátharta ina Ceannaire ar Chumarsáid agus Rannpháirtíocht Straitéiseach le Bus Átha Cliath in 2022.

Bhí sí ina Bainisteoir Meán agus Cumarsáide roimhe sin, agus tháinig Clíodhna ag obair leis an gcuideachta i mí na Nollag 2006 tar éis di sé bliana a chaitheamh mar Fheidhmeannach Meán agus Caidrimh Phoiblí le hIarnród Éireann. Tá teist chruthaithe ag Clíodhna maidir le cumarsáid agus straitéis de bharr taithí níos mó ná fiche bliain a bheith aici san earnáil iompair phoiblí, agus is í atá i gceannas ar an bhfeidhm atá freagrach as tacaíocht straitéiseach a sholáthar i ndáil le cumarsáid trí ghníomhaíocht chorparáideach agus gníomhaíocht tomhaltóirí, chun cur le cáil chorparáideach na cuideachta agus leis an rannpháirtíocht leis na geallsealbhóirí.

Is comhalta í Clíodhna d'Institiúid Caidrimh Phoiblí na hÉireann agus tá céim onóracha aici sa Bhéarla agus sa Ghaeilge ó Ollscoil na Gaillimhe. Ina theannta sin, tá dioplóma aici sa Chaidreamh Poiblí ón Fitzwilliam Institute agus dioplóma sa Bhainistíocht ó Ollscoil Luimnigh.



## Mary Ryan

Thosaigh Mary Ryan le Bus Átha Cliath in 2004 agus tá taithí os cionn 19 mbliana aici ag forbairt straitéisí agus pleananna atá dírithe ar chustaiméirí i réimsí na margaíochta, na cumarsáide digití agus brandaí, agus na forbartha gnó. Is comhalta í Mary den Institiúid Margaíochta agus tá gradaim buaite aici as feachtais mhargaíochta agus nuálaíochta digití atá dírithe ar an mana atá againn, 'Baineann Tábhacht le gach Aistear'.

Le déanaí, tá Mary tar éis tabhairt faoi róil shinsearacha Bainistíochta Tionscadal, go háirithe mar cheann leanúnachais gnó le linn COVID-19. I mí an Mheithimh 2022, ceapadh Mary le bheith i gceannas ar chlár mór athraithe do Bhus Átha Cliath faoina ndéanfar athrú ar ár straitéis agus ár gcultúr sa chaoi is go mbeidh Bus Átha Cliath réitithe chun tabhairt faoin méid atá romhainn.

Tá céim bainte amach ag Mary sa Staidéar Gnó (Bainistíocht Margaíochta) agus tá Dioplóma Gairmiúil san Fhógraíocht aici ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus MSc sa Ghnó (Ceannaireacht agus Cleachtas Bainistíochta) ó Scoil Chéimithe Gnó Michael Smurfit in UCD.



## John Ryan

Tá John Ryan ina Cheann ar Thionscadail Straitéiseacha – Tionscnamh agus Gníomhachtú. Sa ról atá aige faoi láthair, tá John i gceannas ar thionscnamh agus comhordú na dtionscadal straitéiseach atá gníomhach faoi láthair. Áirítear leo sin garáistí a leictriú chun ullmhú i gcomhair busanna leictreacha, Clár Athdhearadh Líonra BusConnects AVL den chéad ghlúin eile, córais ticéadaithe agus athfhorbairt a dhéanamh ar na garáistí.

Bhí poist ag John i ranna éagsúla i mBus Átha Cliath lena n-áirítear Innealtóireacht, Bainistíocht Riosca, Acmhainní Daonna, Bainistíocht Garáistí agus Gnóthaí Rialála.

Tá céim ag John san Innealtóireacht Mheicniúil ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tá Máistreacht sa Riarachán Gnó aige ó Scoil Smurfit UCD.



## Colin Ward

Is é Colin Ward an Ceann Comhshaoil, Sláinte agus Sábháilteachta agus tá sé ainmnithe ina Phríomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí do Bhus Átha Cliath. Sa phost atá aige faoi láthair, tá sé freagrach as bainistíocht leanúnach a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le Sábháilteacht, Bainistíocht Comhshaoil agus Fuinnimh agus Gnéithe Corparáideacha, ag cinntiú go mbíonn gnéithe sábháilteachta agus inbhuanaitheachta leabaithe i ngach próiseas cinnteoireachta agus go dtugtar an-aird orthu.

Thosaigh sé le Bus Átha Cliath mar innealtóir tionscadail i mí Eanáir 2016, agus é ag obair i réimse na bainistíochta comhshaoil agus fuinnimh. D'fhorbair sé roinnt príomhthionscadail inbhuanaitheachta do Bhus Átha Cliath. Roimhe seo bhí Colin ag obair i gcuideachtaí innealtóireachta éagsúla le cliaint mar Google, Intel agus EirGrid, agus é ag díriú ar fhorbairtí maidir le fuinneamh in-athnuaite agus tionscadail foirgníochta a chur i bhfeidhm ar bhealach sábháilte.

Tá céim Mháistreachta ag Colin sa Bhainistíocht Fuinnimh chomh maith le céim Bhaitsiléara san Innealtóireacht Mheicniúil ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tá cáilíochtaí gairmiúla eile aige sa bhainistíocht sábháilteachta agus is comhalta é d'Innealtóirí Éireann.



## Ceara McGovern

Ceapadh Ceara sa phost nua mar Cheann na hOifige Bainistíochta Tionscadail i mí Aibreáin 2023. Sa ról seo, tá sí freagrach as Oifig Bainistíochta Tionscadail Fiontair a bhunú go hiomlán chun rialachas agus maoirseacht a sholáthar ar fud phunann an tionscadail. Áirítear leis seo leathnú seirbhísí tríd an gclár Athdhearadh Líonra BusConnects, tabhairt isteach an Fhlít Leictreach nua agus aistriú chuig teicneolaíocht nua chun tacú le faisnéis fíor-ama agus ticéadú don chéad ghlúin eile.

Thosaigh Ceara a gairm i mbainistíocht tionscadal ag Reuters, Londain. Mar Cheannasaí Domhanda ar Bhainistíocht Clár, bhí sí freagrach as an bhfoireann a sholáthraíonn roinnt tionscadal casta teicneolaíochta domhanda a theastaíonn chun táirgí trádála nua a thabhairt chuig an margadh domhanda idirbhainc. In 2013, d'fhill Ceara ar Éirinn agus ghlac sí ról i gcomhairliú. Dírithe ar chláir chlaochlaithe gnó a sheachadadh do roinnt cliant ar fud earnálacha éagsúla a bhí sí.

# Beathaisnéisí na Stiúrthóirí



## Gary Owens

Ceapadh Gary Owens ar Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath i mí na Bealtaine 2022. Tá taithí fhairsing aige ar sheirbhísí airgeadais ar leibhéal an bhoird agus mar Ardfheidhmeannach agus bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Hibernian Insurance agus IFG Ireland. D'fhóin sé freisin mar Stiúrthóir Neamhspleách ar AIG Ireland agus AIG International, áit a raibh sé ina chomhalta den Choiste Iniúchóireachta agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste Infheistíochta. Tá Gary ina Stiúrthóir ar Leaseplan Insurances, áit a raibh sé ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus ar an gCoiste Riosca. Faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar Diona DAC agus ICare Capital Partners. Tá roinnt ról comhlíonta aige i réimse an spóirt: bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach ar Chumann Peile na hÉireann agus ar Lúthchleasaíocht Éireann araon agus bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Down Syndrome Ireland. Is Árachóir Cairte é Gary agus tá sé ina chomhalta den Institiúid Árachais Cairte.



## Lynda Carroll

Ceapadh Lynda Carroll ar an mbord i mí Aibreáin 2019. Tá taithí breis is 30 bliain ag Lynda ar sheirbhísí airgeadais ar leibhéal boird agus ardfheidhmeannaigh san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon. Bhí sí ina Stiúrthóir Bainistíochta ar De Lage Landen Ireland agus ina Leas-Uachtarán ar Global Structured Finance Europe, ina príomh-mhaoirseoir stuamachta le Banc Ceannais na hÉireann ar cheann de bhainc cholúin na hÉireann agus ina Ceann um Leithdháileadh Caipitil agus Praghsáil Riosca-Bhunaithe le Bainc-Aontas Éireann plc. Tá Máistreacht sna hEalaíona aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus is Cuntasóir Cairte agus Comhairleoir Cánach Cairte í. Tá Dioplóma de chuid Chuntasóirí Cairte Éireann aici i gCaighdeáin Idirnáisiúnta Tuairiscithe Airgeadais agus tá Dioplóma Gairmiúil sa Rialachas Corparáideach aici ó Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD. Tá sí ina ball de Bhord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, agus de na boird seo a leanas: Diversified Notes plc, UniCredit Bank Ireland plc, National Bank of Canada Global Finance Limited, The Ark Children's Cultural Centre Company agus European Movement Ireland. Tá Lynda ag obair anois mar Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin san earnáil seirbhísí airgeadais, san earnáil stáit agus san earnáil dheonach. Athcheapadh Lynda ar an mbord ar feadh téarma cúig bliana eile i mí Aibreáin 2022.



## Stephen Hannan

Ceapadh Stephen Hannan ina chomhalta den bhord i mí na Nollag 2017 tar éis é a thoghadh ar Bhord CIÉ faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Tiománaí bus is ea é i nGaráiste na Rinne. Tá sé in SIPTU agus bhí réimse leathan post aige sa cheardchumann sin le beagnach 30 bliain anuas. Tá sé ina Uachtarán ar Choiste na dTiománaithe Bus, ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste na hEarnála Iompair, ina chomhalta den Choiste Rannán, agus is ionadaí iosta é.



## Elaine Howley

Ceapadh Elaine Howley ar an mbord i mí Lúnasa 2018. Tá taithí na mblianta ag Elaine ag tacú le cearta agus rannpháirtíocht iomlán daoine faoi mhíchumas. Tá spéis ar leith aici in iompar poiblí agus sa rochtain ar sheirbhísí, ar fhaisnéis agus ar áiteanna poiblí. Tá sí ag plé le seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas le breis agus 25 bliain anuas. Ba í Elaine an chéad Oifigeach Idirchaidrimh do mhic léinn faoi mhíchumas agus bhí sí i measc bhunaitheoirí an Chumainn um Rochtain agus Míchumas san Ardoideachas. Bhí sí ina Stiúrthóir Abhcóideachta agus Beartais le Comhairle Náisiúnta na nDall in Éirinn (NCBI) agus ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Sheirbhísí NCBI. Is í Elaine atá ina comhordaitheoir ar Líonra Lagamhairc Aontas na nDall san Eoraip. Áirítear leis an obair abhcóideachta atá déanta ag Elaine feachtais idirnáisiúnta ar nós an fheachtais chun daingniú a dhéanamh ar Chonradh Marrakech agus ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas. Tá Máistreacht ag Elaine san Obair Shóisialta agus Ard-Dioplóma sa Teiripe Shistéamach do Theaghlaigh. Is comhalta í Elaine d'Institiúid na Stiúrthóirí agus tá Dioplóma Gairmiúil aici maidir le Cuideachtaí a Threorú, Cearta an Duine agus Comhionannas. Athcheapadh Elaine ar an mbord ar feadh téarma cúig bliana eile i mí Lúnasa 2021. Oibríonn Elaine faoi láthair le Sage Advocacy mar Abhcóide Réigiúnach i mBaile Átha Cliath Thoir Theas agus Cill Mhantáin.



## Cyril Maybury

Ceapadh Cyril ar an mbord i mBealtaine 2022. D'fhóin sé ar Choiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca na Cuideachta ó mhí Feabhra 2019. Is Cuntasóir Cairte é agus tá Dioplóma sa Rialachas Corparáideach aige. Tá taithí os cionn 40 bliain ag Cyril ar sheirbhísí comhairleacha iniúchóireachta agus airgeadais do chuideachtaí, idir bheag agus mhór. Ag céimeanna éagsúla dá ghairm mar chomhpháirtí sa ghnólacht EY, ó 1970 go 2009, bhí sé ina pháirtí iniúchóireachta, ina pháirtí teicniúil agus oiliúna, i gceannas ar chleachtais iniúchóireachta Bhaile Átha Cliath agus Luimnigh, ina pháirtí bainistíochta riosca, agus ina cheann ar an bhfeidhm seirbhísí comhairleacha maidir le Dlíthíocht agus Calaois. Bhí sé ina chathaoirleach ar roinnt coistí de chuid Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn a bhí ag plé le Gnéithe Teicniúla, Tuairisciú Airgeadais, Dlí Cuideachtaí agus Gnó agus Caighdeáin i ndáil le Cleachtadh. Bhí sé ina chathaoirleach ar roinnt cuideachtaí agus boird iontaobhaithe pinsin agus bhí sé ina chathaoirleach ar choistí iniúchóireachta agus riosca freisin. San am a chuaigh thart, bhíodh sé ag déanamh deimhniú ar chostáil sa tionscal busiompair. Faoi láthair tá sé ina chomhalta de Choiste Iniúchóireachta Thithe an Oireachtais. Tá sé ina bhall de choiste Iniúchóireachta Thithe an Oireachtais faoi láthair. Tá sé ina chomhalta de phainéil achomhairc atá ag réiteach díospóidí morgáiste rianucháin i leith dhá bhanc. Tá sé ina Chathaoirleach ar Payac Services clg, forbróir an chórais cuntas reatha agus cártaí dochair a úsáideann Comhair Chreidmheasa.



## Dermot Healy

Ceapadh Dermot Healy ar an mbord i mí na Nollag 2021. Tá sé ina thiománaí bus le Bus Éireann ag Iosta Bhaile an Róistigh i Luimneach. Thosaigh sé ag obair le CIÉ in 1983 mar fhreastalaí sóisearach proinnchairr agus ansin bhog sé go Rannóg na bPaisinéirí Bóthair an bhliain dár gcionn agus é i róil amhail Cúntóir Oifige agus Stiúrthóir Bus sular thosaigh sé ag obair mar thiománaí ó 1991 i leith. Tá páirt ghníomhach aige sa cheardchumann ina bhfuil sé, NBRU, ó 1997 nuair a toghadh ar dtús é ar choiste a chraoibhe ceantair. D'fhóin sé mar Leas-Chathaoirleach agus Cathaoirleach ar Chraobh Luimnigh sular toghadh ar an gComhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta é in 1999. Is comhalta é d'Fhoireann Náisiúnta Caibidlíochta NBRU. Tá taithí fhairsing aige ar shaincheisteanna Caidrimh Thionsclaíoch lena n-áirítear roinnt babhtaí caibidlíochta leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus ag éisteachtaí de chuid na Cúirte Oibreachais.



## Keith Wallace

Ceapadh Keith Wallace ar an mbord an 5 Aibreán 2019. Tá an-taithí ag Keith i réimse an iompair phoiblí agus is mór aige an dea-rialachas corparáideach. Tá sé ina Stiúrthóir ar a ghnóthas comhairleoireachta féin agus roimhe sin bhí poist shinsearacha feidhmiúcháin aige le Caledonian Sleeper, Govia Thameslink Railway agus Scott Wilson. D'fhóin sé freisin i gcáil neamhfheidhmiúcháin ar roinnt bord. Faoi láthair tá Keith ina Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Scottish Autism, ina Chathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin ar Crossrail International agus ina Leasuachtarán agus Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Chumann Rugbaí na hAlban agus. Tá Céim san Innealtóireacht Shibhialta ag Keith ó Ollscoil Heriot-Watt i nDún Éideann agus is Innealtóir Cairte agus Stiúrthóir Cairte é. Athcheapadh Keith ar an mbord ar feadh téarma trí bliana eile i mí Aibreáin 2022.



## Rachel Widdis

Ceapadh an Dr Rachel Widdis ar an mbord i mí Aibreáin 2019. Tá Rachel ina Stiúrthóir i leith Réigiún na hEorpa, an Mheánoirthir, agus na hAfraice (EMEA) le Article One, sainchomhairleoireacht a bhíonn ag plé le gnó agus cearta daonna, nuálaíocht fhreagrach agus inbhuanaitheacht. Is Ollamh Taca cúnta í a mhúineann Gnó agus Cearta Daonna sa Scoil Dlí i gColáiste na Tríonóide. Roimhe seo bhí poist ag Rachel ag plé le hairgeadas struchtúrtha in ABN-AMRO i Lucsamburg agus le Forbairt Gnó EMEA i bPáras agus bhí sí ina hAnailísí Airgeadais le Citigroup i Londain. Tá céimeanna Máistir aici sa Ghnó agus sa Dlí. Baineann a PhD (2021) leis na freagrachtaí atá ar ghnólachtaí maidir le meas a léiriú ar chearta an duine agus le forbairt dlíthíochta i dtaobh ábhair comhshaoil, ábhair shóisialta agus rialachas. Áirítear le sainréimse Rachel rialachán nua lena gceanglaítear ar chuideachtaí dícheall cuí a dhéanamh maidir le cearta an duine agus an comhshaol. Bhí sí ag obair ar roinnt boird agus coistí deonacha a bhíonn ag plé le hoideachas, cultúr agus spórt. Athcheapadh Rachel ar an mbord ar feadh téarma ceithre bliana eile i mí Aibreáin 2022.



## Emer Murray

Ceapadh Emer Murray ar an mbord i mí an Mheithimh 2023 lena dtaithí 30 bliain i dteicneolaíocht seirbhísí airgeadais agus FinTech san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon, mar aon le taithí boird idirnáisiúnta. Ina róil feidhmiúcháin níos déanaí, bhí Emer ina Ceann Córais do NAMA agus ina Leas-Uachtarán Bainistíocht Tionscadail Dhomhanda ag Fenergo. Oibríonn Emer anois mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách sna seirbhísí airgeadais, FinTech agus boird stáit. Tá Baitsiléir Eolaíochta sa Mhatamaitic Fheidhmeach agus Máistreacht i mBainistíocht Tionscadal aici, an bheirt acu ó Ollscoil Luimnigh. Is comhalta í de Bhord Eurobank Cyprus, agus tá sí ina cathaoirleach freisin ar an gcomhlacht bogearraí Yubix Limited.

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

## Na Stiúrthóirí amhail 29 Bealtaine Aibreán 2024

An tUasal G. Owens

L. Carroll Uasal

An tUasal S. Hannan

An tUasal D Healy

E. Howley Uasal

An tUasal C. Maybury

E. Murray Usual *(ceaptha 19 Meitheamh 2023)*

An tUasal K. Wallace

An Dr R. Widdis

## An Príomhfheidhmeannach

An tUasal B. Hann

## Rúnaí Cuideachta

A. Keane Uasal

## Oifig Chláraithe

Bus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach Baile Átha Cliath 1

**Teileafón:** +353 1 872 0000

**Suíomh Gréasáin:** www.dublinbus.ie

## Uimhir Chláraithe

119569

Cuideachta faoi theorainn scaireanna atá cláraithe mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014

## Iniúchóirí Neamhspleácha

**Mazars, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Reachtúla**

Ionad Fhearchair Bloc 3

Bóthar Fhearchair

Baile Átha Cliath 2

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá a dtuarascáil bhliantúil á cur i láthair ag na stiúrthóirí de réir a n-oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí 2014, faoin Acht Iompair 1950 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú) 1986, i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

## Ráiteas ó na Stiúrthóirí um Beartas maidir le Comhlíonadh

Chun críocha Alt 225 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ('an tAcht'), déanaimidne, na stiúrthóirí, an méid seo a leanas:

1. Admhaímid go bhfuilimid freagrach as a chinntiú go bhfuil an chuideachta ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí iomchuí mar a shainítear in Alt 225 (1) den Acht ('na hoibleagáidí iomchuí'); agus
2. Deimhnímid:
   (i) Gur ullmhaíodh ráiteas um beartas maidir le comhlíonadh (mar a shainmhínítear in Alt 225 (3) (a) den Acht) ina leagtar amach beartais na Cuideachta (a mheasaimid is cuí maidir leis an gCuideachta) maidir le comhlíonadh a cuid oibleagáidí iomchuí ag an gcuideachta;

   (ii) gur cuireadh i bhfeidhm comhshocraíochtaí nó struchtúir iomchuí, a mheasaimid a dheartar chun comhlíonadh ábhartha oibleagáidí iomchuí na cuideachta a áirithiú; agus

   (iii) go ndearnadh athbhreithniú ar na comhshocraíochtaí nó na struchtúir dá dtagraítear i mír (ii) thuas le linn na bliana airgeadais lena mbaineann an tuarascáil seo.

Thug Bus Átha Cliath agus cuideachtaí eile de chuid Ghrúpa CIÉ faoi phróiseas mionsonraithe chun cloí go hiomlán le riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le Ráitis um Chomhlíonadh Stiúrthóirí. D'fhonn dearbhú a sholáthar, rinneadh athbhreithniú. Choimisiúnaigh Grúpa CIÉ an t - athbhreithniú seo do gach cuideachta oibriúcháin de chuid Ghrúpa CIÉ agus rinne Roinn Iniúchóireachta Inmheánaí Ghrúpa CIÉ é. Eisíodh tuarascáil chuimsitheach do Choiste Iniúchóireachta, Airgeadais & Riosca Bhus Átha Cliath agus rinne siad athbhreithniú mionsonraithe uirthi. Dheimhnigh an tuarascáil go raibh Bus Átha Cliath ag cloí go hiomlán leis na riachtanais a bhaineann le Ráitis um Chomhlíonadh Stiúrthóirí.

## Taifid chuntasaíochta

Is iad na bearta atá glactha ag na stiúrthóirí d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáid na cuideachta i dtaobh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád de réir Alt 281 go dtí 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ná córais agus nósanna imeachta iomchuí a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Tá na taifid chuntasaíochta á gcoimeád ag Bus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

## Scairchaipiteal

Leagtar amach i nóta 18 sonraí i dtaobh scairchaipiteal na cuideachta. Ní raibh aon ghluaiseachtaí sa scairchaipiteal i rith na bliana.

Níl fochuideachta ar bith ag an gcuideachta ná infheistíocht ar bith i gcuideachtaí eile agus sin mar a bhí amhlaidh an bhliain roimhe sin.

## Cruinnithe na scairshealbhóirí

Déantar cruinniú ginearálta bliantúil na cuideachta a thionól uair amháin gach bliain féilire cibé tráth (nach faide ná cúig mhí dhéag tar éis an chruinnithe ghinearálta bhliantúil roimhe sin) agus cibé áit a leagfaidh na stiúrthóirí síos. Féadfaidh na stiúrthóirí cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta a thionól aon uair a mheasann siad gur cuí sin nó ar iarraidh ó Chóras Iompair Éireann.

## Gnóthas leantach

Tháinig méadú suntasach ar líon na bpaisinéirí i mBus Átha Cliath in 2023 de réir mar a bhí líon mór custaiméirí ag filleadh ar iompar poiblí. Léiríonn sé seo freisin an infheistíocht shuntasach i seirbhísí feabhsaithe mar chuid den chlár Athdhearadh Líonra BusConnects. San iomlán, d'iompair an chuideachta níos mó ná 146 milliún paisinéir in 2023, méadú 20% ar leibhéil 2022. Is iontach an teist é sin ar sheirbhísí iompair phoiblí.

Aithníonn an bord maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) a fuarthas le linn 2023 chun an Conradh Dámhachtana Dhírigh (DAC) a oibriú. Chumasaigh sé seo leathnú seirbhísí riachtanacha iompair phoiblí thuasluaite. Tugann an bord dá aire freisin an teagmháil dhearfach leis an Roinn Iompair agus leis an NTA maidir leis na pleananna seirbhíse feabhsaithe seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Bhreithnigh na stiúrthóirí freisin na héiginnteachtaí geopholaitiúla atá ann faoi láthair agus a dtionchar ar rioscaí gnó áirithe don chuideachta. Cé go bhfuil maolú tagtha ar rioscaí amhail slándáil fuinnimh agus suaitheadh sa slabhra soláthair, tá an poitéinseal maidir le luaineacht amach anseo fós ina ábhar imní agus méadaítear imní maidir le cibearshlándáil sa timpeallacht reatha freisin. Is éard atá i gceist le tásca ná gur éirigh le beartais airgeadaíochta ar fud an domhain aghaidh a thabhairt ar bhoilsciú agus go bhfuil ionchais an mhargaidh ann maidir le laghduithe rátaí in 2024 a mbeidh tionchar dearfach acu ar chumas caiteachais do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí.

Bhainistigh an chuideachta na rioscaí sin le linn 2023 faoi réir pharaiméadair chistiúcháin an chonartha dírdhámhachtana.

Tá breithniú déanta ag na stiúrthóirí ar a oiriúnaí atá sé bonn ullmhúcháin an ghnóthais leantaigh a chur i bhfeidhm i leith ullmhú na ráiteas airgeadais agus tá siad deimhin de gur iomchuí ráitis airgeadais na bliana 2023 a ullmhú ar an mbonn sin.

I measc na bpríomhthosca a breithníodh agus an cinneadh sin á dhéanamh, bhí an méid seo a leanas:

- staid trádála na Seirbhísí OSP;
- staid trádála na Seirbhísí Tráchtála; agus
- staid leachtachta na cuideachta agus Ghrúpa CIÉ.

Le bonn an ghnóthais leantaigh, glactar leis go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh ar a laghad 12 mhí ón dáta ar ar formheasadh na ráitis airgeadais seo.

## Seirbhísí OSP

Bronnadh conradh dírdhámhachtana ar an gcuideachta ar bhonn conradh glanchostais ag deireadh na bliana 2019, agus rinneadh conradh ollchostais de ón 1 Eanáir 2021. Leanfaidh an chuideachta ar aghaidh ag feidhmiú faoi chonradh ollchostais don chuid eile den chonradh dírdhámhachtana atá i bhfeidhm faoi láthair. Faoi chonradh ollchostais d'aistrigh an t-ioncam ón mbosca táillí agus ioncam eile ó phaisinéirí chuig an Údarás Náisiúnta Iompair.

Leanann an Chuideachta ar aghaidh ag cur seirbhísí OSP ar an mbóthar i gcomhréir leis an gConradh Dírdhámhachtana le linn 2023. Bhí an chuideachta lánchistithe in 2023 faoin gconradh.Tá sé deimhnithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair go bhfuil sé ar intinn aige leanúint de chistiú OSP a sholáthar i gcomhréir leis an gConradh Dírdhámhachtana in 2024. In 2023, thug an NTA le fios go bhfaighidh an chuideachta DAC cúig bliana nua den mhéid agus den scála céanna. Beidh an conradh seo i bhfeidhm ón 1 Nollaig 2024 go dtí an 30 Samhain 2029.

Bhreithnigh na stiúrthóirí an méid cistithe is dócha a bheadh ag teastáil i leith 2024 agus 2025. Ba ghné riachtanach de mheasúnú na stiúrthóirí ar staid airgeadais na cuideachta é an toimhde go bhféadfaí leibhéil chuí chistiúcháin OSP a sholáthar in 2024 agus 2025.

Tá na stiúrthóirí deimhin de:

- go bhfuil sé fós ar intinn ag an Údarás Náisiúnta Iompair cistiú a sholáthar don chuideachta chun Seirbhísí OSP a fheidhmiú i gcomhréir leis an gConradh Dírdhámhachtana;
- gur fhág an phleanáil mhionsonraithe a rinneadh ar chásanna go bhféadfaí measúnaithe réasúnta a dhéanamh ar an leibhéal cistithe is dócha a bheidh ag teastáil;
- go solathraíonn buiséad an Státchiste 2024 do feidhmíocht conradh OSP reatha Bhus Átha Cliath in 2024; agus
- go bhfaighidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair cistiú leordhóthanach ón Státchiste chun íoc as an gConradh Dírdhámhachtana in 2025.

## Seirbhísí Tráchtála

Lean Seirbhísí Tráchtála ag feidhmiú in 2023, ar leibhéil laghdaithe, de réir mar a thagann an chuideachta chun cinn as an laghdú foirne a bhí ag teastáil le linn COVID-9. Leanann an chuideachta freisin le measúnú a dhéanamh ar dheiseanna tráchtála amach anseo. Thuill Seirbhísí Tráchtála barrachas €1 mhilliún in 2023.

Tá sé formheasta ag an mbord go leanfaidh foireann bheag daoine ar aghaidh ag obair chun deiseanna a fhorbairt do na Seirbhísí Tráchtála in 2024 agus ina dhiaidh sin, de réir mar a thiocfaidh feabhas arís eile ar chúinsí oibriúcháin. Tar éis dóibh cásanna agus réamh-mheastacháin mhionsonraithe a bhreithniú, tá na stiúrthóirí deimhin de go bhfuil dóthain acmhainní ag an gcuideachta chun cistiú a dhéanamh ar na Seirbhísí Tráchtála in 2024 agus 2025.

## Leachtacht Ghrúpa CIÉ

Feidhmíonn Grúpa CIÉ córas cisteáin chomhthiomsaithe agus braitheann Bus Átha Cliath ar shaoráidí baincéireachta an Ghrúpa chun a chuid oibríochtaí a bhainistiú i gcomhréir leis an bplean gnó formheasta. Iarmhéid féichiúnaí idirchuideachta €159 milliún a bhí ag an gcuideachta le Grúpa CIÉ amhail an 31 Nollaig 2023.

Tá iarmhéid airgid €253 milliún ag an nGrúpa faoi láthair amhail an 31 Nollaig 2023. Tá comhaontú saoráide baincéireachta geallta ag an nGrúpa go dtí mí Eanáir 2025. Faoin gcomhaontú saoráide sin is ionann iasacht an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2023 agus €8 milliún. Déanfar an iasacht sin a amúchadh thar thréimhse ceithre bliana. Is é €80 milliún an méid neamhtharraingthe atá ar fáil don Ghrúpa faoi shaoráidí creidmheasa imrothlaigh an Ghrúpa.

Measann na stiúrthóirí go leanfaidh an Grúpa ar aghaidh ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá air faoin gcomhaontú ar feadh na tréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta formheasa na ráiteas airgeadais seo. Tá fianaise ar thacaíocht leanúnach Ghrúpa CIÉ do Bhus Átha Cliath sa Litir Thacaíochta ó CIÉ chuig Bus Átha Cliath dar dáta an 22 Bealtaine 2024.

Leagtar amach tuilleadh sonraí i Nóta 2 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## Príomhghníomhaíochtaí agus athbhreithniú airgeadais

Is é príomhghníomhaíocht na cuideachta seirbhís chuimsitheach bus a sholáthar do chathair Bhaile Átha Cliath agus don cheantar máguaird. Is ag Córas Iompair Éireann (CIÉ), comhlacht reachtúil atá ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus a thuairiscíonn don Aire Iompair, atá 100% de scairchaipiteal eisithe na cuideachta.

Ioncam iomlán €334.8 milliún a bhí ann in 2023 i gcomparáid le €310.1 milliún an bhliain roimhe sin. Lean an cuideachta ar aghaidh ag oibriú seirbhísí OSP i gcomhréir leis an gConradh Dírdhámhachtana le linn 2023. Rinne an chuideachta brabús €2.1 milliún in 2023 (€0.4 milliún in 2022).

Thuill an chuideachta brabús réasúnta ar sheirbhísí OSP agus bhain sí tairbhe as sciar de bhearta éifeachtúlachta costais a cuireadh ar fáil le linn 2023. Ach, gearradh pionóis ar an gcuideachta a d'fhág gur laghdaíodh an brabús iomlán a tuilleadh ar na seirbhísí sin. Is léiriú iad na pionóis feidhmíochta a gearradh faoin gconradh ar na dúshláin a bhí le sárú ag an gcuideachta i dtaobh feidhmíocht agus iontaofacht na seirbhísí i rith na bliana.

Bhí dúshláin ag an gcuideachta maidir le hearcú tiománaithe sa chéad leath de 2023, ach d'éirigh léi 453 tiománaí a earcú le linn 2023 chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse do chustaiméirí. Is é seo an leibhéal is airde tiománaithe nua a tugadh isteach in aon bhliain amháin.

Níorbh fhéidir dálaí tráchta a thuar i rith 2023 agus bhí tionchar aige sin ar leibhéil poncúlachta foriomlána agus ar fheidhmíocht ghinearálta na cuideachta. Leanann an chuideachta ag obair leis na páirtithe leasmhara go léir chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo.

Aithníonn na geallsealbhóirí go léir go mbaineann an-tábhacht le barrachas réasúnta ar an gconradh OSP ionas go mbeidh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh ag díriú ar chobhsaíocht airgeadais, rud as a n-eascróidh cistí chun infheistíocht riachtanach a dhéanamh agus seasmhacht níos fearr maidir le seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar. Tá an bord aireach ar a cuid oibleagáidí cinntiú go mbeidh an chuideachta fós i riocht airgeadais socair ionas go mbeidh ar a cumas freastal ar riachtanais iompair an phobail. Tá an chuideachta meáite go fóill ar chur leis an luach ar airgead agus ar níos mó bearta éifeachtúlachta costais a chur i bhfeidhm ar fud na gcatagóirí caiteachais go léir.

Lean an chuideachta freisin de phríomhthionscadail a bhaineann le hiompar a sheachadadh, i gcomhar leis an NTA, le linn 2023. Aithníonn an bord an tábhacht a bhaineann leis na príomhthionscadail seo agus an ról atá acu maidir le córas iompair phoiblí feabhsaithe agus inbhuanaithe a sheachadadh.

Is mian leis na stiúrthóirí aitheantas a thabhairt don tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, a choinnigh air ag plé leis an gcuideachta lena chinntiú go leanfar le hinfheistíochtaí caipitil sa fhlít feithiclí OSP agus i mbearta feabhsúcháin do chustaiméirí mar chuid den tiomantas comhpháirteach atá ag an Údarás agus Bus Átha Cliath maidir le seirbhísí OSP a fheabhsú.

Tá an chuideachta ag brath ar chistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair chun seirbhísí iompair phoiblí a chur ar fáil atá inmhianaithe ón ngné shóisialta ach nach bhfuil tairbhe gheilleagrach le baint astu.

Is maith a d'fheidhmigh na Seirbhísí Tráchtála i gcúinsí dúshlánacha oibriúcháin. Cuireadh tuilleadh le gníomhaíochtaí branda DoDublin agus leis an tairiscint seirbhíse sin in 2023. Tháinig méadú ar líon na n-aistear a rinne custaiméirí, rud a thug spreagadh dúinn, agus tuairiscíodh barrachas níos fearr i gcomparáid le 2022. Tá na stiúrthóirí,i gcomhar leis an lucht bainistíochta, fós ag breathnú ar na roghanna go léir lena bhféadfaí tacú le fás leanúna na ngníomhaíochtaí tráchtála ar bhonn inbhuanaithe airgeadais. Tá roinnt tionscnamh beartaithe i gcomhair 2024 chun gné thráchtála an ghnó a neartú tuilleadh.

Tá méadú thar 4% tagtha ar ghlansócmhainní na cuideachta ó €45.0 milliún in 2022 go €47.0 milliún in 2023. Staid leachtachta dhearfach atá ag an chuideachta fós agus coibhneas 2.96 atá i gceist idir na sócmhainní reatha agus an dliteanas reatha.

Déanann na stiúrthóirí athbhreithniú ar na cuntais thréimhsiúla bhainistíochta agus airgeadais agus ar na príomhtháscairí feidhmíochta airgeadais agus neamhairgeadais agus na buiséid ag na cruinnithe atá ar sceideal bhord Bhus Átha Cliath.

## Díbhinní

Níor íocadh ná níor fógraíodh aon díbhinní in 2023 ná in 2022.

## Na príomhrioscaí agus an bhainistíocht riosca

Tá an chuideachta tiomanta do rioscaí a bhainistiú ar bhealach córasach, smachtaithe. Aithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag an gcuideachta trí phróiseas bainistíochta riosca ar fud na cuideachta.

Leis an gCreat Bainistíochta Riosca agus an Córas Faisnéise um Bainistíocht Riosca, is féidir tuairisciú i bhfíor-am a dhéanamh ar rioscaí atá faoi réir measúnachta agus athbhreithnithe. Déanann an lucht bainistíochta é sin gach mí agus déanann an bord gach ráithe é. Bhí córas i bhfeidhm i rith na bliana chun rioscaí a chur in ord tosaíochta ar bhonn cuspóra, córas a dhíríonn aird an bhoird ar na rioscaí arna n-aithint.

Téann CIÉ i mbun socruithe réamhcheannacháin breosla agus airgeadra thar ceann Bhus Átha Cliath nuair a mheasann sé go bhfágann an cur chuige sin go bhfuil luach níos fearr agus riosca níos lú ann don ghrúpa. Is é CIÉ an contrapháirtí i leith na n-idirbheart sin. Tá cúrsaí leachtachta á mbainistiú go cúramach ar bhonn Ghrúpa CIÉ, ag foireann ghairmiúil ar leith a dhéanann comhordú ó lá go lá ar bhainistiú airgid agus cisteáin, mar aon le pleanáil bhliantúil agus ilbhliantúil agus cistiú corparáideach a fháil ó bhainc ar leor é ionas gur féidir le Grúpa CIÉ leanúint ar aghaidh ag feidhmiú.

## Infheistíocht chaipitiúil

Leanadh le hinfheistíocht a dhéanamh chun seirbhísí a fheabhsú le cabhair ón Údarás Náisiúnta Iompair. Le linn 2023 chuir an chuideachta bonneagar i bhfeidhm go céimneach ag dhá shuíomh chun tacú leis an bhflít busanna nua go hiomlán leictreach agus thug sí 22 bus iomlán leictreach isteach i seirbhís chun feithiclí díosail níos sine a athsholáthar agus chun acmhainn a mhéadú chun riachtanais chlár Athdhearadh Líonra BusConnects a chomhlíonadh. Áiríodh leis an gcaiteachas mór eile cláir athchóirithe busanna a bhí dírithe ar cháilíocht agus iontaofacht na seirbhísí a chinntiú ar mhaithe leis na custaiméirí.

## Caiteachas ar shainchomhairleoireacht

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, ceanglaítear go nochtfar sa Tuarascáil Bhliantúil sonraí faoin gcaiteachas ar shainchomhairleoirí/comhairleoirí seachtracha sa bhliain airgeadais. Ghlac an chuideachta an sainmhíniú seo a leanas ar an gcaiteachas ar shainchomhairleoireacht:

*"Is é is sainchomhairleoireacht ann an cás ina bhfostaítear duine, eagraíocht nó grúpa chun seirbhísí intleachtúla nó seirbhísí eolais a sholáthar (mar shampla, anailís agus comhairle shaineolach) trí thuairiscí, staidéir, measúnuithe, moltaí, tograí etc. a sholáthar a chuidíonn le cinnteoireacht nó le ceapadh beartais in údarás conarthach. Ba cheart go bhfostófaí an duine nó na daoine ar feadh tréimhse ama theoranta chun cúram (nó sraith cúraimí) sonrach a bhfuil teorainn ama leis a chur i gcrích lena n-éilítear sainscileanna nó sainchumas nach mbeifí ag súil a bheadh ag daoine laistigh den údarás conarthach féin de ghnáth. Is é an fhaisnéis atá á lorg leis an nochtadh seo ná leibhéal an chaiteachais ar shainchomhairleoireacht a thabhaigh an comhlacht Stáit i rith na bliana airgeadais. Níl sé i gceist go n-áireofaí leis caiteachas ar phróisis ghnáthghnó a rinneadh a sheachfhoinsiú."*

De réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, leagtar amach sa tábla thíos na costais sainchomhairleoireachta a thabhaigh an chuideachta in 2023 atá san áireamh leis na hábhair agus na seirbhísí (nóta 6):

| **Catagóir** | **2023<br>€000** |
|---|---|
| Caidreamh tionsclaíoch | 18 |
| Dlí | 9 |
| Straitéis eagrúcháin | 793 |
| Caidreamh poiblí agus margaíocht | 88 |
| Rialú agus sábháilteacht | 47 |
| Comhairle faoi chúrsaí cánach agus airgeadais | 68 |
| **Ollchostais sainchomhairleoireachta** | **1,023** |

## An bord

Is tríd an mbord stiúrthóirí atá an chuideachta á rialú. Thionóil an bord sé chruinniú in 2023 (ocht gcinn in 2022) agus is ann do sceideal míreanna ar leith atá le ceadú aige.

## Stiúrthóirí

Is é an tAire Iompair a cheapann stiúrthóirí na Cuideachta. Seo thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ag feidhmiú mar stiúrthóirí i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2023 nó a ceapadh ó shin i leith. Mura luaitear a mhalairt, bhí siad ina stiúrthóirí ar feadh na tréimhse iomláine go dtí an dáta ar a ndearnadh na ráitis airgeadais seo a fhormheas.

An tUasal G. Owens

L. Carroll Uasal

An tUasal S. Hannan An tUasal D Healy

E. Howley Uasal

An tUasal C. Maybury

E. Murray Usual *(ceapadh í an 19 Bealtaine 2023)*

An tUasal K. Wallace

An Dr R. Widdis

Ní raibh leas ar bith ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí i scair ná bintiúr ar bith de chuid na cuideachta, dá cuideachta sealbhaíochta ná dá comh-fhochuideachtaí tráth ar bith le linn na bliana.

Ní raibh aon chonradh ná socrú a rinneadh i gcaitheamh na bliana ina raibh leas ábhartha ag stiúrthóir i dtaca le gnó na cuideachta.

## An Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Infhestíochta (An Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca roimhe seo)

Amhail an 29 Bealtaine 2024, is iad na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas den Bhord atá ar an gCoiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Infheistíochta: L. Carroll Uasal (Cathaoirleach), an tUasal C. Maybury agus an tUasal K. Wallace. Is comhalta seachtrach den Choiste é an tUasal K. Kelly.

I mí Dheireadh Fómhair 2023 cheadaigh an bord bunú an Choiste Riosca agus athbhunú an Choiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca (CIAR) mar an Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Infheistíochta (CIAI). Cheadaigh an bord Téarmaí Tagartha an Choiste Riosca agus AFIC ag a chruinniú i mí Feabhra 2024. D'oibrigh an Coiste i gcomhréir le Téarmaí Tagartha CIAR i rith 2023.

Cé go bhfuil sé de dhualgas ar gach stiúrthóir gníomhú ar mhaithe leis an gcuideachta, tá ról ar leith ag an choiste seo, ag gníomhú dó go neamhspleách ar an lucht feidhmiúcháin, maidir lena chinntiú go ndéanfar leasanna na scairshealbhóirí a chosaint go cuí i ndáil leis an maoirseacht ar an tuairisciú airgeadais, ar an rialú inmheánach, ar an iniúchóireacht inmheánach agus sheachtrach, ar an mbainistíocht riosca agus ar an rialachas corparáideach.

I rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2023, rinne an coiste seo faireachán ar an bpróiseas buiséadach, agus choinnigh sé faoi athbhreithniú éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chóras bainistíochta riosca na cuideachta. Go háirithe, rinne an Coiste an méid seo a leanas:

- chuaigh sé i gcomhairle leis an mBainisteoir Riosca ar bhonn rialta maidir leis na príomhrioscaí agus na príomhábhair neamhchinnteachta a bhfuil tionchar acu ar an gcuideachta, lena n-áirítear na rioscaí a bhí ann de bharr an baol go dtarlódh cibearionsaí, agus rinne sé faireachán ar an gcóras Bainistíochta Riosca agus an tírdhreach riosca atá ag athrú;
- chuaigh sé i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, le Bainisteoir na gCóras Gnó agus leis an Oifigeach Slándála Faisnéise ar bhonn rialta maidir le slándáil faisnéise, agus é ag díriú go háirithe ar chibear-riosca agus ar phleanáil i gcomhair leanúnachas gnó;
- i dteagmháil leis an Iniúchóir Seachtrach chun cibé ceisteanna a chur a shásóidh é féin maidir lena neamhspleáchas;
- faireachán a dhéanamh ar oibriú DAC na cuideachta Nollaig 2019 go Nollaig 2024 agus dul i dteagmháil leis an mbainistíocht shinsearach maidir le gach gné airgeadais, oibríochtúil agus tráchtála den chonradh seo trí chur i láthair ón gcuideachta, óna comhairleoirí dlí agus ó shaineolaithe seachtracha eile agus trí phlé leo;

- tograí éifeachtúlachta costais athbhreithnithe arna gcur faoi bhráid an NTA ag an gcuideachta faoi fhorálacha DAC;
- faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme thionscadail shuntasacha iompair phoiblí na cuideachta ó thaobh iniúchóireachta, airgeadais agus riosca de, lena n-áirítear an Tionscadal Leictriúcháin Iosta agus rolladh amach chlár Athdhearadh Líonra BusConnects an Údaráis Náisiúnta Iompair;
- chuaigh sé i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach Airgeadais agus leis an Iniúchóir Seachtrach lena chinntiú go raibh sé sásta leis na breithiúnais chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm sna ráitis airgeadais, lena n-áirítear a oiriúnaí a bhí sé bonn an ghnóthais leanúnaigh a chur i bhfeidhm;
- bhí plé príobháideach aige, gan an lucht bainistíochta i láthair, leis na hIniúchóirí Seachtracha lena chinntiú nach raibh aon ábhar imní i gceist agus chun eolas a chur ar cheisteanna a d'eascair as an iniúchadh a rinne siad;
- chuir sé in iúl go soiléir do na hIniúchóirí Seachtracha go bhféadfaidh siad cruinniú leis an gcoiste a iarraidh tráth ar bith má mheasann siad go bhfuil ceann de dhíth chun mír nó míreanna ar leith a phlé;
- chuaigh sé i gcomhairle leis an Iniúchóir Seachtrach chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhféadfadh an coiste brath ar obair agus conclúidí a foirne, agus bhí plé príobháideach aige, gan an lucht bainistíochta i láthair, leis an Iniúchóir Seachtrach lena chinntiú nach raibh aon ábhar ba chúis imní dó agus chun eolas a chur ar cheisteanna a d'eascair as an iniúchadh a rinne sé;
- bhuail sé leis an bPríomhoifigeach Soláthair chun a bheith deimhin i dtaobh dhéine na mbeartas agus na nósanna imeachta a bhaineann le bainistíocht soláthair agus conarthaí;
- rinne sé athbhreithniú rialta ar thorthaí oibriúcháin na bliana 2023 agus rinne sé deimhin de réasúnacht Bhuiséad 2024;
- dul i mbun bainistíochta i ndáil le cur chun cinn agus neartú leanúnach Chód Eitice na cuideachta, lena n-áirítear athbhreithniú ar Bheartas Frithéillithe na cuideachta
- rinne sé faireachán ar chur chun feidhme na moltaí a eascraíonn as tuarascálacha ar na hiniúchtaí inmheánacha;
- chuaigh sé i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach Airgeadais, ar a laghad dhá uair sa bhliain, chun ráiteas a fháil uaithi á dhearbhú nach eol di aon ábhar a bhaineann le calaois nár cuireadh ar a súile do chomhaltaí an choiste i ngnáthchúrsa an tuairiscithe do CIAR;
- am agus aird shuntasach a dhíriú ar cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014 agus Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla) 2018 agus go háirithe maoirseacht a sholáthar don bhord i ndáil le Próiseas Dearbhaithe Comhlíonta na Stiúrthóirí;
- rinne sé faireachán ar chur chun feidhme bheartas na cuideachta i dtaobh Nochtadh Cosanta i gcásanna ina bhfuarthas gearáin;
- rinne sé athbhreithniú inmheánach ar ár bhfeidhmíocht faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016;
- dul i dteagmháil leis an gcomhairleoir seachtrach a bhí i mbun athbhreithniú neamhspleách ar na coistí iniúchta agus riosca ar fud Ghrúpa CIÉ, athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil an chomhairleora sheachtraigh ar an ábhar, gníomhartha comhaontaithe le déanamh ag an gcoiste chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí is infheidhme maidir leis an gcoiste seo agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha go rialta;
- dul i dteagmháil leis an mbainistíocht i ndáil le riachtanais árachais na cuideachta agus athnuachaintí bliantúla ar bheartais shuntasacha;
- bhí ról gníomhach aige maidir leis an gcuideachta a stiúradh trí na dúshláin a bhaineann leis an éiginnteacht eacnamaíoch dhomhanda a eascraíonn as cogadh agus teannas geopholaitiúil in Oirthear na hEorpa agus sa Mheánoirthear, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar rioscaí gnó agus athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnú na bainistíochta ar thionchar airgeadais agus neamhairgeadais na rioscaí gnó gaolmhara;
- bhí sé i mbun plé leis an bPríomhoifigeach Airgeadais agus leis na hIniúchóirí Seachtracha maidir le meastacháin agus toimhdí ríthábhachtacha cuntasaíochta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear luacháil a dhéanamh ar an soláthar i dtaobh éilimh dhliteanais tríú páirtí/fostóra;

- rinne sé faireachán agus athbhreithniú ar an gcaoi a gcomhlíonann an chuideachta ceanglais na Rialachán um Chosaint Sonraí Ginearálta;
- chuaigh sé i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach Airgeadais chun bheith ar an eolas faoi chomhlíonadh na n-achtanna cánach agus faoin gcumarsáid idir an chuideachta agus na Coimisinéirí Ioncaim;
- rinne sé athbhreithniú ar an tuarascáil ISAE 3402 a d'ullmhaigh Iniúchóirí an Údaráis Náisiúnta Iompair agus ar an tuarascáil ISAE 3000 ónár gcuid iniúchóirí féin;
- rinne sé faireachán agus athbhreithniú ar an measúnú atá á dhéanamh ag an gcuideachta ar thionchar an Bhreatimeachta; agus
- rinne sé faireachán agus athbhreithniú ar an gcaoi a gcomhlíonann an chuideachta ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

Tá Téarmaí Tagartha CIAR/CIAI formheasta ag an mbord. Déantar athbhreithniú orthu gach bliain agus déantar iad a leasú nuair is cuí. Bhuail Cathaoirleach an choiste le Cathaoirleach na cuideachta chun plé a dhéanamh ar ábhair a eascraíonn as stiúradh ghnó na Coistí. Tháinig an coiste le chéile sé huaire in 2023 (sé huaire in 2022). Is é CIAR/CIAI a chomhlíonann ról an Choiste Iniúchóireachta a cheanglaítear a bhunú faoi Alt 167 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Níor sholáthair na hiniúchóirí aon seirbhísí ábhartha neamhiniúchóireachta i rith na bliana atá faoi athbhreithniú. Dá bhrí sin, tar éis do CIAR/CIAI gach caidreamh idir an chuideachta agus an gnólacht iniúchóireachta seachtraí a mheas, ní dóigh leis go ndéanann an caidreamh sin dochar do bhreithiúnas ná neamhspleáchas an iniúchóra.

## Coiste Riosca an Bhoird

Am 29 Bealtaine 2024, cuimsíonn Coiste Riosca an Bhoird na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas ar an mbord: dul i mbun bainistíochta i ndáil le cur chun cinn agus neartú leanúnach Chód Eitice na cuideachta, lena n-áirítear athbhreithniú ar Bheartas Frithéillithe na cuideachta; Tá an tUasal D. Johnson ina bhall seachtrach den Choiste Riosca. Ceapadh E. Murray Uasal ar an gCoiste agus mar Chathaoirleach ar an gCoiste an 25 Deireadh Fómhair 2023. Ceapadh L. Carroll Uasal agus an Dr R. Widdis ar an gCoiste an 29 Samhain 2023. Ceapadh an tUasal D. Johnson ar an gCoiste ar 27 Márta 2024.

I mí Dheireadh Fómhair 2023 cheadaigh an bord bunú an Choiste Riosca agus ina dhiaidh sin cheadaigh sé Téarmaí Tagartha an Choiste Riosca ag a chruinniú i mí Feabhra 2024.

Is é ról an Choiste Riosca measúnú agus tuairisciú a dhéanamh don bhord ar na rioscaí agus na héiginnteachtaí móra a théann i bhfeidhm ar an gcuideachta agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gcás seo.

## Coiste Sábháilteachta an Bhoird

Amhail an 29 Bealtaine 2024, is iad na comhaltaí boird seo a leanas atá ar Choiste Sábháilteachta Bhord Bhus Átha Cliath (CSB): An tUasal K. Wallace (Cathaoirleach), an tUasal S. Hannan, an tUasal D. Healy agus E. Howley Uasal.

Bunluach de chuid na cuideachta is ea féachaint chuige go mbíonn na fostaithe agus na custaiméirí sábháilte. Gníomhaíonn an chuideachta ar bhonn an luacha sin trí sheirbhís iompair a sholáthar ina mbraitheann daoine go bhfuil siad sábháilte agus ina bhfuil eispéiris na gcustaiméirí agus na bhfostaithe bunaithe ar thiomantas seasta do chleachtais shábháilte. Sa chomhthéacs sin, tá ról lárnach ag Coiste Sábháilteachta an Bhoird i dtaobh a chinntiú go mbeidh an tsábháilteacht seasta i gcroílár an ghnó, agus go ndéanfar cuspóirí agus tosaíochtaí tábhachtacha sábháilteachta a bhainistiú agus a chomhlíonadh go héifeachtach.

Is iad seo a leanas na Téarmaí Tagartha atá ag CSB:

- ullmhaíonn an lucht bainistíochta Pleananna Sábháilteachta agus tugann siad cothrom le dáta iad gach uile bhliain;
- ullmhaíonn an lucht bainistíochta tuarascáil bhliantúil ar an athbhreithniú ar na Córais Bainistíochta Sábháilteachta;
- bíonn caidreamh agus comhoibriú iomchuí idir an lucht bainistíochta agus na húdaráis sábháilteachta reachtúla ábhartha, lena n-áirítear an Roinn Iompair, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta;

- athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhtháscairí feidhmíochta sábháilteachta ullmhaithe ag an lucht bainistíochta agus a dhéanann siad tuairisciú ina leith; agus
- aon ábhair eile a bhaineann le sláinte, sábháilteacht agus an comhshaol arna gcur faoi bhráid an choiste ag an bhord nó lucht bainistíochta.

Tá an coiste údaraithe ag an bhord chun imscrúdú a dhéanamh ar aon ghníomhaíocht a thagann faoina théarmaí tagartha, chun na hacmhainní atá de dhíth chuige sin a fháil agus chun rochtain iomlán a bheith aige ar fhaisnéis. Tá sé údaraithe chun aon fhaisnéis atá de dhíth air a éileamh ó aon fhostaí, agus treoraítear do gach fostaí comhoibriú le haon iarraidh ón gcoiste. Tá an coiste údaraithe ag an mbord chun comhairle ghairmiúil sheachtrach a lorg agus, más gá, chun iarraidh ar chomhairleoirí seachtracha a bhfuil taithí chuí acu freastal ar chruinnithe.

D'fhormheas an bord Téarmaí Tagartha an Choiste agus déantar athbhreithniú orthu gach bliain agus leasaítear iad nuair is cuí. Tháinig an coiste le chéile ceithre huaire san iomlán in 2023 (ceithre huaire in 2022) i gcomhréir leis an sceideal atá beartaithe dá chruinnithe. Bhí siad seo a leanas i measc na míreanna tábhachtacha a ndearnadh athbhreithniú orthu i rith na bliana:

- beartas oibre níos faide;
- bainistiú agus tionchair ar iompraíocht fhrithshóisialta;
- treochtaí tionóiscí agus maolú tionóiscí;
- tuarascálacha agus moltaí maidir le himscrúdú tionóiscí;
- athruithe reachtacha a dhéanann difear don chuideachta;
- teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail micrea-shoghluaisteacht;
- saincheisteanna agus tionscnaimh inrochtaineachta;
- cleachtaí éigeandála agus pleanáil; agus
- príomhthionscnaimh sábháilteachta a ghlacadh do 2023, lena n-áireofar an méid seo a leanas:
    - cultúr Sláinte agus Sábháilteachta a fheabhsú;
    - cinnteoireacht faoi thionchar sonraí laistigh de phróisis sábháilteachta;
    - teicneolaíocht nua – Flít, bonneagar, agus taithí an chustaiméara; agus
    - straitéis sláinte agus folláine na cuideachta a chur chun feidhme.

## Coiste Luacha Saothair agus Comharbais an Bhoird

Amhail an 29 Bealtaine 2024, is iad na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas den bhord atá ar an gCoiste Luacha Saothair agus Comharbais: an tUasal C. Maybury (Cathaoirleach), L. Carroll Uasal, G. Owens agus E. Howley Uasal. D'éirigh an Dr R. Widdis ón gCoiste ar 29 Samhain 2023. Ceapadh an tUasal C. Maybury ar an gCoiste agus mar Chathaoirleach an Choiste ar 29 Samhain 2023.

Agus aitheantas á thabhairt do sheasamh Bhus Átha Cliath mar a chinntear é faoi Alt 14(1) den Acht Iompair, 1986, is iad seo a leanas feidhmeanna an Choiste:

- a chinntiú go gcuirfear chun feidhme an beartas rialtais maidir le luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus na mbainisteoirí a thuairiscíonn dó ar bhonn díreach, agus a chinntiú go gcuirfear chun feidhme na socruithe atá déanta ag an Roinn Airgeadais, ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus ag an Roinn Iompair i dtaobh luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a chinneadh agus a fhormheas, agus go gcloífear leo;
- a chinntiú go gcloífear le haon treoirlínte ón rialtas agus le beartais Bhus Átha Cliath/Ghrúpa CIÉ maidir le luach saothair na n-ardbhainisteoirí;

- formheas a dhéanamh ar phacáiste luacha saothair agus ceapadh/athcheapadh an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus gach ardbhainisteora a thuairiscíonn go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin;
- critéir feidhmíochta a chinneadh a ndéanfar feidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a mheasúnú ina gcoinne, atá ag teacht leis an bplean corparáideach arna fhormheas ag an mbord;
- ag teacht le beartas an rialtais, aon bheartas a bhaineann le feidhmíocht a fhormheas i ndáil leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus le haon bhainisteoirí a thuairiscíonn go díreach dó. Is é Cathaoirleach an bhoird a dhéanfaidh an t-athbhreithniú ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin;
- pleananna comharbais a bhaineann le ról an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a fhormheas agus a nuashonrú go rialta, agus breithniú a dhéanamh ar aon mholtaí a dhéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir le scileanna, pleanáil chomharbais nó líon na foirne;
- sa chás ina dtogrófar socruithe speisialta a dhéanamh maidir le ceapacháin ar leith, na socruithe sin a fhormheas agus a chinntiú go ndéanfaidh an Roinn Airgeadais, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus an Roinn Iompair iad a fhormheas;
- athbhreithniú agus formheas a dhéanamh ar an rannán sa litir bhliantúil ón gCathaoirleach chuig an Aire Iompair a bhaineann leis an dearbhú go bhfuil treoirlínte an rialtais á gcomhlíonadh i ndáil le táillí arna n-íoc le stiúrthóirí an bhoird (ceanglaítear an litir sin a sheoladh de bhun an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016);
- athbhreithniú agus formheas a dhéanamh ar na codanna den Tuarascáil Bhliantúil agus de na Ráitis Airgeadais atá le foilsiú ag an gcuideachta a bhaineann le sonraí na dtáillí a bheidh le híoc le gach stiúrthóir boird, na speansais arna n-íoc leis na stiúrthóirí agus tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin;
- a chinntiú go bhfuil pleananna cuí i bhfeidhm i gcás an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a bheith as láthair gan choinne;
- aon fheidhmeanna eile a oireann do Choiste Luacha Saothair agus Comharbais a chomhlíonadh, mar aon le feidhm ar bith a shannfaidh an bord dó ó am go ham; agus
- a chinntiú go bhfuil Plean Comharbais i leith an Bhoird i bhfeidhm san eagraíocht agus athbhreithniú agus formheas a dhéanamh ar aon leasuithe ar an bplean de réir mar is gá. Áirítear le seo maoirseacht chuiditheach a thabhairt do bheartas na cuideachta maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach na Stiúrthóirí.

Bunaíodh an Coiste Luacha Saothair agus Comharbais go foirmiúil le cinneadh ó bhord Bhus Átha Cliath in 2014. D'fhormheas an bord Téarmaí Tagartha an Choiste agus déantar athbhreithniú orthu gach bliain agus leasaítear iad nuair is cuí. Ag teacht leis an gclár oibre atá aontaithe ina leith, tháinig an Coiste le chéile dhá uair in 2023 (ceithre huaire in 2022).

Tá fócas láidir ag an gCoiste ar phleanáil comharbais boird d'fhonn a chinntiú go bhfuil na scileanna agus an taithí riachtanacha ag an mbord i gcónaí chun a chuid freagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh agus aghaidh a thabhairt go hiomlán ar na príomhcheisteanna straitéiseacha atá os comhair na cuideachta.

Ar an gcaoi chéanna, chuir an Coiste béim ar leith ar Phleanáil Comharbais na Bainistíochta Sinsearaí agus ar Bhainistíocht Forbartha Tallainne laistigh den eagraíocht. Fuair an Coiste dhá chur i láthair fhoirmiúla maidir le bainistíocht tallainne ón gCeann Acmhainní Daonna agus Forbartha in 2023 agus tá an obair seo ag leanúint ar aghaidh in 2024 freisin. Cheadaigh an Coiste pleananna an Phríomhfheidhmeannaigh d'athbhreithniú ar struchtúr na Foirne Ceannaireachta Sinsearaí, d'fhonn an struchtúr a ailíniú le straitéis na cuideachta. Tugadh an t-athbhreithniú seo chun críche go luath in 2024 agus d'fhaomh an Coiste struchtúr nua na Foirne Feidhmiúcháin in 2024.

Bhreithnigh an Coiste freisin pleananna earcaíochta agus coinneála foirne na cuideachta i rith 2023 agus fuair sé roinnt nuashonruithe ar an ábhar seo ón bPríomhfheidhmeannach agus ón gCeann Acmhainní Daonna agus Forbartha.

Lean an Coiste ar aghaidh ag tacú le raon beart chun éagsúlacht agus cuimsiú a chothú ar fud na cuideachta.

## Grúpa Athbhreithnithe Straitéise agus Inbhuanaitheachta an Bhoird

Amhail an 29 Bealtaine 2024, is iad na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas den bhord atá ar an nGrúpa Athbhreithnithe Straitéise agus Inbhuanaitheachta: an tUasal G. Owens (Cathaoirleach), an tUasal K. Wallace, L. Carroll Uasal, an tUasal C. Maybury, E. Howley Uasal, an Dr R. Widdis agus E. Murray Usual. Ceapadh E. Murray Usual ar an ghrúpa an 30 Lúnasa 2023.

Is é an sainchúram atá leagtha ag an mbord ar an ghrúpa:

- athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis mheántéarmach agus fhadtéarmach na cuideachta lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar aschur agus moltaí ó aon tionscnaimh pleanála straitéisí de chuid Ghrúpa CIÉ a bhaineann le Bus Átha Cliath;
- a chinntiú go bhfuil an chuideachta ina chuid lárnach den réiteach chun cuidiú linn féachaint chuige go mbeidh Éire níos inbhuanaithe trí phróisis éifeachtacha a ghlacadh maidir le Rialachas Inbhuanaitheacht, Tuairisciú i dtaobh na hInbhuanaitheachta agus Airgeadais Inbhuanaithe;
- a chinntiú go bhfuil na cuspóirí gnó ag teacht leis an straitéis fhormheasta; agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar na príomhthoimhdí straitéiseacha lena dtreoraítear na Pleananna Gnó rollacha cúig bliana.

I rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2023, thug an Grúpa Athbhreithnithe Straitéise agus Inbhuanaitheachta faoi athbhreithniú mionsonraithe ar phleananna straitéiseacha na cuideachta agus rinne sé athbhreithniú freisin ar na príomhcheisteanna straitéiseacha a rachaidh i bhfeidhm ar an gcuideachta sna blianta amach romhainn, lena n-áirítear lena n-áirítear Straitéis na Cuideachta, feidhmíocht KPI, rolladh amach an chláir Athdhearadh Líonra BusConnects, an Clár Leictriúcháin, riachtanais inbhuanaitheachta atá ag teacht chun cinn, deiseanna tráchtála, an chéad Chonradh Dámhachtana Díreach eile, Straitéis Maoine agus príomhthionscadail straitéiseacha eile. Leanann an Ghrúpa le monatóireacht a dhéanamh ar phríomhtháscairí feidhmíochta straitéiseacha.

Tá Téarmaí Tagartha an Ghrúpa formheasta ag an mbord agus déantar iad a leasú nuair is cuí. Tháinig an coiste le chéile ceithre huaire in 2023 (cúig huaire in 2022).

## Freastal ar chruinnithe Boird agus ar chruinnithe na gCoistí

Seo thíos tinreamh na stiúrthóirí boird ag cruinnithe an bhoird agus na gcoistí le linn 2023.

| Stiúrthóir | Bord | An Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca | An Coiste Sábháilteachta | Coiste Luacha Saothair agus Comharbais an Bhoird | Grúpa Athbhreithnithe Straitéise agus Inbhuanaitheachta an Bhoird |
|---|---|---|---|---|---|
| Gary Owens (Cathaoirleach) | 6/6 | | | 2/2 | 4/4 |
| Lynda Carroll | 4/6 | 5/6 | | 2/2 | 2/4 |
| Stephen Hannan | 6/6 | | 4/4 | | |
| Dermot Healy | 6/6 | | 4/4 | | |
| Elaine Howley | 5/6 | | 3/4 | 2/2 | 3/4 |
| Cyril Maybury | 6/6 | 6/6 | | | 3/4 |
| Emer Murray | 3/3 | | | | 1/1 |
| Keith Wallace | 6/6 | 6/6 | 4/4 | | 4/4 |
| Rachel Widdis | 5/6 | | | 2/2 | 3/4 |

## Forbairt na bhfostaithe

Tá Bus Átha Cliath tiomanta dá chinntiú go n-aithneofar agus go bhforbrófar na scileanna agus an t-eolas atá riachtanach ionas go mbíonn an deis ag gach fostaí forbairt a dhéanamh air féin nó uirthi féin agus cion dearfach a dhéanamh i leith na cuideachta. Baintear leas as creat inniúlachta chun an iompraíocht, na scileanna agus an cumas a aithint atá ag teastáil i róil éagsúla na bhfostaithe chun seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar lena gcomhlíonfar na caighdeáin atá leagtha síos.

Cuireann an Ionad Oiliúna cláir oiliúna éagsúla ar bun lena chinntiú go gcuirfear oiliúint ardchaighdeáin ar na tiománaithe bus ionas gur féidir leo seirbhís atá sábháilte, éifeachtúil agus iontaofa a chur ar fáil do chustaiméirí. Glacann na tiománaithe bus ar fad páirt i lá oiliúna amháin gach bliain ionas go mbronnfar Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) orthu i gcomhréir le Treoir 2003/59/CE ón Aontas Eorpach agus go mbainfidh siad amach faomhadh ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Chomh maith le CPC, cuirtear clár forbartha inniúlachta scileanna tiomána ar fáil do gach tiománaí. Baineann an clár seo úsáid as córas físoiliúna (Vigil Vanguard) chun foghlaim fhrithchaiteach agus athrú iompraíochta a éascú. Cuireann an tIonad Oiliúna cláir ionduchtúcháin ar fáil do thiománaithe bus nua freisin.

## Sláinte agus sábháilteacht

Tá Bus Átha Cliath lántiomanta do chomhlíonadh fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus do chomhlíonadh na rialachán náisiúnta eile go léir agus na rialachán go léir de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá Córas Bainistíochta Sábháilteachta na cuideachta deimhnithe i leith an chaighdeáin is déanaí ISO 45001.

Mar chuid de chlár bainistíochta comhlíontachta na cuideachta, rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) iniúchadh orainn lena chinntiú go raibh na ceanglais go léir a leagtar amach sa chóras bainistíochta sábháilteachta i bhfeidhm agus go raibh siad ag obair go héifeachtach. Leis an timpeallacht oibriúcháin atá ag athrú de shíor, díríodh aird ar leith ar bhainistíocht sábháilteachta a tháinig ar phlódú tráchta méadaithe, ar líon na gcustaiméirí méadaithe agus ar thiománaithe nua.

## Éagsúlacht agus cuimsiú

Tá Beartas Éagsúlachta agus Cuimsitheachta ag Bus Átha Cliath a choinnítear faoi athbhreithniú rialta. Tá straitéis na cuideachta deartha chun timpeallacht oibre éifeachtúil agus comhlíonta a chinntiú d'fhostaithe, chun freastal ar riachtanais athraitheacha na gcustaiméirí agus chun tacú le cáilíocht a dtaithí ar sheirbhísí na cuideachta, agus chun nasc na cuideachta le héagsúlacht na bpobal a bhfreastalaítear orthu a dhoimhniú.

Tá cuntas teiste ag an chuideachta a bhfuil sí bródúil as. Tá córais earcaíochta agus ardaithe céime forbartha ag an chuideachta atá bunaithe ar chomhionannas, éagsúlacht agus neamh-idirdhealú. Tá bearta tacaíochta á bhforbairt ag an chuideachta dá bhfostaithe LADTAI+. Tá méadú tagtha ar líon na mban ar leibhéal an lucht feidhmiúcháin ar fud na heagraíochta.

D'fhéach an chuideachta chuige go bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar ár seirbhísí, lena n-áirítear scéim cúnaimh taistil do dhaoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas a dteastaíonn cúnamh breise uathu chun taisteal ar sheirbhísí na cuideachta.

Is cúis bhróid ag an chuideachta á cultúr bainistíochta atá oscailte, fáilteach agus freagrúil dá fostaithe agus dá custaiméirí. Tá Oifigeach Comhionannais agus Éagsúlachta fostaithe ag an chuideachta agus cuireann an chuideachta oiliúint chomhionannais agus éagsúlachta ar fáil do na fostaithe agus comhoibríonn sí le heagraíochtaí eile san earnáil phoiblí agus í ag iarraidh an dea-chleachtas a chur i bhfeidhm. Tá an chuideachta i measc shínitheoirí bunaidh Chairt Éagsúlachta na hÉireann. Tá aitheantas tugtha ag an gCoimisiún Eorpach don mhéid atá bainte amach ag an chuideachta i dtaobh an dea-chleachtais. Tá an Gradam Cré-umha d'Infheisteoirí san Éagsúlacht bainte amach ag an chuideachta.

## Éagsúlacht agus cuimsiú – an bord

Comhoibríonn Bus Átha Cliath go hiomlán leis an Roinn Iompair lena chinntiú go ndéanann an bord ionadaíocht i gcónaí don phobal ar a bhfreastalaíonn an chuideachta, agus creideannan chuideachta, ach an bord sin a bheith éagsúil, cothrom, go gcuideofar go mór le neart cumais fhoriomláin an bhoird a shainchúram dúshlánach a chomhlíonadh.

Tá naoi bpost stiúrthóra ar bhord Bhus Átha Cliath, roghnaítear seacht bpost stiúrthóra faoi phróiseas iarratais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus ceapann an tAire Iompair iad ar an mbord. Líontar an dá phost eile faoi fhorálacha an Achta um Stiúrthóir Oibrí.

Amhail an 29 Bealtaine 2024, naonúr stiúrthóirí atá ar bhord Bhus Átha Cliath. Cóimheas 56% le 44% atá ar an mbord faoi láthair ó thaobh na bhfear agus na mban.

Is é sprioc an Rialtais é ionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag fir agus mná araon ar na Boird Stáit.

Tá na bearta seo a leanas ceaptha chun cothromaíocht inscne ar an mbord seo a fheabhsú agus a chothú:

- nuair a thagann folúntas ar bith i gceist, cuirfear an tAire Iompair ar an eolas más rud é go bhféadfadh aon impleacht a bheith ag an bhfolúntas sin i leith cothromaíocht inscne; agus
- leanfar ar aghaidh ag déanamh athbhreithniú rialta ar Bheartas Éagsúlachta agus Cuimsithe Bhus Átha Cliath i gcomhréir leis an dea-chleachtas sa réimse sin, agus á thabhairt cothrom le dáta.

## Éagsúlacht agus cuimsiú – na fostaithe agus na custaiméirí

Tá Bus Átha Cliath meáite ar an gcomhionannas a chur chun cinn, freastal ar éagsúlacht, agus neamh-idirdhealú a chinntiú dár bhfostaithe agus dá custaiméirí araon. Cuireann an chuideachta na luachanna sin chun cinn freisin sna hearnálacha éagsúla a dhéanann an chuideachta gnó leo, agus sna pobail éagsúla a bhfreastalaíonn an chuideachta orthu. Féachann an chuideachta le na hoibleagáidí atá uirthi a chomhlíonadh, mar fhostóir, faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus, mar sholáthraí seirbhíse, faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, agus dul níos faide fós ná sin.

## An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016

Na sonraí maidir leis na beartais agus na nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag an gcuideachta i ndiaidh fhoilsiú an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, leagtar amach iad i dTuarascáil Bhliantúil CIÉ. Leagtar síos íoschaighdeáin sa chód agus déanann an bord tréaniarracht a chinntiú go bhfuil an dea-chleachtas i dtaobh Rialachas Corparáideach á chomhlíonadh aige agus é i mbun gnó. Na ceanglais atá orainn faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, comhlíontar go hiomlán iad i ráitis airgeadais na bliana 2023, agus leagtar amach thíos an Ráiteas faoin Rialú Inmheánach atá de dhíth.

## An Cód Caiteachais Phoiblí

Aithníonn Bus Átha Cliath an fhreagracht atá air i dtaobh chomhlíonadh fhorálacha an Chóid Caiteachais Phoiblí a áirithiú i ngach gné ábhartha. Tá dualgas ar gach comhlacht poiblí in Éirinn caitheamh go cúramach le cistí poiblí, agus a chinntiú go bhfaighfear an luach is fearr ar airgead aon uair a bhíonn airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú. Déanann an bord tréaniarracht a chinntiú go bhfuil an dea-chleachtas i dtaobh Rialachas Corparáideach á chomhlíonadh aige agus é i mbun gnó.

## Cleachtais íocaíochta

Aithníonn Bus Átha Cliath an fhreagracht atá air i dtaobh chomhlíonadh fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2013, arna leasú, a áirithiú i ngach gné ábhartha. Is é beartas íocaíochta na cuideachta é ceangaltais an Rialacháin a chomhlíonadh.

## Teagmhais iarchláir comhardaithe

I mí na Bealtaine 2024 thángthas ar chomhaontú leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis na caillteanais trádála charntha atá ar fáil a tugadh ar aghaidh. Bhí na caillteanais sin tagtha chun cinn mar gheall ar ioncam fóirdheontais a láimhseáil mar ioncam nach raibh faoi dhliteanas cánachais. Laghdaigh na caillteanais ar aghaidh ó €1,543.8 milliún go €606.2 milliún le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

Ní aithníonn an chuideachta sócmhainn chánach iarchurtha i ndáil le caillteanais ar aghaidh mar go bhfuil éiginnteacht ag baint leis an téarnamh amach anseo i gcoinne brabúis inchánach. Dá bhrí sin, ní raibh mír choigeartaithe leis na ráitis airgeadais mar thoradh air sin. Cuireadh tionchar airgeadais an chomhaontaithe seo san áireamh sa nochtadh cánachais i nóta 10 de na ráitis airgeadais.

Níl aon teagmhais shuntasacha iarchláir comhardaithe eile le tuairisciú lena n-éilítear coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.

## Iniúchóirí

Tá sé curtha in iúl ag na hiniúchóirí reachtúla, Mazars, go bhfuil siad sásta leanúint ar aghaidh in oifig de réir Alt 383(2) d’Acht na gCuideachtaí, 2014.

## Nochtadh faisnéise do na hiniúchóirí

A mhéid is eol do gach duine de na stiúrthóirí a bhí in oifig ar an dáta ar a ndearnadh na ráitis airgeadais a fhormheas:

- níl aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha nach bhfuil iniúchóirí na cuideachta ar an eolas fúithi; agus
- tá gach beart déanta ag na stiúrthóirí ar cheart dóibh a bheith déanta acu i gcáil stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha ar bith agus lena chinntiú go bhfuil iniúchóirí na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

# Ráiteas um Rialú Inmheánach

## Raon feidhme na freagrachta

Aithníonn Bus Átha Cliath an fhreagracht atá air a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 (an Cód).

## Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal inghlactha, agus ní chun fáil réidh leis ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm i mBus Átha Cliath don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 agus go dtí an dáta ar a ndearnadh na ráitis airgeadais a fhormheas.

## An cumas i dtaobh riosca a láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca (CIAR) ag Bus Átha Cliath. I gCairt agus Téarmaí Tagartha an Choiste, déantar foráil maidir le roinnt stiúrthóirí a cheapadh chuig an gcoiste, a nglacfaidh duine acu ról an Chathaoirligh. Tháinig CIAR le chéile sé huaire in 2023.

Ina ról mar chuid de Ghrúpa CIÉ, tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag Bus Átha Cliath freisin, a bhfuil acmhainní cuí aici agus a bhíonn ag gabháil do chlár oibre arna aontú le CIAR.

D'fhorbair Bus Átha Cliath, mar chuid de Ghrúpa CIÉ, Creat Bainistíochta Riosca (an Creat) lena leagtar an fhreagracht as rioscaí a bhainistiú ar Phríomhoifigeach Riosca na cuideachta, agus tá struchtúr tuairiscithe bunaithe. Is é an bord atá freagrach as an Chreat Bainistíochta Riosca agus is é a dhéanann iad a fhormheas. Cuirtear na creataí sin in oiriúint chun aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí straitéiseacha sonracha, agus chun an neamhchosaint ar rioscaí sonracha a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil, i gcomhthéacs an Bheartais.

Faoin gCreat, cinntítear go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm laistigh de Bhus Átha Cliath chun na príomhrioscaí atá ann i gcás gach réimse gnó a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Is iad na príomhrioscaí iad siúd ar féidir leo dochar a dhéanamh dá cháil, dá acmhainn oibríochtúil nó dá acmhainn airgeadais, guaiseacha a chur faoi deara, nó é a stopadh óna chuspóirí a bhaint amach ar shlí ina léirítear drogall roimh rioscaí.

## An creat riosca agus rialaithe

Soláthraítear dearbhú riosca trí mheán na trí líne chosanta. Is é an príomhdhifríocht atá idir na trí líne chosanta sin ná a leibhéil neamhspleáchais.

I samhail rialachais atá bunaithe ar thrí líne chosanta, déantar idirdhealú idir úinéireacht riosca, maoirseacht rioscaí agus maoirsiú rioscaí mar seo a leanas:

- Úinéireacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a ghlacann seilbh ar na rioscaí agus a dhéanann iad a bhainistiú mar chuid dá ngníomhaíochtaí ó lá go lá (an chéad líne chosanta);
- Maoirseacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a dhéanann maoirseacht ar rioscaí agus a chuireann dúshlán na bhfoirne bainistíochta go stuama (an dara líne chosanta); agus
- Maoirsiú Riosca, eadhon feidhmeanna a sholáthraíonn dearbhú neamhspleách (an tríú líne chosanta).

Tá Úinéireacht Riosca ailínithe le húinéireacht ghnó. Toisc go bhfuil na daoine atá i gceannas ar na rannóga freagrach as cuspóirí gnó a bhaint amach, is iad atá freagrach ar deireadh thiar, ina gcáil mar Úinéirí Rioscaí, as rioscaí a bhaineann lena gcuid réimsí freagrachta féin a aithint agus a bhainistiú. Feidhmíonn siad an fhreagracht sin trína chinntiú go gcuirtear aithint rioscaí san áireamh go hiomlán i ngníomhaíochtaí laethúla na ndaoine atá ag obair ina gcuid rannóga.

Nuair a aithnítear rioscaí nua, sanntar iad d'Úinéir Riosca, is é sin, Ceann na Rannóige. Féadfaidh an té sin bainistíocht an riosca a leagan ar Úinéir Riosca a bheidh freagrach as anailís agus meastóireacht bhreise a dhéanamh ar an riosca atá i gceist agus dul i ngleic leis.

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Bus Átha Cliath trí chóras bogearraí riosca ar féidir iniúchadh a dhéanamh air, OpRiskControl. Dearadh na bogearraí sin lena chinntiú go nglacann Úinéirí Riosca agus baill foirne eile sna rannóga cur chuige comhsheasmhach, stuama ag gach céim den phróiseas bainistíochta riosca, ó aithint riosca go riosca a chur faoi bhráid leibhéal freagrachta níos airde. I gcomhréir le caighdeán ISO 31000 um Bainistíocht Riosca, tá sé ina bheartas againn rioscaí a shainiú ar leibhéal is féidir a bhainistiú, is é sin, go ndéantar cur síos orthu ar shlí is leor ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar mhéid féideartha agus dóchúlacht an teagmhais, agus bearta maolaithe a chur i bhfeidhm.

Déanann an tÚinéir Riosca atá freagrach na rioscaí a mheas agus é nó í ag baint úsáid as táblaí critéar riosca a forbraíodh ionas go luafar an grád riosca cuí le rioscaí a sháraíonn an fonn riosca, agus go sannfar an leibhéal cuí maoirseachta dóibh.

## Faireachán agus athbhreithniú leanúnach

Bíonn gach riosca nua a aithnítear agus príomhrioscaí, cinntí agus sonraí faoi aon rioscaí atá ag teacht chun cinn faoi réir athbhreithnithe piaraí ag an bhfoireann feidhmiúcháin.

Cuimseofar sna tuarascálacha tréimhsiúla an méid seo a leanas mar bheart caighdeánach:

- príomhrioscaí;
- athruithe ar rátálacha príomhriosca agus ar rátálacha neamh-phríomha riosca;
- rioscaí nua-aitheanta;
- rioscaí atá ag teacht chun cinn;
- nuashonruithe ó chlár rioscaí Bhus Átha Cliath i leith na teicneolaíochta faisnéise;
- forléargas ar iomlán na rioscaí; agus
- rioscaí a sháraíonn fonn riosca agus gníomhaíochtaí maolaitheacha.

Cuirtear tuarascáil ar na rioscaí go léir, a stádas i leith fonn riosca agus a bhfeidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta faoi bhráid CIAR/CIAI/Coiste Riosca gach ráithe, agus tuairiscí faoi mhionsonraí na rioscaí ag gabháil leo.

Chomh maith leis an méid thuasluaite, i gcás phríomhrioscaí ardleibhéil uile an ghrúpa agus rioscaí lena sáraítear an fonn riosca, cuirtear faoi bhráid Bhord Feidhmiúcháin CIÉ iad ionas go ndéanfaidh an bord sin measúnú orthu i gcomhthéacs an ghrúpa ar fad. Déantar tuarascáil ar phríomhrioscaí grúpa, stádas in aghaidh fonn riosca agus feidhmíocht in aghaidh KPInna lena dtacaítear le tuarascálacha ar mhionsonraí riosca a ardú go dtí gach suí den CIAR/CIAI/Choiste Riosca agus chuig Bord CIÉ ar bhonn ráithiúil.

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus don bhord, nuair is cuí. Dearbhaíonn Bus Átha Cliath go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- aithníodh rioscaí móra maraon le rialú dá réir agus bunaíodh próisis mhonatóireachta ar na rialuithe lárnacha chun aon easpa aitheanta a thuairisciú;
- rinneadh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta; agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla i dtaobh feidhmíochta agus cúrsaí airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

## Soláthar

Dearbhaíonn Bus Átha Cliath go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaobh soláthair.

D'aithin athbhreithniú comhlíontachta ar ghníomhaíocht soláthair i mBus Átha Cliath do 2023 neamhchomhlíonadh, ar chaiteachas foriomlán €75.1 milliún gan CBL san áireamh, €59,000 san iomlán gan CBL san áireamh (0.08%). Sainaithníodh bunchúis an chaiteachais neamhchomhlíontaigh le plean gníomhaíochta feabhais a cuireadh i bhfeidhm.

## Review of effectiveness

Sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, ceanglaítear go ndéanfar athbhreithniú seachtrach ar bhonn tréimhsiúil ar éifeachtacht chreat bainistíochta riosca gach Comhlachta Stáit. Thug an comhairleoir seachtrach, Mazars, i gcrích a athbhreithniú ar Chreat Bainistíochta Riosca na Cuideachta in 2021 lena chinntiú go léirítear go cuí sa chreat ceanglais an Chóid. Fuarthas go raibh an Chuideachta ag cloí leis an gCód. Déanfar athbhreithniú seachtrach ina dhiaidh sin in 2024.

Ina theannta sin, dearbhaíonn Bus Átha Cliath go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm aige chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na cuideachta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus na hiniúchóirí seachtracha, CIAR/CIAI, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta i mBus Átha Cliath atá freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaíonn Bus Átha Cliath go ndearna an bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i leith na bliana 2023.

## Saincheisteanna a bhaineann le rialú inmheánach

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i leith na bliana 2023 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

# Ráiteas um Freagrachta na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Faoi dhlí na gcuideachtaí in Éirinn, ceanglaítear ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais. Faoin dlí sin, chinn na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha'). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní fhéadfaidh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhormheas mura bhfuil siad deimhin de go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas na cuideachta i leith na bliana airgeadais, agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 i ngach slí eile.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú i gcomhair ráitis airgeadais na cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- a shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, agus aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a thabhairt ar aird agus a mhíniú; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.


Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha nó go gcuireann sí faoi deara go gcoimeádtar taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a mhíníonn agus a thaifeadann idirbhearta na cuideachta i gceart, a chuireann ar a gcumas tráth ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na cuideachta a chinneadh le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí 2014 agus a chumasaíonn na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Chomh maith leis sin, tá na stiúrthóirí freagrach as sócmhainní an ghrúpa a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na stiúrthóirí freagrach as féachaint chuige go gcomhlíonfaidh an chuideachta an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile. Tá na stiúrthóirí freagrach as ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin na cuideachta agus as an bhfaisnéis sin a choinneáil cothrom le dáta.

Thar ceann an bhoird





**G Owens, Uas**
*Cathaoirleach*

**L. Carroll, Uas**
*Stiúrthóir*

Dáta: 29 Bealtaine 2024

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha

## Do chomhaltaí Bhus Átha Cliath

### Tuairisc ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

## Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Bus Átha Cliath ('an Chuideachta'), a chuimsíonn an Cuntas Brabúis agus Caillteanais, an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas um Athruithe ar Chothromas, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus nótaí leis an airgeadais ráitis, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha atá leagtha amach i nóta 1. Is é dlí na hÉireann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú agus FRS 102 An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint sa Ríocht Aontaithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRS 102).

Is é ár dtuairim na ráitis airgeadais a ghabhann leo:

- tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus an Aonáin amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar thoradh an Ghrúpa don bhliain dar críoch ansin;
- ullmhaíodh i gceart de réir FRS 102; agus
- Ullmhaíodh i gceart de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

## Bunús leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar an bhfreagracht atá orainn faoi na caighdeáin sin níos mó sa chuid Na Freagrachtaí atá ar an Iniúchóir as an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais den tuarascáil uainn.

Táimid neamhspleách ar an gcuideachta de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil do Iniúchóirí (Éirinn) arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

## Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid gur iomchuí úsáid na stiúrthóirí ar bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

## Faisnéis eile

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisciúil an iniúchóra uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar le linn an iniúchta, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndealraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

## Tuairimí ar ábhair eile a fhorordaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014

Is é ár dtuairim, bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, go dtuairiscímid:

- tá an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na Stiúrthóirí don bhliain airgeadais a n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ina leith ag teacht leis na ráitis airgeadais;
- ullmhaíodh tuarascáil na Stiúrthóirí de réir na gceanglas dlí is infheidhme;
- ba leor taifid chuntasaíochta na Cuideachta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart; agus
- réitíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile atá riachtanach, chun an eolais agus an chreidimh atá againn, chun críocha ár n-iniúchta.

## Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu trí eisceacht

Bunaithe ar eolas agus tuiscint na Cuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl aon mhíráiteas ábhartha aitheanta againn i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Ceanglaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014 orainn tuairisc a thabhairt duit más rud é, inár dtuairim, nach gcomhlíonann an Chuideachta ceanglais aon cheann d'Ailt 305 go 312 den Acht, a bhaineann le nochtadh luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (Lúnasa 2016) (an "Cód Cleachtais"), éilítear orainn tuairisc a thabhairt duit má tá an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a éilítear faoin gCód Cleachtais mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh i dTuarascáil na Stiúrthóirí nach léiríonn comhlíonadh na gcuideachtaí le mír 1.9 (iv) den Chód Cleachtais nó mura bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ónár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

# Freagrachtaí Faoi Seach

## Freagrachtaí atá ar na Stiúrthóirí as na Ráitis Airgeadais

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa ráitis ar fhreagrachtaí na Stiúrthóirí leagtha amach ar leathanach 48, is iad na Stiúrthóirí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir an creatlach tuairiscithe airgeadais infheidhme a thugann léargas fíor agus cóir agus as cibé rialú inmheánach a chinnfidh an bhainistíocht is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag bainistíocht an Chuideachta a leachtú ná deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.


## Na freagrachtaí atá ar an iniúchóir as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag: http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8fa98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf. Tá an tuairisc seo mar chuid de thuarascáil ár n-iniúchóra.

## Aidhm ár gcuid Oibre Iniúchta agus a bhfuil ár bhFreagrachtaí dlite dúinn

Tá ár dtuarascáil á cur faoi bhráid chomhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, agus faoina mbráid siúd amháin de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh i gcrích ár gcuid oibre iniúchóireachta ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí na Cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil na hiniúchóra agus chun na críche sin amháin. Sa mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid freagracht d'aon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na cCuideachta mar chomhlacht as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar ar thángamar.



**Tommy Doherty**
*Ar son agus thar ceann Mazars*

Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Ionad Fhearchair, Bloc 3
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Dáta: 6 Meitheamh 2024

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

## Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2023

| | *Notes* | **2023 €'000** | **2022 €'000** |
|---|---|---|---|
| **Ioncaim** | | | |
| Ioncam oibriúcháin | | 9,306 | 5,383 |
| Íocaíocht na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí | | 325,251 | 303,263 |
| Deontais ioncaim | | 267 | 1,474 |
| **Ioncam iomlán** | *4* | **334,824** | **310,120** |
| **Costais** | | | |
| Costais phárolla agus costais ghaolmhara | *5* | (241,503) | (231,712) |
| Costais ábhair agus seirbhísí | *6* | (91,456) | (78,621) |
| **Iomlán na gcostas dhíreacha** | | **(332,959)** | **(310,333)** |
| **TRÚCDA roimh chostais eisceachtúla** | | **1,865** | **(213)** |
| Costais oibriúcháin eisceachtúla | *7* | (1,115) | (118) |
| Dímheas agus amúchadh (glan) | *8* | (98) | (46) |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | *12* | (8) | – |
| **Barrachas/(easnamh) roimh úis agus roimh cháin** | | **644** | **(377)** |
| Ús infhaighte agus ioncam dá shamhail | *9* | 2,058 | – |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | *9* | (367) | (234) |
| **Barrachas/(easnamh) roimh cháin** | | **2,335** | **(611)** |
| Cáin ar an bharrachas/(easnamh) don bhliain | *10* | (255) | 1,039 |
| **Barrachas don bhliain** | | **2,080** | **428** |

# Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach Iomlán

## Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2023

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Barrachas don bhliain | 2,080 | 428 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | **2,080** | **428** |



Tagann torthaí ar fad ó ghníomhaíochtaí leanúnacha.

# Clár Comhardaithe

## Amhail an 31 Nollaig 2023

| | Notes | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | *11* | 1,104 | 974 |
| Sócmhainní inláimhsithe | *12* | 52,827 | 54,016 |
| | | **53,931** | **54,990** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *13* | 5,694 | 4,455 |
| Féichiúnaithe | *14* | 160,363 | 167,367 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 290 | 316 |
| | | **166,347** | **172,138** |
| **Creidiúnaithe** (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | *15* | **(56,148)** | **(66,813)** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **110,199** | **105,325** |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanas reatha** | | **164,130** | **160,315** |
| Soláthar in aghaidh dliteanas | *16* | (77,830) | (74,968) |
| Ioncam iarchurtha | *17* | (39,253) | (40,380) |
| Glansócmhainní | | **47,047** | **44,967** |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *18* | 69,836 | 69,836 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | (22,789) | (24,869) |
| **Caipiteal Gnáthscaireanna** | | **47,047** | **44,967** |

Thar ceann an bhoird

**G Owens, Uas**
*Cathaoirleach*

**L. Carroll, Uas**
*Stiúrthóir*

Dáta: 29 Bealtaine 2024

# Ráiteas um Athruithe ar an gCothromas

## Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2023

| | **Scair-chaipiteal glaoite €'000** | **Cuntas Brabúis agus Caill-teanais €'000** | **Iomlán €'000** |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2022** | 69,836 | (25,297) | 44,539 |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | – | 428 | 428 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022** | **69,836** | **(24,869)** | **44,967** |
| | | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023** | 69,836 | (24,869) | 44,967 |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | – | 2,080 | 2,080 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023** | **69,836** | **(22,789)** | **47,047** |

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

## Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2023

| | *Notes* | **2023 €'000** | **2022 €'000** |
|---|---|---|---|
| **Airgead glan (úsáidte)/a ghiniúint ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *19* | **(9,855)** | **1,937** |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach sócmhainní seasta doláimhsithe | *11* | (827) | (660) |
| Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe | *12* | (15,106) | (4,821) |
| Deontais chaipitil a fuarthas | *17* | 16,605 | 4,789 |
| Laghdú/(méadú) ar chomhardú infhála leis an máthairchuideachta | *14* | 7,466 | (872) |
| Cáin íoctha | | – | (1) |
| Ús Faighte | *9* | 2,058 | – |
| Ús íoctha | *9* | (367) | (234) |
| **Airgead glan a solathraíodh ó/(úsáidte i) ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **9,829** | **(1,799)** |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | – | – |
| **Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | **–** | **–** |
| **Glanlaghdú/(méadú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | (26) | 138 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana | | 316 | 178 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana | | **290** | **316** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1 Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

### Ráiteas maidir le comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Bhus Átha Cliath ar bhonn gnóthas leantach de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

### Gníomhaíochtaí agus úinéireacht

Is é Córas Iompair Éireann (CIÉ), ar fochuideachta ar lánúinéireacht de é Bus Átha Cliath, údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann iompar poiblí ar talamh ar fáil in Éirinn. Tá CIÉ ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair.

Is é Bus Átha Cliath príomhsholáthraí Bhaile Átha Cliath i dtaobh iompar poiblí.

Is Cuideachta Thráchtála Stáit é Bus Átha Cliath, an chuideachta, agus tá sí ina cuid de Ghrúpa Cuideachtaí CIÉ. Athchláraíodh an chuideachta mar Chuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe le feidhm ón 1 Feabhra 2016, faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Tá an chuideachta cláfaithe i mBaile Átha Cliath. Is 119569 uimhir na cuideachta agus tá an oifig cláraithe ag 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

Baineann ráitis airgeadais na cuideachta le gníomhaíochtaí Bhus Átha Cliath agus leo sin amháin.

## Achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt.

De réir mar a cheadaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, tá leagan amach forordaithe an chuntais brabúis agus caillteanais oiriúnaithe ag na stiúrthóirí ar bhealach a oireann do chineál ghnó na cuideachta. Is ionann TRÚCDA agus tuilleamh cuideachta roimh choigeartú d'ús agus cánacha, dímheas ar shócmhainní seasta agus amúchadh na ndeontas caipitil arna bhfáil.

### (a) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as príomhthoimhdí áirithe faoin todhchaí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Éilíonn sé freisin go ndéanfadh stiúrthóirí breithiúnas agus beartais chuntasaíochta na cuideachta á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (u) thíos, 'Meastacháin agus toimhdí ríthábhachtacha cuntasaíochta', na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanfadh toimhdí agus meastacháin coigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, ceadaítear díolúintí áirithe ó nochtadh d'eintiteas incháilithe. Níor bhain Bus Átha Cliath leas as aon díolúine ó nochtadh atá ar fáil le haghaidh eintitis incháilithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

### (b) Gnóthas leantach

Tá súil réasúnach ag na stiúrthóirí go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gcuideachta chun leanúint i mbun gnó oibríochtúil go ceann i bhfad.

Déantar an deimhniú tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht trádála sa todhchaí, pleananna caiteachais caipitil agus infhaighteacht leachtachta. Bhreithnigh na Stiúrthóirí rioscaí agus neamhchinnteachtaí sa ghnó chomh maith leis an bhfaisnéis phoiblí a bhí ar fáil.

Dá bhrí sin, ullmhaíodh ráitis airgeadais seo an eintitis ar bhonn gnóthas leantach. Tá tuilleadh faisnéise i nóta 2.

## (c) Airgeadra eachtrach

### (i) Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe

Is é an euro airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe na cuideachta, arna ainmniú ag an tsiombail '€', agus, mura luaitear a mhalairt, tá na ráitis airgeadais curtha i láthair ina mílte (€'000).

### (ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

Is sa chuntas brabúis agus caillteanais a aithnítear gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi 'ús infhála agus ioncam dá shamhail' nó 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' mar is cuí. Cuirtear i láthair gach gnóthachan agus caillteanas airgeadra eachtraigh eile sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi 'costais ábhar agus seirbhísí'.

## (d) Láimhdeachas

Cuimsíonn an láimhdeachas luach comhlán na seirbhísí arna soláthar. Déantar an láimhdeachas a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh. Aithníonn Bus Átha Cliath an láimhdeachas sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Aithníonn Bus Átha Cliath ioncam trína shruthanna ioncaim éagsúla mar seo a leanas:

### Airgead tirim ar an mbus

Aithnítear ioncam ón airgead tirim ar an mbus ag an bpointe díolacháin, is é sin an lá a gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

### Díolacháin ar líne

Aithnítear ioncam a ghintear ó dhíolacháin ar líne sa tréimhse lena mbaineann sé. Faightear na fáltais ioncaim roimh ré.

### Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile de réir seachadadh na seirbhíse. Faightear na fáltais ioncaim i riaráistí.

### Conradh um Ollchostas

Ón 1 Eanáir 2021, taifeadann Bus Átha Cliath ioncam a ghintear faoin gConradh Dámhachtana Dhírigh leis an NTA ar bhonn ollchostais. Íoctar an chuideachta bunaithe ar chandam na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Seoltar ar aghaidh chuig an NTA gach bosca táillí agus ioncam eile ó phaisinéirí a fhaightear ón bpaisinéir iompair phoiblí agus ní aithnítear a thuilleadh é i gcuntas brabúis agus caillteanais Bhus Átha Cliath. Cuireann Bus Átha Cliath sonrasc isteach ar bhonn tréimhsiúil chun seirbhísí a sholáthar faoin gConradh Dámhachtain Dhíreach, a íoctar leis an gcuideachta ar feadh tréimhse amháin i riaráistí. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an mbeartas cuntasaíochta d'íocaíochtaí pso faoin gConradh Dámhachtana Dhírigh leagtha amach i bpolasaí (e) Ioncam deontais – oibleagáidí an Aontais Eorpaigh agus oibleagáidí seirbhíse poiblí agus deontais eile ón Státchiste.

## (e) Ioncam ó Dheontais – Deontais ón Aontas Eorpach, íocaíochtaí oibleagáide seirbhíse poiblí, agus deontais eile ón Státchiste

Aithníonn Bus Átha Cliath deontais rialtais ag teacht leis an tsamhail fabhraithe faoi FRS 102.

### Deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil

Déantar deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil eile a chur chun sochair an ioncaim iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

**Íocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP)**

Déileáiltear le híocaíochtaí OSP arna bhfáil agus na cinn is infhála faoin gconradh dírdhámhachtana i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse ina mbíonn siad infhála.

**Deontais ioncaim agus fóirdheontais**

Aithnítear deontais i leith caiteachais sa chuntas brabúis agus caillteanais an tráth céanna a thabhaítear an caiteachas gaolmhar agus a bhfuil an deontas beartaithe lena chúiteamh.

## (f) Costais ábhar agus seirbhísí

Cuimsítear le costais ábhar agus seirbhísí, a dtugtar costais oibriúcháin orthu freisin, na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí Bhus Átha Cliath ó lá go lá, gan costais dímheasa, amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh go leithleach sa chuntas brabúis agus caillteanais, agus tá siad leagtha amach ar shlí níos mionsonraithe i nóta 6 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## (g) Ús infhála/ús iníoctha

Aithnítear ioncam úis nó costas úis faoi mhodh an ghlanráta úis.

## (h) Costais eisceachtúla/ioncam

I gcuntas brabúis agus caillteanais Bhus Átha Cliath, aithnítear torthaí ar leithligh roimh mhíreanna sonracha. Is iad na míreanna sonracha iad siúd nach mór iad a nochtadh go leithleach, dar linn, mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann Bus Átha Cliath go soláthraíonn an cur i láthair sin anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar mhíreanna eisceachtúla dá bharr. Áirítear le míreanna den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúrú gnó.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le 'suntasach' sa sainmhíniú atá againn air, úsáideann an chuideachta idir bhreithiúnas cáilíochtúil agus bhreithiúnas cainníochtúil agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineál, go nochtar sa chuntas brabúis agus caillteanais agus sna nótaí gaolmhara iad mar mhíreanna eisceachtúla.

## (i) Cánachas

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus caillteanais nó ioncam cuimsitheach eile) nó den scairchaipiteal leis an idirbheart nó an teagmhas eile as a dtig an costas cánach ioncaim.

Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

### (i) Cáin reatha

Is ionann an cháin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha ar an mbrabús inchánach don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le híoc de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na bliana airgeadais.

### (ii) Cáin iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabús inchánach agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuimsiú ioncaim agus caiteachas sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabús eile inchánach sa todhchaí.

Highlights
Chairperson's Statement
Review
Financial Statements

## (j) Páirtithe gaolmhara

Fochuideachta de chuid Ghrúpa CIÉ is ea Bus Átha Cliath. Nochtann Bus Átha Cliath idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil ar lánúinéireacht laistigh den ghrúpa. Ní nochtann sé idirbhearta le baill den ghrúpa céanna atá ar lánúinéireacht.

I ngnáthchúrsa an ghnó, ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann. Ar na haonáin is tábhachtaí díobh sin tá An Post, an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil candam na gceannachán sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

## (k) Sócmhainní seasta doláimhsithe

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothroim. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosca amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

## (l) Sócmhainní seasta inláimhsithe

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais díchoimisiúnaithe infheidhme.

### (i) Is iad seo a leanas boinn ríofa an dímheasa:

#### Feithiclí paisinéirí bóthair

Déantar dímheas ar chostas stairiúil na bhfeithiclí paisinéirí bóthair ar bhonn chostas stairiúil na bhfeithiclí sa fhlít, ar feadh a saoil úsáidigh thuartha, ar bhonn céatadán laghdaitheach a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Saol úsáideach tuartha idir 3 bliana agus 12 bhliain atá ag na sócmhainní sa chatagóir seo.

#### Stadanna bus agus scáthláin bhus

Déantar stadanna bus agus scáthláin bhus a dhímheas, trí thráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saol úsáideach tuartha. Saol úsáideach tuartha idir 3 bliana agus 15 bliana atá ag na sócmhainní sa chatagóir seo.

#### Gléasra agus innealra

Déantar gléasra agus innealra a dhímheas, trí thráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saol úsáideach tuartha. Saol úsáideach tuartha idir 3 bliana agus 10 mbliana atá ag na sócmhainní sa chatagóir seo.

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, gach bliain airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

### (ii) Breiseanna iardain

Ní dhéantar costais iardain, lena n-áirítear costais maidir le comhpháirteanna arna n-athsholáthar, a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair eacnamaíocha a bhaineann leis an mír i ndán don chuideachta agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaofa.

Caitear le comhpháirteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair eacnamaíocha agus déantar dímheas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear costais síos i leith deisiúcháin agus cothabhála de réir mar a thabhaítear iad.

**(iii) Dí-aithint**

Déantar sócmhainní inláimhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar eacnamaíoch sa todhchaí. Ar dhiúscairt, déantar an difríocht idir na glanfháltais diúscartha agus an tsuim ghlanluacha a aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais.

## (m) Lagú na sócmhainní neamhairgeadais

Ag deireadh gach bliana airgeadais déantar measúnú ar shócmhainní neamhairgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir lena chinneadh cibé an bhfuil aon rud a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má thugtar a leithéid le fios déantar meastachán ar mhéid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid na sócmhainne) agus a luach cóir lúide costais díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is airde. Is ionann an luach úsáide agus luach láithreach na sreafaí airgid amach anseo a mheastar a eascróidh as úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid na sócmhainne) agus óna diúscairt deiridh. Agus an luach úsáide á thomhas, déantar sreafaí airgid roimh cháin agus ús a lascainiú ar ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil na meastacháin ar shreabhadh airgid sa todhchaí coigeartaithe ina leith.

Más lú méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid na sócmhainne) ná suim ghlanluacha na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid na sócmhainne), laghdaítear an tsuim ghlanluacha chuig a méid in-aisghabhála. Aithníodh caillteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Má aisiompaítear caillteanas lagaithe (.i. níl feidhm ag cúiseanna an chaillteanais lagaithe a thuilleadh), méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) go dtí an meastachán leasaithe ar a méid in-aisghabhála, ach ní mhéadaítear í ach amháin a mhéid nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha leasaithe an tsuim ghlanluacha a chinnfí (iar-dhímheas) dá mba rud é nár aithníodh aon chaillteanas lagaithe sna blianta airgeadais roimhe sin. Aithnítear aisiompú caillteanais lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

## (n) Sócmhainní léasaithe

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear riosca agus luach saothair na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasaí. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa. Cuimsíonn léasanna oibriúcháin feithiclí paisinéirí bóthair a fhaightear faoi chomhaontú léasaithe bus leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

## (o) Stoic

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna breise agus breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar stoic ábhar agus páirteanna breise a luacháil ar a meánchostas ualaithe nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an praghas ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus láimhseáil atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar na stoic a mheas i leith lagaithe agus déantar soláthar i leith stoc a mheastar a bheith lagaithe.

## (p) Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid an t-airgead ar láimh, taiscí faoi ghlaoch le bainc, infheistíochtaí an-leachtach gearrthréimhseacha eile le haibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú, agus rótharraingtí bainc. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sa dliteanas reatha.

Ní airgead tirim ná coibhéisí airgid iad taiscí bainc a bhfuil aibíocht bhunaidh níos mó ná trí mhí acu agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainní reatha.

## (q) Ionstraimí airgeadais

Roghnaigh an chuideachta forálacha Chuid 11 agus Chuid 12 de FRS 102 a ghlacadh maidir le hionstraimí airgeadais.

#### (i) Sócmhainní airgeadais

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an gcuideachta lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, méideanna atá dlite ó ghrúpchuideachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid, atá taifeadta leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha den chéad uair ar an bpraghas idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), mura rud é gur idirbheart maoinithe atá i gceist leis an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltas sa todhchaí arna lascainiú ar ráta úis an mhargaidh i leith ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, airgead tirim agus coibhéisí airgid, agus sócmhainní airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a tomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a mheasúnú i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú ar shócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta, aithnítear caillteanas lagaithe sa bhrabús nó sa chaillteanas. Is ionann an caillteanas lagaithe agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais agus luach láithreach shreafaí airgid measta na sócmhainne airgeadais arna lascainiú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne.

Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaíonn méid an chaillteanais lagaithe agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le teagmhas a tharla tar éis gur aithníodh an lagú, déantar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú. Déantar an t-aisiompú sa chaoi is nach sáróidh an tsuim ghlanluacha láithreach luach na suime glanluacha dá mba rud é nár aithníodh an caillteanas lagaithe roimhe sin. Aithnítear aisiompú an lagaithe sa bhrabús nó sa chaillteanas.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint (a) nuair a théann na cearta conarthacha i leith na sreafaí airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag nó nuair a shocraítear iad, nó (b) nuair a aistrítear chuig páirtí eile beagnach gach ceann de na rioscaí agus na sochair a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne, nó (c) nuair a aistríodh rialú na sócmhainne airgeadais chuig páirtí eile ag a bhfuil an cumas praiticiúil chun an tsócmhainn airgeadais a dhíol go haontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a fhorchur.

#### (ii) Dliteanais airgeadais

Ar an gcaoi chéanna, tá roinnt dliteanas airgeadais bunúsach ar an gcuideachta, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus rótharraingtí, agus iasachtaí ó ghrúpchuideachtaí, a aithnítear den chéad uair ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart airgeadais é an socrú, agus sa chás sin déantar an dliteanas airgeadais a thomhas ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascainiú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó ghrúpchuideachtaí eile, agus dliteanais airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a thabhairt anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí i leith íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte i ngnáthchúrsa an ghnó ó sholáthraithe. Déantar creidiúnaithe trádála a aicmiú mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. I gcás ar bith eile, cuirtear i láthair iad mar mhéideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin. Aithnítear creidiúnaithe trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Déantar dliteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a dhéantar an dliteanas a mhúchadh, is é sin nuair a dhéantar an oibleagáid chonartha a chomhlíonadh nó a chur ar ceal nó ar dhul in éag di.

### (r) Soláthairtí agus teagmhais

#### (i) Soláthairtí

Is ionann soláthairtí agus dliteanais atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar Bhus Átha Cliath de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh aistriú sochar geilleagar de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ag baint úsáid as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar sholáthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá samhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar Bhus Átha Cliath ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar Bhus Átha Cliath athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh sé ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don chuideachta fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí bus, soláthairtí a bhaineann le pá, soláthairtí comhshaoil, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin.

Ní dhéantar soláthar in aghaidh caillteanais oibriúcháin sa todhchaí.

#### (ii) Dliteanais agus Sócmhainní Teagmhasacha

I gcás dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh nithe a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar Bhus Átha Cliath sochair gheilleagracha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dliteanais theagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

### (s) Sochair fostaithe

Cuireann an chuideachta roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearacht agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh. Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsean faoi seach.

#### Sochair iarfhostaíochta

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean sochair sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ.

Sainítear i bplean sochair sainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean sochair sainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas ranníocaíochtaí sainithe.

Tá cuntas tugtha ar na scéimeanna sin i ráitis airgeadais Ghrúpa CIÉ. Tomhaistear sócmhainní na scéimeanna pinsean le sochar sainithe ar a luach cóir. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin sochar sainithe ar bhonn achtúireach faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Léirítear barrachas dhliteanas na scéimeanna ar shócmhainní na scéimeanna mar dhliteanas ar chlár comhardaithe CIÉ.

Glacann na fochuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochair sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951. Ní shonraítear i rialacha na scéimeanna conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conarthach ná beartas luaite i dtaobh ghlanchostas na sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostas sochair sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ, toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Bus Átha Cliath, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse.

I mí Iúil 2022, cheadaigh an tAire Iompair Ionstraimí Reachtúla leasaithe don Scéim Pá Rialta, rud a thug i bhfeidhm athruithe a comhaontaíodh ag Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus a d'fhaomh baill foirne atá beartaithe chun an seasamh maoinithe don scéim a dhaingniú.

Tá sonraí breise i dtaobh na scéimeanna sin leagtha amach i nóta 20.

## (t) Caipiteal Gnáthscaireanna

Tá gnáthscaireanna Bhus Átha Cliath ar lánúinéireacht ag CIÉ. Déantar an gnáth-scairchaipiteal glaoite agus cúlchistí ioncaim a aicmiú mar chaipiteal gnáthscaireanna. Tá scairchaipiteal leagtha amach i nóta 18 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## (u) Meastacháin agus toimhdí ríthábhachtacha cuntasaíochta

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na stiúrthóirí meastacháin agus toimhdí faoin todhchaí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. De réir sainmhínithe, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhír a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

### (i) Saol eacnamaíoch úsáideach na sócmhainní doláimhsithe agus inláimhsithe

Braitheann an muirear amúchta bliantúil ar shócmhainní doláimhsithe agus an muirear dímheasa ar shócmhainní inláimhsithe ar athruithe ar shaol eacnamaíoch úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athbhreithniú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus riocht na sócmhainní. Léirítear ag (K) agus (L) thuas an saol úsáideach tuartha i gcás gach aicme sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe leagtha amach i nóta 11 agus nóta 12.

### (ii) Scéim pinsean le sochar sainithe

Tá sé d'oibleagáid ar Ghrúpa CIÉ, dá bhfuil an chuideachta ina ball, sochair phinsin a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt tosca, lena n-áirítear toimhdí i leith ionchas saoil, méaduithe tuarastail agus an ráta lascaine ar bhannaí corparáideacha. Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 20.

### (iii) Soláthar i dtaobh éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóra, agus aisghabhálacha gaolmhara

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don chuideachta fós.

Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena nochtadh ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 16 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### (iv) Feithiclí paisinéir bóthair a fuarthas faoi chomhaontú léasúcháin bus leis an NTA

Aithnítear feithclí paisinéir bóthair a fuarthas faoi chomhaontú léasúcháin bus leis an NTA de réir (n) Sócmhainní léasaithe thuas.

Tháinig athruithe ar chearta agus oibleagáidí na cuideachta agus an NTA, mar a fhorordaítear sna Conarthaí Dámhachtana Díreacha Nollaig 2019 – Samhain 2024, i bhfeidhm in 2020 agus, mar thoradh air sin, chinn an Grúpa go n-aithnítear feithiclí paisinéirí bóthair mar fheithiclí paisinéirí bóthair i (l) Sócmhainní seasta inláimhsithe i mblianta airgeadais 2017 go 2019 rinneadh iad a dhí-aithint in 2020 agus aithnítear anois iad de réir (n) Sócmhainní léasaithe.

Ó 2021, aithníodh muirear cíosa bliantúil, mar atá forordaithe i gcomhaontú léasaithe bus NTA, as feithiclí paisinéirí bóthair a fhaightear faoin gcomhaontú seo.

## 2 Gnóthas leantach

Ullmhaíodh ráitis airgeadais 2023 ar bhonn gnóthas leantach. Glacann seo leis go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an chuideachta chun leanúint ar aghaidh ag oibriú le linn tréimhse ar a laghad 12 mhí ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo.

Tá mionbhreithniúchán déanta ag na Stiúrthóirí ar ullmhúchán ar an bhonn gnóthais leantaigh ag an am seoagus tá siad sásta go bhfuil sé cuí go n-ullmhaítear ráitis airgeadais 2023 ar an bhun seo.

I measc na príomhghnéithe a rinneadh breithniúchán orthu le teacht ar an chinneadh seo tá:

### Staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

Ar an 31 Nollaig 2023 bhí glansócmhainní €47.0 milliún (2022: €45.0 milliún) ag an gcuideachta mar aon le glansócmhainní reatha €110.2 milliún (2022: €105.3 milliún).

Áirítear leis na glansócmhainní reatha dliteanais neamhairgid €15.8 milliún (2022: €15.0 milliún) a bhaineann le hioncam iarchurtha i leith deontais chaipitil. Ní airítear gealltanais airgid i ndeontais caipitil agus úsáodtear iad de réir dímheas an tsocmhainní. Dá bhrí sin, gan na míreanna neamhairgid sin san áireamh, tá glansócmhainní reatha €126 milliún (2022: €120.3 milliún) ag an gcuideachta.

Áirítear le glansócmhainní na Cuideachta dliteanais neamhairgid €55.1 milliún (2022: €55.4 milliún) a bhaineann le hioncam iarchurtha i leith deontais chaipitil. Dá bhrí sin, gan an mhír seo san áireamh, tá glansócmhainní reatha €102.1 milliún (2022: €100.4 milliún) ag an gcuideachta.

### Neamchinnteactaí Eacnamaíoch Domhanda

Tá éiginnteacht gheopholaitiúil fós ina riosca ar leibhéal eacnamaíoch domhanda agus bíonn tionchar aige sin ar rioscaí gnó áirithe don chuideachta. Cé go bhfuil maolú tagtha ar rioscaí amhail slándáil fuinnimh agus suaitheadh sa slabhra soláthair, tá an poitéinseal maidir le luaineacht amach anseo fós ina ábhar imní agus méadaítear imní maidir le cibearshlándáil sa timpeallacht reatha freisin. Is éard atá i gceist le tásca ná gur éirigh le beartais airgeadaíochta ar fud an domhain aghaidh a thabhairt ar bhoilsciú agus go bhfuil ionchais an mhargaidh ann maidir le laghduithe rátaí in 2024 a mbeidh tionchar dearfach acu ar chumas caiteachais do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí.

### Conarthaí Dírdhámhachtana OSP

Bronnadh Conradh Costais Dhírigh (DAC) ar an gcuideachta ag deireadh 2019 agus aistríodh é go conradh costais chomhláin ón 1 Eanáir 2021. Leanann an chuideachta ag feidhmiú faoi chonradh costais chomhláin don chuid eile den Chonradh Dámhachtain Dhíreach reatha. Faoi chonradh um ollchostas, tá freagracht as aitheantas a thabhairt do bhosca táillí pso agus d'aistrithe ioncaim eile ó phaisinéirí chuig an NTA.

Lean an chuideachta ar aghaidh ag oibriú seirbhísí OSP de réir an Chonartha Dámhachtana Díreach le linn 2023. Maoiníodh an chuideachta go hiomlán in 2023 faoin gconradh agus fanann freagracht as bosca táillí OSP agus ioncam eile paisinéirí leis an NTA. Dheimhnigh an NTA go bhfuil sé ar intinn aige leanúint de mhaoiniú pso a sholáthar de réir DAC in 2023.

In 2023, thug an NTA le fios go bhfaighidh an chuideachta DAC cúig bliana nua den mhéid agus den scála céanna. Beidh an conradh seo i bhfeidhm ón 1 Nollaig 2024 go dtí an 30 Samhain 2029.

Phléigh na Stiúrthóirí an candam maoiniúcháin gur dócha a bheidh riachtanach i 2024 agus 2025. Ba phríomhghné í macnamh ar an tuairim go bhféadfaí maoiniú OSP ag leibhéal cuí a sholáthair i 2024 agus 2025 i measúnacht na Stiúrthóirí ar stad airgeadais na Cuideachta.

Tá na Stiúrthóirí sásta:

- go bhfanann sé mar chuspóir ag an NTA Bus Átha Cliath a mhaoiniú le ligean do na seirbhsí OSP iarrtha a oibriú de réir an Chonartha Dírdhámhachtana;
- gur lig mionphleanáil cás do sholáthar measúnuithe réasúnta ar leibéil maoinithe riachtanacha;
- go raibh go leor soláthair cuí san áireamh i mBuiséad 2024 an Stáitchiste le Conradh OSP Bhus Átha Cliatha i 2024 a mhaoiniú;

- go gheobhaidh an NTA go leor maoiniú ón Státchiste le Conradh OSP Bus Átha Cliath i 2024 agus 2025 a mhaoiniú;
- gheobhaidh an NTA maoiniú leordhóthanach ón Státchiste chun na gealltanais chaipitil a thug an chuideachta i leith a punainne tionscadail chaipitil NTA do 2024 agus 2025 a mhaoiniú.

Rinne na Stiúrthóirí macnamh ar an eolas cuí ar fad le cinneadh a dhéanamh faoi réasúntacht a gconclúid i dtaca le soláthar maoiniú mar sin agus cuireadh caipéisí ar fáil do na Stiúrthóirí le cúnamh le ina macnamh. Bhí macnamh ar rannpháirtíocht bainistíocht le príomhsheallbhóirí, mionshamhaltú agus cás pleanáilm Buiséad an Stáitchiste 2024 sa áireamh le sin, cnomh maith le gach eolas cuí ar fáil go poiblí.

## Gníomhaíochtaí Tráchtála

Lean Seirbhísí Tráchtála ag feidhmiú in 2023, ar leibhéil laghdaithe, de réir mar a thagann an chuideachta chun cinn as an ísliú a theastaíonn le linn COVID-19. Leanann an chuideachta freisin le measúnú a dhéanamh ar dheiseanna tráchtála amach anseo. Thuill Seirbhísí Tráchtála barrachas €1.0 milliún in 2023.

Cheadaigh an bord leanúint le foireann bheag chun deiseanna amach anseo do Sheirbhísí Tráchtála a fhorbairt in 2024 agus ina dhiaidh sin, de réir mar a fheabhsaíonn an timpeallacht oibriúcháin. Tar éis breithniú a dhéanamh ar chásanna agus réamh-mheastacháin mhionsonraithe, tá na stiúrthóirí sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an gcuideachta chun Seirbhísí Tráchtála a mhaoiniú in 2024 agus 2025.

## Gníomhaíochtaí Bainistíochta Leanúnacha

Leanann bainistíocht ag cur líon gníomhaíochtaí i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- rannpháirtíocht leanúnach leis an NTA i dtaca le maoiniú cuí le tacú le hoibríocht leanúnach an DAC;
- dlúthfhaireachán ar threochtaí eacnamaíocha agus ar thionchar na neamhchinnteachtaí eacnamaíocha domhanda, lena n-áirítear an zóin coimhlinte, ar ghníomhaíochtaí gnó na cuideachta;
- dianmhonatóireacht ar cheisteanna le tionchar ar Sheirbhísí Trachtála;
- dianmhonatóireacht ón bhainistíocht ar staid airgid tirim laethúil, seachtainiúil agus mhíosúil ar fud na Cuideachta;
- dianmhonatóireacht ar bheartas agus áiseanna státchiste an Ghrúpa
- cuir i bhfeidhm leanúnach agus dianmhonatóireacht ar thionscnaimh sábhála costas;
- mionmeasúnuithe ar mholtaí Infheistíochta Caipitiúla agus a éifeacht ar leachtacht;
- athbhriethniú leanúnach ar rioscaí agus ar dheiseanna le tionchar acu ar oibríochtaí na Cuideachta

## Grúpa CIÉ

Tá córas státchiste comhthiomsaithe i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ agus braitheann an chuideachta ar áiseann bainc an Ghrúpa lena oibríochtaí a bahinsitiú de réir an plean gnó faofa. Tá tacaíocht leanúnach Grúpa CIÉ do Bhus Átha Cliath léirithe sa Litir Thacaíochta ó CIÉ go an chuideachta arna dhátú 22 Bealtaine 2024.

Luaitear an méid a leanas sa Litir sin "Tá sé fós mar bheartas CIÉ go mbeidh an Chuideachta in ann a cuid dliteanas a shásamh i gcónaí. Leanfaidh CIÉ dá chearta mar scairshealbhóir agus a oibleagáidí reachtúla a chleachtadh d'fhonn a áirithiú go mbainistíonn an Chuideachta a cuid oibríochtaí, i gcomhréir lena pleananna gnó faofa, agus ar bhealach lena gcuirfear ar a cumas a oibleagáidí a chomhlíonadh go tráthúil. Soláthróidh CIÉ an tacaíocht airgeadais is gá chun ligean don Chuideachta leanúint ag oibriú agus a dliteanais a leachtú i ngnáthchúrsa gnó ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad tar éis dáta sínithe na ráiteas airgeadais. I gcás mainneachtana ag aon fhoghnóthas CIÉ atá faoi chomaoin ag an gCuideachta, cúiteoidh an Tuismitheoir caillteanais a thabhaítear."

D'fhaomh Bord CIÉ an bhuiséad comhdhlúite grúpa do 2024 i Nollaig 2023. Bunaithe ar feidhmíocht leanúnach na gconarthaí dírdhámhachta ar an bhun aontaithe, léiríonn an bhuiséad comhdhlúite grúpa do 2024 go bhfuil acmhainní dhóthanacha ag an Chuideachta le leanúint i ngnó ar feadh tréimhse ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

## Conclúd

De réir na fachtóirí leagtha amach thuas, tá dóchas réasúnta ag Stiúrthóirí Bhus Átha Cliath go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an chuideachta le leanúint ag oibriú ar feadh ar laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais agus measann siad go bhfuil sé cuí glacadh leis an bhonn gnóthaigh leantaigh i dtaca le ullmhú na ráitis airgeadais.

## 3 Glanbharrachas/(Glaneasnamh) de réir gníomhaíochta

| | Gníomhaíochtaí Sóisialta – Conradh Dírdhámhachtana | | Gníomhaíochtaí Sóisialta eile | | Gníomhaíochtaí Tráchtála | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2023 €'000 | 2022 €'000 | 2023 €'000 | 2022 €'000 | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
| Ioncam oibriúcháin | – | – | 59 | – | 9,247 | 5,383 |
| Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | 325,251 | 303,263 | – | – | – | – |
| Deontais ioncaim | 226 | 219 | – | 744 | 41 | 511 |
| **Ioncam Iomlán** | **325,477** | **303,482** | **59** | **744** | **9,288** | **5,894** |
| Costais roimh chreidmheasanna agus (mhuirir) eisceachtúla | (323,195) | (303,114) | (154) | (784) | (8,280) | (5,676) |
| **Barrachas/(easnamh) oibriúcháin roimh chreidmheasanna agus (mhuirir) eisceachtúla** | **2,282** | **368** | **(95)** | **(40)** | **1,008** | **218** |
| Muirir oibriúcháin agus chreidmheasanna agus (mhuirir) eisceachtúla | (1,098) | 157 | – | (275) | (17) | – |
| **Barrachas/(Easnamh) Ghlan** | **1,184** | **525** | **(95)** | **(315)** | **991** | **218** |

Gníomhaíochtaí Sóisialta – Baineann Conradh Dámhachtana Dhírigh le gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gConradh Dámhachtana Dhírigh leis an NTA. D'aithin Bus Átha Cliath €325.3 milliún san iomlán i bhfóirdheontas oibriúcháin, tar éis asbhaintí feidhmíochta, ón NTA a bhaineann le 2023.

Ón 1 Eanáir 2021, taifeadann Bus Átha Cliath ioncam a ghintear faoin gConradh Dámhachtana Dhírigh ar bhonn ollchostais. Íoctar le Bus Átha Cliath bunaithe ar chandam na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Seoltar ar aghaidh chuig an NTA gach bosca táillí agus ioncam eile paisinéirí a fhaightear ón bpaisinéir iompair phoiblí agus ní aithnítear é a thuilleadh i gcuntas brabúis agus caillteanais Bhus Átha Cliath.

Baineann Gníomhaíochtaí Sóisialta eile le gníomhaíochtaí a dhéantar chun tacú leis an gConradh Dámhachtana Dhírigh nach maoiníonn an NTA faoin gConradh Dámhachtain Dhíreach.

Baineann Gníomhaíochtaí Tráchtála le gníomhaíochtaí eile. Áirítear orthu sin gníomhaíochtaí tráchtála a oibrítear faoi bhranda DoDublin agys seirbhísí a chuirtear ar fáil don NTA i ndáil le clár Athdheartha Líonra BusConnects.

## 4 Ioncam

### (a) Ioncam iomlán

Cuimsíonn sé seo ioncam oibriúcháin, glan ó CBL inghnóthaithe, fáltais faoin gConradh Dámhachtana Dhírigh agus deontais ioncaim. Soláthraí seirbhísí iompair is ea an chuideachta agus cuireann sí seirbhísí ar fáil ar fud Bhaile Átha Cliath agus tá sí á rialú ag an NTA. Ní thugann an chuideachta aitheantas a thuilleadh don bhosca táillí ná don ioncam ó phaisinéirí a ghintear faoin gConradh Dámhachtana Dhírigh ó sheirbhísí paisinéirí tar éis an aistrithe chuig bonn costais chomhláin ón 1 Eanáir 2021. Seoltar ar aghaidh chuig an NTA gach bosca táillí agus ioncam eile paisinéirí a bhailítear ó phaisinéirí iompair phoiblí faoin DAC agus ní aithnítear é a thuilleadh i gcuntas brabúis agus caillteanais Bhus Átha Cliath.

### (b) Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (OSP)

Bhí an íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ba iníoctha le Bus Átha Cliath – trína chuideachta sealbhaíochta, CIÉ, cothrom le €325.3 milliún don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (2022: €303.3 milliún).

### (c) Deontais ioncaim

Tugtar deontais ioncaim chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais go hiomlán sa bhliain ábhartha a fhaightear/atá infhaighte. Tá tuilleadh sonraí ar na gníomhaireachtaí deonúcháin, na cláir agus na húdaráis urraíochta leagtha amach i Nóta 17 (a), de réir Ciorclán Tagartha 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

## 5 Costais phárolla agus costais ghaolmhara

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Cuimsíonn na costais foirne:** | | |
| Pá agus tuarastail | 202,745 | 195,577 |
| Costais leasa shóisialaigh | 21,018 | 19,442 |
| Costais eile a bhaineann le sochar scoir (Nóta 20) | 18,105 | 16,558 |
| **Ollchostais foirne** | **241,868** | **231,577** |
| Lúide: párolla caipitlithe | (520) | – |
| **Costais iomlána foirne (gan luach saothair na stiúrthóirí san áireamh)** | **241,348** | **231,577** |
| **Luach saothair na Stiúrthóirí** | | |
| *Luach saothair* | | |
| - i leith seirbhísí mar stiúrthóirí | 91 | 72 |
| - i leith seirbhísí eile | 61 | 60 |
| | **152** | **132** |
| Ranníocaíochtaí a rinneadh le scéim pinsean le sochair shainithe | 3 | 3 |
| **Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na stiúrthóirí** | **155** | **135** |
| **Iomlán na dtuarastal agus na gcostas gaolmhar** | **241,503** | **231,712** |

Tá sochair scoir á bhfabhrú do stiúrthóir amháin i rith na bliana (2022: 1 stiúrthóir) faoi scéim pinsean le sochar sainithe.

Níor tabhaíodh aon chostais i leith chailleadh oifige d'aon stiúrthóirí in 2023 nó 2022 nó tar éis dháta an chláir comhardaithe.

| | **Líon na bhFostaithe** | |
|---|---|---|
| Ba é an meánlíon fostaithe i rith na bliana: | **2023** | **2022** |
| Grád Pá | 3,409 | 3,278 |
| Feidhmiúcháin/cléireachais | 425 | 423 |
| Sealadach/ar conradh | 106 | 70 |
| **Iomlán** | **3,940** | **3,771** |

## Cúiteamh príomhphearsanra bainistíochta

Áirítear leis an bpríomhlucht bainistíochta na stiúrthóirí agus an lucht ardbhainistíochta. Áirítear le costas pá agus tuarastal an luach saothair seo a leanas atá iníoctha leis na Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| **Cúiteamh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** | | |
| Bunthuarastal | 200 | 200 |
| Sochar comhchineáil | 3 | – |
| Costais leasa shóisialaigh | 8 | 6 |
| Costais eile i ndáil le sochair iarscoir | 50 | 46 |
| **Iomlán** | **261** | **252** |

Tá tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh ag teacht le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i ndáil le Príomhfheidhmeannaigh. Bhain an Príomhfheidhmeannach leas freisin as carr cuideachta a úsáid (2022: carr cuideachta) a raibh sochar comhchineáil inchánach ag baint leis agus a nochtar gcúiteamh le Príomhfheidhmeannaigh thuas.

Léirítear thíos an cúiteamh a íocadh nó is iníoctha leis an bpríomhlucht bainistíochta (lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) as ucht seirbhísí fostaithe:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| **Cúiteamh príomhphearsanra bainistíochta** | | |
| Bunthuarastal | 1,750 | 1,277 |
| Sochar comhchineáil inchánach | 3 | – |
| Costais leasa shóisialaigh | 117 | 82 |
| Costais eile i ndáil le sochair iarscoir | 451 | 337 |
| **Iomlán** | **2,321** | **1,696** |

Le linn 2023 rinneadh athbhreithniú ar struchtúr na Foirne Ceannaireachta Sinsearaí d'fhonn an struchtúr a ailíniú le straitéis na cuideachta a cheadaigh an Bord le linn 2023. Fógraíodh Foireann Feidhmiúcháin athbhreithnithe i mí Feabhra 2024 agus tá sí á cur i bhfeidhm anois. Tá na híocaíochtaí iomlána le baill na Foirne Ceannaireachta Sinsearaí a bhí i bhfeidhm le linn 2023 sa nochtadh thuas.

Íocadh táillí stiúrthóirí mar seo a leanas le stiúrthóirí na cuideachta as ucht seirbhísí mar stiúrthóirí in 2023:

| | |
|---|---|
| An tUasal G. Owens | €21,600 |
| L. Carroll Usual | €12,600 |
| E. Howley Uasal | €12,600 |
| An tUasal C. Maybury | €12,600 |
| E. Murray Usual | €6,783 |
| An tUasal K. Wallace | €12,600 |
| An Dr Rachel Widdis | €12,600 |

Ní bhfuair an tUasal S. Hannan agus tUasal D. Healy táillí stiúrthóra ar bith ón gcuideachta.

Tá gach íocaíocht ag cloí go hiomlán le treoirlínte an rialtais i leith táillí stiúrthóra.

B'ionann na speansais iomlána a íocadh maidir le stiúrthóirí in 2023 agus €966 (2022: €683).

## 5 (a) Costais phárolla agus costais ghaolmhara: riachtanais breise nochtaithe faoi Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016:

| **San áireamh i bpá agus tuarastal:** | **2023 €'000** | **2022 €'000** |
|---|---|---|
| Tuarastal | 127,439 | 116,129 |
| Ragobair | 17,685 | 15,556 |
| Liúntais | 57,621 | 63,892 |
| **Iomlán** | **202,745** | **195,577** |

Tá an uimhir fostaí a raibh iomlán a gcuid sochar fostaí (seachas costais pinsean fostóra) lastigh de ghach banna €25,000 ó €50,000 suas don tréimhse tuairisciú leagtha amach thíos.

| | **Líon na bhFostaithe** | |
|---|---|---|
| | **2023** | **2022** |
| €50,000 go €75,000 | 1,889 | 1,521 |
| €75,001 go €100,000 | 192 | 178 |
| €100,001 go €125,000 | 36 | 27 |
| €125,001 go €150,000 | 10 | 6 |
| €150,001 go €175,000 | 2 | 2 |
| €175,001 go €200,000 | 1 | – |
| €200,001 go €225,000 | 2 | 1 |

## 5 (b) Párolla agus costais gaolta: riachtanais nochtuithe breise faoi Imlitir na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe Tagairt 13/2014

Líon fostaithe a bhfuil iomlán a sochar fostaí (gan costais pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse thuairiscithe a thit laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 in airde.

| | **Líon Foirne** | |
|---|---|---|
| | **2023** | **2022** |
| €60,000 go €70,000 | 489 | 427 |
| €70,001 go €80,000 | 178 | 158 |
| €80,001 go €90,000 | 87 | 82 |
| €90,001 go €100,000 | 39 | 30 |
| €100,001 go €110,000 | 22 | 13 |
| €110,001 go €120,000 | 11 | 11 |
| €120,001 go €130,000 | 4 | 5 |
| €130,001 go €140,000 | 7 | 2 |
| €140,001 go €150,000 | 2 | 2 |
| €150,001 go €160,000 | 2 | 2 |
| €180,001 go €190,000 | 1 | – |
| €200,001 go €210,000 | 2 | 1 |

## 6 Costais ábhar agus seirbhísí

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Breosla agus bealaí | 32,146 | 27,313 |
| Ábhair | 25,184 | 21,010 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | 963 | 1,053 |
| Cíos agus rátaí | 982 | 803 |
| Caillteanais airgeadra eachtraigh | 31 | 18 |
| Muirear i dtaobh gluaiseacht soláthair maidir le lagú stoc | 54 | 251 |
| Creidmheas i dtaobh gluaiseacht soláthair maidir le lagú féichiúnaithe | – | (26) |
| Léasanna oibriúcháin ar cíos | 574 | 457 |
| Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí | 4,367 | 1,265 |
| Seirbhísí eile | 27,155 | 26,477 |
| **Iomlán** | **91,456** | **78,621** |

## 6 (a) Costais ábhar agus seirbhísí: riachtanais breise nochtaithe faoi Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016:

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Taisteal agus maireachtáil** | | |
| Taisteal náisiúnta agus maireachtáil | 1 | 1 |
| Taisteal idirnáisiúnta agus maireachtáil | 46 | 17 |
| Fáillteachas | 73 | 47 |
| **Iomlán taistil agus maireachtáil** | **120** | **65** |
| | | |
| **Costais dlí agus glanadh** | | |
| Táillí dlí ginearálta | 245 | 275 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra ar tháillí dlí (nóta 16) | 1,264 | 1,600 |
| Cúiteamh éileamh dliteanais tríú páirtí agus fostóra (nóta 16) | 2,542 | 2,282 |
| **Iomlán costais agus socruithe dlí** | **4,051** | **4,157** |

## 7 Costais oibriúcháin eisceachtúla

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Athstruchtúrú agus nithe fostaí eile | 1,115 | 118 |
| **Iomlán** | **1,115** | **118** |

### 7 (a) Foirceannadh/scaradh: riachtanais breise nochtaithe faoi Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016:

Is nialas (2021: nialas) iomlán na híocaíochtaí foirceannadh nó scaradh a rinneadh le linn an tréimhse tuairiscithe.

## 8 Dímheas agus amúchadh na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe (nóta 11) | 697 | 693 |
| Dímheas na sócmhainní seasta inláimhsithe (nóta 12) | 16,287 | 16,405 |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil (nóta 17) | (16,886) | (17,052) |
| | **98** | **46** |

## 9 Ús

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ús infhála agus muirir dá shamhail | | |
| Ús infhaighte agus ioncam dá shamhail | 2,058 | – |
| | **2,058** | **–** |
| Ar iarmhéideanna le cuideachta shealbhaíochta | | |
| Ar iarmhéideanna leis an gcuideachta sealbhaíochta | (361) | (225) |
| Íocaíochtaí úis eile | (6) | (9) |
| | **(367)** | **(234)** |

# 10 Cánachas

| **Costas cánach san áireamh sa bhrabús nó sa chaillteanas** | **2023 €’000** | **2022 €’000** |
|---|---|---|
| Cáin reatha: | | |
| Cáin chorparáide na hÉireann ar an mbarrachas don bhliain airgeadais | 255 | – |
| Coigeartú i ndáil le blianta airgeadais roimhe sin | – | (1,039) |
| Costas cánach reatha don bhliain airgeadais | **–** | **–** |
| Cáin iarchurtha: | | |
| Bunú agus aisiompú na ndifríochtaí uainiúcháin | – | – |
| Costas cánach iarchurtha don bhliain airgeadais | – | – |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **255** | **(1,039)** |

### Tosca a raibh tionchar acu ar an muirear cánach don bhliain

Ní hionann an cháin arna measúnú don bhliain airgeadais agus an cháin a cinneadh tríd an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann a chur i bhfeidhm ar an easnamh don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023, is é sin 12.5% (2022: 12.5%). Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

| | **2023 €’000** | **2022 €’000** |
|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | 2,335 | (611) |
| Barrachas/(Easnamh) ghnáthghníomhaíochtaí méadaithe faoi 12.5%, an ráta caighdeánach cánach corparáide in Éirinn (2022: 12.5%) | 292 | (76) |
| *Tionchar de bharr:* | | |
| Dímheas sa bhreis ar liúntais chaipitiúla i leith na bliana | 1,809 | 1,760 |
| Ioncam neamh-inchánach | (2,111) | (2,132) |
| Caiteachas neamh-inasbhainte | 8 | 6 |
| Faoiseamh caillteanais a ghéilleadh do ghrúpa cuideachta | – | 442 |
| Ioncam a mhuirearaítear i leith cánach ag an ráta níos airde | 257 | – |
| **Muirear cánach iomlán don bhliain** | **255** | **–** |
| Foráil chánach na bliana roimhe sin a fhreaschur | – | (1,039) |
| **Cáin ar barrachas/(easnamh) don bhliain** | **255** | **(1,039)** |

Níor aithníodh sócmhainn cánach iarchurtha fhéideartha €76 milliún (2022: €193 milliún), mar nach cinnte go ndéanfar í a aisghabháil sa todhchaí i gcoinne brabúis inchánacha.

I mí na Bealtaine 2024 thángthas ar chomhaontú leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis na caillteanais trádála charntha atá ar fáil a tugadh ar aghaidh. Bhí na caillteanais sin tagtha chun cinn mar gheall ar ioncam fóirdheontais a láimhseáil mar ioncam nach raibh faoi dhliteanas cánachais. Laghdaítear na caillteanais ar aghaidh ó €1,543.8 milliún go €606.2 milliún le héifeacht ón 1 Eanáir 2023 agus laghdaítear an tsócmhainn chánach iarchurtha fhéideartha a bhaineann leis na caillteanais seo go €76 milliún ó €193 milliún.

Tá Bus Átha Cliath ag comhlíonadh Imlitir na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe Tagairt 44/2006: Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach Deontais, Fóirdheontais agus Íocaíochtaí Cosúla.

## 11 Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

| | Bogearraí €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|
| **Costas** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 14,839 | 14,839 |
| Breiseanna | 827 | 827 |
| Diúscáirtí | (383) | (383) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **15,283** | **15,283** |
| **Amúchadh** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | (13,865) | (13,865) |
| Muirear don bhliain (nóta 8) | (697) | (697) |
| Diúscáirtí | 383 | 383 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **(14,179)** | **(14,179)** |
| **Glanmhéideanna de réir na leabhar** | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **1,104** | **1,104** |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 974 | 974 |

Is é seo a leanas an saol úsáideach atá tuartha i leith na gcineálacha éagsúla sócmhainní doláimhsithe chun críocha amúchta:

| | |
|---|---|
| Bogearraí | idir 3-5 bliana |

## 12 Sócmhainní seasta inláimhsithe

| | Feithiclí Paisinéirí Bóthair €'000 | Stadanna Bus agus Scáthláin Bhus €'000 | Gléasra agus Innealra €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 274,065 | 32,907 | 45,271 | 352,243 |
| Breiseanna | 2,791 | – | 12,315 | 15,106 |
| Diúscairtí | (334) | – | (1,279) | (1,613) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **276,522** | **32,907** | **56,307** | **365,736** |
| **Amúchadh** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | (229,674) | (28,075) | (40,478) | (298,227) |
| Muirear don bhliain (nóta 8) | (12,485) | (1,200) | (2,602) | (16,287) |
| Diúscairtí | 326 | – | 1,279 | 1,605 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **(241,833)** | **(29,275)** | **(41,801)** | **(312,909)** |
| **Glanmhéideanna de réir na leabhar** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **34,689** | **3,632** | **14,506** | **52,827** |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 44,391 | 4,832 | 4,793 | 54,016 |

(i) Rinneadh feithiclí paisinéirí bóthair a chosain €111milliún (2022: €121 milliún) a dhímheas go hiomlán ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir comhardaithe.

(ii) Níl aon bhreisithe i ndáil le feithiclí paisinéirí bóthair, ar sócmhainní iad atá á dtógáil agus sócmhainní nach bhfuil i mbun seirbhíse go fóill (2022: Nialas).

(iii) Ní leis an gcuideachta an talamh agus foirgnimh atá in úsáid; tá siad ar úinéireacht ag Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ agus áirítear iad i ráitis airgeadais CIÉ.

(iv) Diúscraíodh sócmhainní ag a raibh costas de €1.6 milliún i rith na bliana i gcomhlíonadh bheartais agus nósanna imeachta Ghrúpa CIÉ i leith diúscairtí sócmhainní, agus taifeadadh caillteanas €8,488 ar dhiúscairt.

## 13 Stoic

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spártha | 4,038 | 2,951 |
| Breosla, bealaí agus stoic éagsúla eile | 1,656 | 1,504 |
| | **5,694** | **4,455** |

Tá an stoc thuas luaite glan ar sholáthar €1,036,000 i gcoinne dífheidhmeacht stoic (2022: €981,000).

Níl aon difríocht shuntasach idir costas athsholáthair na stoc agus a suim ghlanluacha.

## 14 Féichiúnaithe

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | 601 | 595 |
| Méideanna atá dlite ón gcuideachta sealbhaíochta | 158,569 | 166,035 |
| Réamhíocaíochtaí | 737 | 286 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | 456 | 451 |
| | **160,363** | **167,367** |

Tá na méideanna atá dlite ón gcuideachta sealbhaíochta neamhurraithe agus saor ó ús, níl aon dáta aisíocaíochta socraithe ina leith agus tá siad iníoctha ar éileamh.

Luaitear na féichiúnaithe thuas glan ar sholáthar €13,000 (2022: €17,000) soláthar in aghaidh drochfhiach.

## 15 Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe trádála | 4,184 | 4,372 |
| Cáin chorparáide | 255 | – |
| Cáin ioncaim/tobhach asbhainte faoi ÍMAT | 3,968 | 4,911 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasa | 3,345 | 3,434 |
| Cáin bhreisluacha | 370 | 242 |
| Cáin shiarchoinneálach | 57 | 98 |
| Creidiúnaithe eile | 15,231 | 26,133 |
| Ioncam iarchurtha | 157 | 109 |
| Ioncam iarchurtha (nóta 17) | 15,830 | 14,984 |
| Fabhruithe | 12,751 | 12,530 |
| | **56,148** | **66,813** |
| Creidiúnaithe i leith cánachais agus árachas sóisialta áirithe anseo thuas | 7,995 | 8,685 |

Tá creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile iníoctha ar dhátaí éagsúla sna trí mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais de réir ghnáth-théarmaí creidmheasa na gcreidiúnaithe.

Tá creidiúnaithe i leith cánach agus árachas sóisialta iníoctha sa chreat ama atá leagtha síos sa reachtaíocht ábhartha.

Baineann ioncaim iarchurtha le ioncaim ó thicéid Taxsaver agus ó thicéid ghearrthéarmacha eile.

## 16 Soláthairtí in aghaidh dliteanas

| | Cúrsaí comhshaoil<br>€'000 | Cúrsaí dlí agus nithe gaolmhara<br>€'000 | Athstruch-túrú agus cúrsaí fostaí eile<br>€'000 | Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóirí<br>€'000 | Iomlán<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir 2022 | 721 | 300 | 3,659 | 70,870 | 75,550 |
| (Cur chun sochar)/muirear don chuntas brabúis agus caillteanais | (393) | 90 | 2,525 | 1,265 | 3,487 |
| Úsáidte i rith na bliana | (52) | – | (135) | (3,882) | (4,069) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | **276** | **390** | **6,049** | **68,253** | **74,968** |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 276 | 390 | 6,049 | 68,253 | 74,968 |
| (Cur chun sochar)/muirear don chuntas brabúis agus caillteanais | (6) | 162 | 2,884 | 4,367 | 7,407 |
| Úsáidte i rith na bliana | – | (72) | (667) | (3,806) | (4,545) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **270** | **480** | **8,266** | **68,814** | **77,830** |

## Cúrsaí comhshaoil

Tá aoiseanna éagsúla ag an talamh agus na foirgnimh atá á n-áitiú ag Bus Átha Cliath. Baineann an soláthar comhshaoil le móroibreacha tógála nach mór a chur i gcrích faoi láthair chun oibleagáidí na cuideachta a chomhlíonadh faoi reachtaíocht Chomhshaoil agus faoi reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta.

## Cúrsaí dlí agus nithe bainteacha

Baineann an fhoráil le díospóidí dlíthiúla fostaithe agus le díospóidí conarthacha eile atá ar siúl faoi láthair. Léiríonn an fhoráil an costas measta a bhaineann leis na nithe seo a réiteach. Ní chuirtear tuilleadh faisnéise ar fáil maidir leis na díospóidí leanúnacha seo mar d'fhéadfadh sé seo dochar a dhéanamh do sheasamh na cuideachta.

## Athstruchtúrú agus cúrsaí fostaí eile

Baineann an soláthar le haghaidh athstruchtúrú le hathraithe sa phróisis ghnó agus íocaíochtaí le baill foirne a mbeidh tionchar ag na hathruithe sin orthu. Baineann na cúrsaí le caiteachas párolla neamhghnách. Meastar go mbainfear leas as an soláthar le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024.

Baineann cúrsaí fostaí eile le costais scohair iar-scoir curtha ar fáil ar 31 Nollaig 2023 de €4.2 milliún (2022: €2.9 milliún).

## Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóirí

Déantar aon chaillteanais nach bhfuil cumhdaithe ag árachas seachtrach a chur de mhuirear an chuntais brabúis agus caillteanais, agus áirítear méideanna gan íoc sna soláthairtí in aghaidh dliteanas agus muirear. Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don chuideachta fós.

Ina cháil mar chomhlacht féinrialaithe, feidhmíonn CIÉ samhail féinárachais faoina n-iompraíonn na cuideachtaí oibríocha an riosca airgeadais a bhaineann le costas éileamh, faoi réir teagmhais aonuaire áirithe agus uasteorainneacha bliantúla i gcás na n-éileamh tríú páirtí. Áirítear i gcostas measta na n-éileamh na costais a thabhófar agus éilimh á réiteach. Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena nochtadh ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Agus costas measta na n-éileamh neamhíoctha á ríomh, úsáideann an chuideachta teicnící éagsúla meastacháin, lena n-áirítear anailís staitistiúil ar thaithí stairiúil, modh anailíse a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht leis an taithí a bhí ann roimhe seo. Cuirtear san áireamh, áfach, aon athruithe nó ábhair neamhchinnteachta a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le saobhadh na staitisticí bunúsacha, agus athruithe nó ábhair neamhchinnteachta a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le costas na n-éileamh gan íoc a mhéadú nó a laghdú i gcomparáid le costas na n-éileamh a íocadh roimhe seo. Samplaí díobh sin is ea athruithe ar phróisis na cuideachta a d'fhéadfadh dlús a chur faoi fhorbairt agus/nó taifeadadh éileamh arna n-íoc nó arna dtabhú, nó moill a chur orthu, athruithe ar an timpeallacht dlí, éifeacht an bhoilscithe, athruithe ar mheascán na n-éileamh agus an tionchar atá ag caillteanais shuntasacha.

Agus costas na n-éileamh atá fógartha ach nach bhfuil íoctha á mheas, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpistí arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le fasaigh sa chúirt ar dhliteanais ar bhain tréithe comhchosúla leo i dtréimhsí roimhe sin. Is ionann éilimh mhóra, nó éilimh bhreise, agus iad siúd a bhfuil costas measta níos mó ná €250,000 orthu agus a gcaitear leo ar leithligh laistigh den samhaltú achtúireach.

Bíonn meastachán ar na héilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta i gcás na n-éileamh a cuireadh in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi theagmhas an éilimh, ach amháin sna cásanna sin inar glaodh imscrúdaitheoirí go dtí láithreacha na dtimpistí. Is iondúil, i gcás cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán ard dá réir, go léirítear éagsúlachtaí níos mó ina leith idir na meastacháin bhunaidh agus na torthaí deiridh mar gheall ar an deacracht níos mó a bhaineann leis na cúlchistí sin a mheas.

Déantar soláthairtí i leith éileamh a ríomh mar mhéid comhlán gan aisghabháil athárachais ar bith san áireamh. Aithnítear aisghabhálacha athárachais sa chás inar féidir a leithéid d'aisghabhálacha a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn aisghabhálacha athárachais i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil i dtaobh aisghabhálacha den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe ar chineál agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú.

Chomh maith leis sin, déantar aisghabhálacht an athárachais a mheas ag féachaint d'fhógra a bheith faighte ó bhróicéirí na cuideachta maidir le haon athárachóirí a bhfuil caillteanas luaite leo.

## 17 Ioncam iarchurtha

Áirítear sa chuntas seo agus deontais eile ón Aontas Eorpach agus ón Státchiste a chuirfear chun sochair an chuntais brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas:

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Deontais chaipitil** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 55,364 | 67,627 |
| Faighte agus infhála (nóta 17(a)) | 16,605 | 4,789 |
| Aisíoctha | – | – |
| Amúchadh na ndeontas caipitil (nóta 8) | (16,886) | (17,052) |
| Diúscairtí Sócmhainní | – | – |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **55,083** | **55,364** |
| Cionroinnte: | | |
| Méideanna atá dlite lastigh de bhliain amháin (nóta 15) | 15,830 | 14,984 |
| Méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | 39,253 | 40,380 |
| | **55,083** | **55,364** |

### 17 (a) Nochtadh de réir imlitir na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe Tagairt 13/2014

Baintear úsáid as gach deontas ó chistí Státchiste a fhaightear chun na gcríoch ar lorgaíodh cead chucu agus a fuarthas ón bhfoinse mhaoinithe. Gabhann Bus Átha Cliath air féin infheistíocht an Stáit a chosaint agus ní úsáidfidh sé an infheistíocht sin mar urrús d'aon ghníomhaíocht eile gan dul i gcomhairle roimh ré leis an Roinn Iompair, agus cead a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Deontais chaipitil ó chistí an Státchiste** | | |
| Cláir Infheistíochta Caipitil Iompair Phoiblí – NTA | 16,531 | 4,703 |
| Conradh um Dhámhachtain Dhíreach – NTA | 22 | 55 |
| **Deontais chaipitil faighte/infhaighte ó chistí an Státchiste** | **16,553** | **4,758** |
| Deontais chaipitil ó fhoinsí seachas cistí an Státchiste | 52 | 31 |
| **Iomlán na ndeontas caipitil a fuarthas/infhaighte** | **16,605** | **4,789** |

Déantar deontais chaipitil a amúchadh thar shaolréanna úsáideacha na sócmhainní. Is í an Roinn Iompair an roinn rialtais a dhéanann urraíocht ar mhaoiniú deontais chaipitil an NTA. Tá deontais a chuireann an NTA ar fáil teoranta do ghníomhaíochtaí pso. Ina theannta sin, cuimsíonn deontais chaipitil a fuarthas agus atá le fáil in 2023 méideanna a fuarthas agus atá le fáil de €52,000 (2022: €31,000) ó fhoinsí seachas cistí Státchiste.

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Deontais Ioncaim ó chistí an Státchiste** | | |
| Scéim Cúnaimh Taistil – NTA | 215 | 184 |
| Scéim Dreasachta Printíseachta – Solas | 11 | 35 |
| Scéim Leanúnachais Ghnó um Iompar Straitéiseach Turasóireachta – Fáilte Ireland | 2 | 350 |
| Athdhearadh Líonra BusConnects – NTA | – | 711 |
| Clár Athchóirithe Flít – NTA | – | 33 |
| Digiteach a Sheachadann – Fáilte Éireann | – | 49 |
| Tionscal An Clár Rochtana ar an Margadh – Turasóireacht Éireann | – | 10 |
| **Deontais Ioncaim faighte/infhaighte ó chistí an Státchiste** | **228** | **1,372** |
| Deontais ioncaim ó fhoinsí seachas cistí an Státchiste | 39 | 102 |
| **Iomlán na ndeontas ioncaim a fuarthas/infhaighte (nóta 3 agus nóta 4 (c))** | **267** | **1,474** |

Tugtar deontais na gCoimisinéirí Ioncaim chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ina n-iomláine sa bhliain ábhartha a fuarthas/is infhaighte. Leagtar amach an ghníomhaireacht agus an clár ábhartha thuas.

Is í an Roinn Iompair an roinn rialtais urraíochta don Scéim Cúnaimh Taistil, don chlár Athdhearadh Líonra BusConnects agus don chlár Athchóirithe Flít, agus tá na deontais seo teoranta do ghníomhaíochtaí OSP.

Is í an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an roinn rialtais a dhéanann urraíocht ar an Scéim Leanúnachais Ghnó um Iompar Straitéiseach Turasóireachta, ar an gClár Rochtana ar an Margadh Digiteach a Sholáthraíonn agus ar an gClár Rochtana ar an Margadh Tionscail agus tá na deontais seo gan srian. Is í an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta an roinn rialtais atá ag déanamh urraíochta ar an Scéim Dreasachta Printíseachta agus tá na deontais seo gan srian.

Chomh maith leis na deontais ioncaim atá leagtha amach thuas, aithnítear deontais ioncaim eile a fuarthas agus atá le fáil ó fhoinsí seachas cistí Státchiste de €39,000 (2022: €102,000) in 2022 i ndáil le tionscadail inbhuanaitheachta.

## 18 Scairchaipiteal

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe:** | | |
| 100,000,000 Gnáthscair ar €1.27 an ceann | 126,974 | 126,974 |
| **Leithroinnte, glaoite agus curtha i láthair mar chaipiteal gnáthscaireanna:** | | |
| 55,000,000 Gnáthscair ar €1.27 an ceann | 69,836 | 69,836 |

Is ann d'aicme amháin gnáthscaireanna. Níl srian ar bith ar dháileadh díbhinní agus ar aisíoc an chaipitil. Baineann na cearta vótála céanna le gach scair agus an aicme chéanna i dtaobh díbhinní, a mhéid a bhfuil an méid iomlán ar gach scair íoctha.

## 19 Ráiteas faoi shreabhadh airgid

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Réiteach na sreafaí airgid oibriúcháin | | |
| Easnamh roimh ús agus cháin | 644 | (377) |
| Dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe | 16,287 | 16,405 |
| Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe | 697 | 693 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil | (16,886) | (17,052) |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | 8 | – |
| Méadú ar stoic | (1,239) | (700) |
| (Méadú)/laghdú ar fhéichiúnaithe | (462) | 276 |
| (Laghdú)/méadúar chreidiúnaithe agus soláthairtí | (8,904) | 2,692 |
| **Airgead glan (úsáidte i)/ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **(9,855)** | **1,937** |

## 20 Pinsin

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean sochar sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ. Is baill de scéimeanna pinsin Ghrúpa Córas Iompair Éireann iad fostaithe Bhus Átha Cliath. Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla faoi mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Ní shonraítear i rialacha na scéimeanna conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conartha ná beartas luaite i dtaobh glanchostas na sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostas sochar sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Bus Átha Cliath, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse.

Léirigh na luachálacha ar na scéimeanna faoi FRS 102 amhail an 31 Nollaig 2023 easnamh €371 milliún (2022: easnamh €396 milliún). Tá an nochtadh atá ceangailte faoi FRS 102 maidir le pleananna sochar sainithe an ghrúpa, ina bhfuil an chuideachta rannpháirteach, leagtha amach i ráitis airgeadais CIÉ don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023, atá ar fáil don phobal ó CIÉ, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8, Éire.

Bhí costas pinsean na cuideachta don bhliain ar na scéimeanna sochar sainithe cothrom le €18.1milliún (2022: €16.6 milliún) agus tá na costais sin san áireamh mar sochair iarscor i nóta 5. Cuimsíonn costas na cuideachta na ranníocaíochtaí atá iníoctha i leith na bliana.

## 21 Ceangaltais chaipitiúla

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Conradh déanta ina leith: | 9,386 | 17,224 |

Is ionann na ceangaltais chaipitiúla agus tionscadail caiteachais chaipitiúil atá ceadaithe ag an mbord arb amhlaidh ina leith go bhfuil tús curtha leis an obair ar na tionscadail, ach nach raibh siad curtha i gcrích ina n-iomláine ag deireadh na tréimhse. Is an tÚdarás Náisiúnta Iompair a mhaoiníonn na gceangaltas caipitiúil de €8.4 milliún lena n-áirítear tionscadail caipitil.

## 22 Léasanna oibriúcháin

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Ag deireadh na bliana, ba iad seo a leanas na híocaíochtaí léasa íosta todhchaíocha a bhí iníoctha faoi léasanna oibríochta nárbh fhéidir a chealú: | | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 248 | 213 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | 429 | 285 |
| | **677** | **498** |

Cuimsíonn léasanna oibriúcháin (i) feithiclí neamh-bhus faoi léasanna oibriúcháin agus (ii) an muirear léasa oibriúcháin is iníoctha leis an NTA a bhaineann le comhaontú léasaithe bus a thosaigh in 2017.

## 23 Ráthaíochtaí agus Dliteanais Theagmhasacha

Amhail dáta an chláir comhardaithe tá iasachtaí ar fiú €8 milliún iad (2022: €12 milliún) ag Grúpa CIÉ.

Bíonn an chuideachta ina páirtí, ó am go ham, in imeachtaí éagsúla dlí a bhaineann le ceisteanna tráchtála a bhfuiltear ag déileáil leo agus á gcosaint sa ghnáthchúrsa gnó. Déantar stádas imeachtaí ar feitheamh nó imeachtaí faoi bhagairt a athbhreithniú ar bhonn rialta le dlíodóirí Ghrúpa CIÉ. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh na caillteanais, más ann dóibh, a eascróidh as na nithe sin níos mó go hábhartha ná na soláthairtí a rinneadh sna ráitis airgeadais.

Déantar caiteachas caipitiúil Bhus Átha Cliath i leith an Fhlít OSP roimh 2017 a chistiú trí dheontais chaipitil ón Údarás Náisiúnta Iompair. Cuirtear an cistiú sin ar fáil ag teacht le forálacha an Chonartha Dámhachtana Dírí. i bhfeidhm ó 1 Nollaig 2019. Eascraíonn dliteanais theagmhasacha áirithe faoi na comhaontuithe sin.

Bhunaigh an Chonradh Dámhachtana Dírí soláthairtí chomh maith le róchúiteamh do sheibhísí iompair poiblí a sheachaint faoi conarthaí OSP. Creideann na stiúrthóirí gur fíorbheag an baol atá ann go bhfeidhmeoidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair a chearta faoi na comhaontuithe a bhaineann leo.

## 24 Idirbhearta páirtithe gaolmhara

I ngnáthchúrsa an ghnó, ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann. Ar na haonáin is tábhachtaí díobh sin tá An Post, sn tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath. Is páirtí gaolmhar suntasach é an NTA trína aontaigh Bus Átha Cliath conradh 5 bliana ar son 100% de ghníomhaíocht trádála seirbhíse poiblí na cuideachta tríd Conradh Dámhachtana Dírí ar son iompar paisnéirí i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá an conradh seo ó 1 Nollaig 2019 go Samhain 2024. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil candam na gceannachán sin lasmuigh den an Chonartha Dámhachtana Dírí ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

Tá an chuideachta díolmhaithe ó cheangaltais nochta alt 33.9 de FRS 102 maidir le hidirbhearta leis na heintitis ar páirtithe gaolmhara iad de bhua smacht, comhrialú nó tionchar suntasach a bheith ag an Stát céanna ar an eintiteas tuairiscithe agus an eintiteas eile.

## 25 Ballraíocht i nGrúpa CIÉ

Is fochuideachta ar lánúinéireacht ag CIÉ é Bus Átha Cliath agus léirítear sna ráitis airgeadais éifeachtaí na ballraíochta sa Ghrúpa.

I gcás roinnt feidhmeanna uileghrúpa amhail Cisteán, Dlí, Maoin agus Pinsin, is í an Chuideachta Sealbhaíochta a chuireann i gcrích iad ar bhonn seirbhísí comhroinnte áit ar ghearrtar leithroinnt comhaontaithe ar an chuideachta agus fochuideachtaí eile. Is féidir cóipeanna de ráitis airgeadais chomhdhlúite CIÉ a fháil ó Rúnaí na Cuideachta ag Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8, Éire.

## 26 Teagmhais iarchláir comhardaithe

I mí na Bealtaine 2024 thángthas ar chomhaontú leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis na caillteanais trádála carntha atá ar fáil a tugadh ar aghaidh. Bhí na caillteanais sin tagtha chun cinn mar gheall ar ioncam fóirdheontais a láimhseáil mar ioncam nach raibh faoi dhliteanas cánachais. Laghdaigh na caillteanais ar aghaidh ó €1,543.8 milliún go €606.2 milliún le héifeacht ón 1 Eanáir 2023. Ní aithníonn an chuideachta sócmhainn chánach iarchurtha i ndáil le caillteanais ar aghaidh mar go bhfuil éiginnteacht ag baint leis an téarnamh amach anseo i gcoinne brabúis inchánach. Dá bhrí sin, ní raibh mír choigeartaithe leis na ráitis airgeadais mar thoradh air sin. Cuireadh tionchar airgeadais an chomhaontaithe seo san áireamh sa nochtadh cánachais i nóta 10 de na ráitis airgeadais.

Níl an bord stiúrthóirí ar an eolas faoi aon imeachtaí suntasacha eile ó dheireadh na bliana airgeadais ar gá iad a choigeartú nó a nochtadh sna ráitis airgeadais.

## 27 Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 29 Bealtaine 2024.

# Nótaí

# Nótaí

**Bus Átha Cliath**
**59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach**
**Baile Átha Cliath 1**

**www.dublinbus.ie**